


Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

# An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

## Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

# 2023

AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2023

© An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 2024

Ainneoin go ndéantar gach iarracht cruinneas an ábhair atá le fáil san fhoilseachán seo a chinntiú, ní féidir cruinneas iomlán a ráthú. Ní ghlacann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ná an t-údar/na húdair le freagracht ar bith as caillteanas ná as damáiste a tharla, nó a mhaítear a tharla, i bpáirt nó go hiomlán, mar thoradh ar dhuine ar bith a bheith ag gníomhú nó gan bheith ag gníomhú, mar thoradh ar aon ábhar atá san fhoilseachán seo. Féadfar an foilseachán seo ar fad, nó cuid de, a atáirgeadh gan cead breise a fháil, ar choinníoll go ndéantar an fhoinse a admháil.

Arna fhoilsiú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Éire

Arna dhearadh ag Yellowstone

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil,
Bosca PO 3000,
Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin,
Co. Loch Garman,
Éire

Íomhánna le caoinchead ó fhoireann na GCC

Íomhá ar an gclúdach – Loch na Móna, Co. Chiarraí
Grianghraf le Ruth Little

ISBN: 978-1-80009-171-9

Rinneadh struchtúrú agus ailíniú ar leagan amach na tuarascála seo chun Plean Straitéiseach na GCC 2022–2026 a léiriú

# Buaicphointí

PRÍOMH-FHIGIÚIRÍ
## Gníomhaíocht GCC



**2,332**
fiosrú comhshaoil ón bpobal

**1,200+**
Cigireacht ar shaoráidí Tionsclaíocha agus Dramhaíola ceadúnaithe

205 cuairt ar láithreáin fuíolluisce uirbeacha agus 154 cuairt ar láithreáin uisce óil



**19**
Ionchúiseamh as cionta comhshaoil

**Os cionn €1bn**
Soláthar airgeadais de €1bn curtha i leataobh ar mhaithe le teagmhas ar shuíomh ceadúnaithe nó suíomh ceadúnaithe a tréigeadh a ghlanadh suas

**127**
Údarú Comhshaoil eisithe

**300+**
Chabhraigh 300+ eolaí saoránaigh linn chun cáilíocht aeir a thomhas i gCathair na Gaillimhe



**2,500+**
Monatóireacht déanta ag an GCC ar 2,500+ Loch, abhainn, inbhear agus dobharlach

**418**
tacar sonraí de chuid an GCC ar data.gov.ie



**€18.9 Milliún**
Bronnta ar thaighde comhshaoil nua

**113**
stáisiún cáilíochta aeir chomhthimpeallaigh a chuireann sonraí fíor-ama ar fáil

**Suas go 3 Lá**
Seirbhís nua de chuid an GCC a chuireann réamhaisnéisí cáilíochta aeir ar fáil suas le 3 lá roimh ré

# Buaicphointí

## PRÍOMH-FHIGIÚIRÍ
## Gníomhaíocht GCC

**1,200,000**
Cuairt ar www.epa.ie

**86,000+**
leantóir ar na Meáin Shóisialta

**LEAP**
Tairseach nua ar líne de chuid an GCC a sholáthraíonn trédhearcacht agus rochtain níos éasca don phobal maidir le faisnéis forfheidhmithe comhshaoil

**Nua**
**Critéir Dheiridh Dramhaíola** nua le aghaidh Cumascáin Athchúrsáilte arna bhfógairt

**Nua**
**Critéir Fotháirgí** nua le haghaidh pleanáil bóithre arna bhfógairt

## PRÍOMH-FHIGIÚIRÍ a Tuairiscíodh in 2023

**1.9%**
Laghdú in Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa na hÉireann in 2022



**29%**
Laghdú in Astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 réamh-mheasta ag GCC - i gcomparáid leis an sprioc 51%

**1/3** de theaghlaigh nach bhfuil rochtain acu ar sheirbhís bailiúcháin dramhaíola orgánaí*

**Níos lú ná 28%** de phacáistiú plaisteach á athchúrsáil†

**79%**
d'uiscí snámha, bhí cáilíocht uisce den chaighdeán is airde acu*

**99.7%**
Comhlíonadh de 99.7% ag soláthairtí uisce óil




**170,000**
Meastar go mbeidh leibhéil arda radóin ag 170,000 Teach Cónaithe

**sonraí 2022, †sonraí 2021*

## Ár gCuspóir

An comhshaol a chosaint, a fheabhsú agus a athchóiriú trí rialúchán, eolas na heolaíochta agus obair le dreamanna eile

## Ár bhFís

Mairimid ar bhealach inbhuanaithe i gcomhshaol sláintiúil a n-aithníonn gach duine a luach agus atá faoi chosaint

## Ár Luachanna & Ár n-Iompraíochtaí

### Gairmiúil

**Bíonn ardchaighdeán ag baint lenár gcaidrimh agus lenár gcuid oibre**

- Glacaim freagracht as mo chuid oibre agus táim freagrach as mo chuid cinntí
- Éistim le daoine eile agus tá meas agam ar éagsúlacht tuairimí

### Iontaofa

**Bímid ag gníomhú ar bhealach ionraic mar cheannaire neamhspleách agus cuirimid an comhshaol chun cinnt**

- Tá mo chinntí bunaithe ar an bhfianaise agus fíricí is fearr atá ar fáil
- Tá mé ionraic agus trédhearcach i mo chaidreamh le dreamanna eile

### Dírithe ar an gCustaiméir agus ar Pháirtithe Leasmhara

**Éistimid go gníomhach lenár gcustaiméirí agus páirtithe leasmhara agus tuigimid iad chun seirbhísí iontacha a dhearadh agus a chur ar fáil**

- Cuirim dearctha ár gcustaiméirí agus ár bpáirtithe leasmhara san áireamh i ngach rud a dhéanaim
- Oibrím chun luach pobail agus ár bhfís a chur ar fáil

### Comhoibríoch

**Oibrímid le chéile le dreamanna eile chun ár gcomhshaol agus sláinte a chosaint**

- Oibrím le dreamanna eile chun torthaí níos fearr a chur ar fáil
- Roinnim mo chuid ama, acmhainní agus eolais chun tacú le mo chomhghleacaithe

### Nuálach

**Bímid i mbun nuálaíochta agus téimid i dtaithí ar chúrsaí chun ár bhfís agus straitéis a chur ar fáil**

- Bainim triail as smaointe nua chun an bealach a ndéanaim mo chuid oibre a fheabhsú, agus mé eolach nach mbeidh sé i gceart agam i gcónaí
- Tacaím le agus cosnaím nuálaíocht chun ár bhfís a chur chun feidhme

## Liosta na ngiorrúchán

| | |
|---|---|
| **RFC** | Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol |
| **FSFM/AMR** | Frithsheasmhacht Fhrithmhiocróbach/ Antimicrobial Resistance |
| **CÉF/API** | Comhéadain Fheidhmchláir/ Application Programming Interfaces |
| **CIR** | An Coiste um Iniúchóireacht & Riosca |
| **ICAS** | Innéacs Chaighdeán an Aeir don tSláinte |
| **TFF** | Na Teicnící is Fearr atá ar Fáil |
| **GLC** | Gnó le Custaiméir |
| **TAGE** | An Treoir um Aer Glan don Eoraip |
| **PGA'** | An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide |
| **CTFTA** | An Coinbhinsiún ar Thruailliú Fadraoin Trasteorann an Aeir |
| **RTBM** | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara |
| **RCAC** | An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide |
| **RTRÁO** | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta |
| **RBATNE** | An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta |
| **CCDUT** | Córais Chóireála Dramhuisce Tí |
| **GEC** | An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil |
| **EIONET** | An Gréasán Eorpach um Fhaisnéis agus um Fhaire ar an gComhshaol |
| **CFR** | An Coiste Feidhmiúcháin Riosca |
| **CCD** | Cinneadh maidir le Comhroinnt Díchill an AE |
| **ITES** | An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta |
| **STA AE** | Scéim an AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí |
| **F-ghás** | Gás fluairínithe |
| **SF** | Saoráil Faisnéise |
| **OGManna** | Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe |
| **CÚIECR** | Ceannairí na nÚdarás Inniúil Eorpach um Chosaint ar Radaíocht |
| **HFC** | Hidreafluaracarbóin |
| **ÚSS** | An tÚdarás Sláinte & Sábháilteachta |
| **FSS/HSE** | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| **MÉAA** | Measúnú na hÉireann ar Athrú Aeráide |
| **CICRN** | An Coimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint ar Radaíocht Neamhianúcháin |
| **TFC** | Teicneolaíocht na Faisnéise & na Cumarsáide |
| **TAT** | An Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha |
| **LCÉ** | Líonra Comhshaoil na hÉireann |

| | |
|---|---|
| **BNÉC** | Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú |
| **RCT** | Rialú Comhtháite ar Thruailliú |
| **PIAA** | An Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide |
| **CTÉ** | An Chomhairle um Thaighde in Éirinn |
| **JAI** | Junior Achievement Ireland |
| **TC** | Tionscnaimh Chomhchláraithe |
| **MT** | Meabhrán Tuisceana |
| **Coibhéis Mt CO2** | Coibhéis Dé-ocsaíd Charbóin Milliún Tona |
| **GDM** | Gléasra Dócháin Meánmhéide |
| **INGA** | An t-Idirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide |
| **UNA** | An Treoir maidir le hUasteorainn Náisiúnta Astaíochtaí |
| **NERCG** | An Grúpa Náisiúnta Comhordaithe um Thaighde Comhshaoil |
| **LCFCÉ** | An Líonra um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú Comhshaoil na hÉireann |
| **SNRR** | An Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin |
| **SÍÓ** | Substaintí ídithe ózóin |
| **ECFE** | An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta |
| **OOP** | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| **SSPF** | Substaintí sár- agus pola-fhluarailcilithe |
| **TOM** | Truailleán Orgánach Marthanach |
| **CSAT** | An Clár um Scaoileadh agus Aistriú Truailleán |
| **LBC** | Liosta na mBeart Ceartaitheach |
| **PBA** | Plean Bainistíochta Abhantraí |
| **CMÚSC** | Na rialacháin maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán |
| **SSG** | Srian ar Shubstaintí Guaiseacha |
| **MST** | Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta |
| **FEÉ** | Fondúireacht Eolaíochta Éireann |
| **CS** | Comhaontú Seirbhíse |
| **GSF** | Giniúint Shealadach Fuinnimh |
| **CENAE** | Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip |
| **CCNAAA** | Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide |
| **TCFUU** | Treoir um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh |
| **DTLL** | Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach |
| **CTU** | An Chreat-treoir Uisce |
| **CCF** | Córas Cóireála Fuíolluisce |



# CLÁR NA NÁBHAR


1. RÁITEAS AN ARD-STIÚRTHÓRA 1

2. COMHSHAOL ATÁ SLÁINTIÚIL AGUS FAOI CHOSAINT 8
   - 2.1 Ceadúnú 8
   - 2.2 Forfheidhmiú 11
   - 2.3 Faireachán agus Measúnú 19

3. GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE 30
   - 3.1 Fardail agus Réamh-Mheastacháin 30
   - 3.2 Seirbhísí Oiriúnaithe agus Aeráide 31

4. TÁIRGÍOCHT AGUS CAITHEAMH INBHUANAITHE 36
   - 4.1 Clár an Gheilleagair Chiorclaigh 36
   - 4.2 Rialachán Geilleagar Chiorclaigh 36
   - 4.3 An Geilleagar Ciorclach & Staitisticí Dramhaíola 37
   - 4.4 Geilleagar Ciorclach a Chur i bhFeidhm 39

5. TIONCHAR ÉIFEACHTACH 44
   - 5.1 Comhpháirtíochtaí agus Líonrú 44
   - 5.2 Sonraí agus Faisnéis Thráthúil, Spriocdhírithe 48
   - 5.3 Cumarsáid agus For-rochtain 54
   - 5.4 Taighde 56

6. CULTÚR SÁRMHAITHEASA 60
   - 6.1 Struchtúr na hEagraíochta 60
   - 6.2 Acmhainní Daonna 62
   - 6.3 Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide 63
   - 6.4 Rialachas 64

7. AGUISÍNÍ 68

8. RÁITIS AIRGEADAIS 73



# 1. RÁITEAS AN ARD-STIÚRTHÓRA



Rinneadh comóradh ar thríocha bliain bunaithe na GCC i mí Aibreáin 2023. 30 bliain ar aghaidh, tá cúram na GCC chun comhshaol na hÉireann a chosaint, a fheabhsú agus a athshlánú, le rialachán, eolas eolaíochta agus comhoibriú le daoine eile, níos ábhartha ná riamh. Ainneoin go bhfuil méadú tagtha ar ár dtéarmaí tagartha, níl aon athrú tagtha ar an bpríomhobair atá á déanamh againn. Tá gníomhaíochtaí á rialú againn a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le truailliú suntasach. Cuirimid sonraí tráthúla agus iontaofa, agus sonraí ar féidir brath orthu, ar fáil faoi chúrsaí comhshaoil na hÉireann. Oibrímid le daoine eile chun ár gcomhshaol a chosaint agus a chaomhnú. Tá eolas le fáil thíos, agus laistigh den tuarascáil seo, faoin dul chun cinn a rinneadh in 2023 i ndáil le téarmaí tagartha na GCC.

## 1.1 Comhshaol atá Sláintiúil agus Faoi Chosaint

Tá dlúthbhaint ag sláinte agus folláine an duine le staid ár dtimpeallachta. Tá sé mar aidhm ag an GCC uisce níos glaine agus aer níos glaine a chur ar fáil agus neamhchosaint ar radaíocht, torann, ceimiceáin agus pataiginí díobhálacha a laghdú trí rialáil, forfheidhmiú, faireachán agus measúnú.

### Ceadúnú

Príomhfheidhm de chuid na GCC í rialáil an chomhshaoil, lena n-áirítear measúnú, údarú agus forfheidhmiú ar ghníomhaíochtaí. Chomh maith leis sin, is í an GCC údarás forfheidhmithe agus feidhmithe an Chórais AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí (AE-CTA).

Príomhghníomhaíocht de chuid na GCC i rith 2023 ba ea slándáil an tsoláthair leictreachais agus rinneadh rannpháirtíocht shuntasach leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC), leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntais (CRF), le Eirgrid agus leis an earnáil chumhachta. In 2023 eisíodh trí cheadúnas do ghléasra Giniúna Éigeandála Sealadaí (GÉS) agus trí chinneadh déag molta maidir le giniúint cumhachta ag ionaid sonraí.

Léiríodh i dtorthaí na suiteálacha a bhí clúdaithe ag AE CTA i gcomhair 2022 gur laghdaigh astaíochtaí gás ceaptha teasa ó chuideachtaí Éireannacha 4% (600,000 tona) i gcomparáid le 2021.

### Forfheidhmiú

Trí úsáid a bhaint as cur chuige rioscabhunaithe maidir le cigireachtaí ar an láthair, díríonn an GCC ar láithreáin nach bhfuil a gceanglais cheadúnais á gcomhlíonadh acu, le freagairt do theagmhais, éigeandálaí agus gearáin shuntasacha chomhshaoil a tharlaíonn ar an láthair.

Ainneoin go n-oibríonn formhór na gceadúnaithe go maith agus de réir a gceadúnais, níor oibrigh líon beag acu ar an tslí agus sna cásanna sin d'fheidhmigh an GCC raon iomlán a cumhachtaí forfheidhmithe, agus rinneadh 19 a chiontú in 2023. I gcás ceannródaíoch i mí Meithimh 2023, i ndiaidh fiche bliain a chaitheamh i mbun imscrúdaithe a raibh an GCC agus An Garda Síochána páirteach ann, cuireadh téarma príosúnachta trí bliana ar iar-Stiúrthóir Neiphin Trading Limited, oibritheoir saoráid dramhaíola i mBaile Chairdif, Co. Chill Dara, agus bhí an dá mhí dhéag dheireanacha ar fionraí i ndáil le gach ceann den trí chúiseamh a bhain le cionta comhshaoil tromchúiseacha.

Mar chuid den obair leanúnach atá á déanamh ag an GCC chun rochtain phoiblí ar an bhfaisnéis atá inár seilbh a fheabhsú, seoladh LEAP Ar líne (An Tairseach Rochtana Ceadúnaithe agus Forfheidhmithe) i rith na bliana chun deis a thabhairt don phobal féachaint ar fhaisnéis faoi chigireachtaí láithreáin, faireachán, teagmhais, neamhchomhlíonadh, achoimrí gearáin agus imscrúduithe comhlíonta ar shaincheisteanna a tugadh faoi deara ag láithreáin cheadúnaithe na GCC.

Rialáil an GCC beagnach 900 saoráid thionsclaíoch agus dramhaíola in 2023 agus bhí na hiarrachtaí forfheidhmithe dírithe ar na príomh-shaincheisteanna tosaíochta maidir le bainistíocht dramhaíola ag saoráidí bainistíochta dramhaíola, baint mhóna neamhúdaraithe agus aon áit a raibh tionchar ag gníomhaíochtaí ceadúnaithe ar cháilíocht an uisce.

Tháinig reachtaíocht nua maidir le hUisce Óil i bhfeidhm i mí Márta, rud ba chúis le cumhachtaí forfheidhmithe níos fearr a bheith ag an GCC. I rith 2023, chuir an GCC 154 iniúchadh ar uisce óil i gcrích.

In 2023, dhírigh na cigireachtaí ar láithreáin fuíolluisce ar cheantair ina bhfuil tionchar ag fuíolluisce ar cháilíocht an uisce faoin gCreat-treoir Uisce; ar fheidhmíocht oibríochtúil na n-ionad cóireála; faireachán comhlíonta ar sceitheadh agus freagairt do ghearáin agus do theagmhais. Ainneoin gur ábhar dóchais é an dul chun cinn leanúnach atá á dhéanamh ag Uisce Éireann i ndáil le stop a chur leis an gcleachtas do-ghlactha a bhaineann le séarachas amh a bheith á scaoileadh isteach sa chomhshaol, tá fuíolluisce fós ag cur brú suntasach ar uiscebhealaí na hÉireann agus tá tionchar díobhálach ag a leithéid ar cháilíocht an uisce. Ní mór dlús a chur leis an luas ag a bhfuil feabhsuithe á ndéanamh ag Uisce Éireann chun truailliú a chosc agus chun cáilíocht an uisce a chosaint.

Tá méadú tagtha ar líon na dteipeanna sa chóras cóireála fuíolluisce tí le breis is dhá bhliain anuas, bliain i ndiaidh bliana, agus ní mór do na húdaráis áitiúla ábhartha déileáil leis na teipeanna seo.

I rith 2023, rinneadh cigireachtaí cosanta radaíochta i roinnt earnálacha agus leagadh béim ar chur chun feidhme na Rialachán nua maidir le Radaíocht Ianúcháin agus na treorach gaolmhaire ón GCC, agus cosaint radaíochta oibríochtúil i réimsí ardriosca cosúil le raideolaíocht idirghabhálach, cairdeolaíocht agus radagrafaíocht ar shuíomh tionsclaíoch.

Ina ról mar mhaoirseoir ar ghníomhaíochtaí comhshaoil an údaráis áitiúil, admhaíonn an GCC an ról riachtanach atá aici i ndáil leis an gcomhshaol a chosaint. Ní mór, áfach, d'údaráis áitiúla tús áite a thabhairt do agus acmhainní a chur ar fáil d'fheidhmeanna comhshaoil ionas gur féidir leo na tosaíochtaí forfheidhmithe náisiúnta a sheachadadh. Ina measc seo tá deighilt agus athchúrsáil dramhaíola a fheabhsú, an tionchar talmhaíochta ar cháilíocht an uisce a laghdú agus sláinte an phobail a chosaint ó thruailleáin aeir dhíobhálacha.

## 1.2 Faireachán agus Measúnú

### Cáilíocht an Aeir

Soláthraíonn Clár Faireachán Náisiúnta ar Cháilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh na GCC faisnéis fhíor-ama áitiúil faoi cháilíocht an aeir bunaithe ar 115 stáisiún faireacháin aeir chomhthimpeallaigh atá á reáchtáil ag an GCC ar fud na tíre.

In 2023, seoladh réamhaisnéis náisiúnta ar cháilíocht an aeir – i gcomhair suas le trí lá – chun níos mó faisnéise a chur ar fáil don phobal maidir le cáilíocht an aeir a rabhthas ag súil léi in Éirinn. Cinneadh sa *tuarascáil bhliantúil ar cháilíocht an aeir*, a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2023, ainneoin gur chomhlíon Éire a ceanglais dhlíthiúla AE in 2022, nár chomhlíon sí treoirlínte sláinte níos déine maidir le Cáilíocht an Aeir na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS). Is gníomhaíochtaí iad níos lú breosla sholadaigh agus breoslaí níos glaine a úsáid chun ár mbailte a théamh agus laghdú a dhéanamh ar an úsáid atá á baint againn as carranna chun dul chomh fada leis an scoil, leis an ionad oibre agus le hionaid spraoi, a chabhróidh linn treoirlínte EDS a chomhlíonadh.

### Uisce óil

Tá cáilíocht an uisce óil i soláthairtí poiblí fós an-ard, rud a chiallaíonn gur féidir leis an bpobal a bheith muiníneach go bhfuil an t-uisce óil atá á chur ar fáil ina mbailte sábháilte le hól. Tá dul chun cinn maith déanta ag Uisce Éireann chomh fada is a bhaineann le bonneagar nua riachtanach uisce óil a chur ar fáil cosúil leis an ionad nua ag Bóthar na Laoi i gCorcaigh.

É sin ráite, tá an GCC ag leanúint ar aghaidh, trína clár cigireachta agus faireacháin, le hionaid uisce óil a shainaithint atá i mbaol agus a bhfuil gá le feabhsuithe agus le huasghráduithe iontu. Ní mór do Uisce Éireann tús áite a thabhairt d'infheistíocht sna hionaid sin chun seasmhacht na soláthairtí óil a fheabhsú ar mhaithe le soláthar sábháilte agus slán a chur ar fáil amach anseo. Ní mór do Uisce Éireann iarracht níos fearr a dhéanamh chun feabhsuithe a chur chun feidhme ag soláthairtí chun neamhchosaint ar Thríhalaimeatáin (THM) a íoslaghdú.

Tá imeachtaí sáraithe an Choimisiúin Eorpaigh i gcoinne na hÉireann maidir le THM in uisce óil curtha faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa. Sonraítear i gcás an Choimisiúin gur theip ar Éirinn na bearta riachtanacha a ghlacadh chun comhlíonadh THM a chinntiú maidir le 31 soláthar uisce phoiblí agus 13 ghrúpscéim uisce phríobháideacha. Thacaigh an GCC leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO) chun nuashonruithe a chur ar fáil maidir le comhlíonadh THM mar chuid dá haighneachtaí chuig an gCoimisiún. Leanfaidh an GCC ar aghaidh ag díriú ar chomhlíonadh THM mar chuid dá gníomhaíochtaí forfheidhmithe.

Lena chois sin, ní mór do Uisce Éireann dlús a chur le rolladh amach a phlean maolaithe luaidhe (Pb).

### Cáilíocht an Uisce

Léiríodh in *Cáilíocht an Uisce in 2022: Tuarascáil Táscairí* a foilsíodh i mí Meithimh 2023, nár tugadh aon athrú suntasach faoi deara ar cháilíocht bhitheolaíoch ár n-aibhneacha ná lochanna in 2022. Bhí an ráta meatha ag teacht leis an ráta feabhais, tríd is tríd. Chomh maith leis sin, tugadh faoi deara go raibh na tiúchaintí níotráite agus fosfáite ró-ard in 40% agus in 28% de na haibhneacha faoi seach. D'iarr an GCC ar an earnáil talmhaíochta agus ar Uisce Éireann gníomhú chun caillteanais an dá chothaithigh sa chomhshaol a laghdú.

### Uisce Snámha

Léiríodh sa *Tuarascáil ar Uisce Snámha*, a foilsíodh i mí na Bealtaine 2023, go raibh cáilíocht uisce den scoth ag 79% de na láithreacha snámha agus go gcomhlíonann 97% acu

an t-íoschaighdeán. Glactar leis go mbaineann an feabhas leanúnach seo ar cháilíocht an uisce snámha le bainistiú feabhsaithe na n-uiscí snámha le blianta fada anuas, mar aon le hinfheistíocht i gcóireáil fuíolluisce uirbigh.

### Fuíolluisce Uirbeach

Léiríodh sa *Tuarascáil ar Chóireáil Fuíolluisce Uirbeach in 2022*, a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2023, as measc an 173 ceantar uirbeach mór a bhí faoi réir na gcaighdeán cóireála agus eisiltigh sa Treoir um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh (TCFUU), go raibh an caighdeán cóireála á chomhlíonadh ag breis is 158 ceantar. Is ionann an 15 cheantar ar theip orthu agus 55% den fuíolluisce ar fad a bailíodh i gceantair uirbeacha mhóra na hÉireann, agus ba i mBaile Átha Cliath (An Rinn) a tugadh formhór den teip seo faoi deara. Tá sé beartaithe oibreacha ag An Rinn (atá freagrach as breis is 40% d'fhuíolluisce uirbeach na hÉireann) a chur i gcrích in 2025. Beidh na hoibreacha seo mar bhonn le TCFUU a bheith á comhlíonadh ag Éire a fheabhsú go suntasach.

Cuireadh stop le sceitheadh de shéarachas amh ag deich gceantar i rith 2023, rud a fhágann nach mór 19 gceantar a nascadh le cóireáil. Laghdaigh líon na gceantar tosaíochta ó 148 in 2017 go dtí 80 ag deireadh 2023. Tá infheistíocht i mbonneagar cóireála fuíolluisce mar bhonn le feabhsuithe leanúnacha ar ár gcomhshaol agus is féidir le Uisce Éireann feabhsuithe suntasacha a dhéanamh ar chóireáil fuíolluisce ar fud na tíre idir anois agus deireadh na chéad timthrialla infheistíochta eile in 2029 trí acmhainní a spriocdhíriú ar na réimsí tosaíochta a bhfuil aird tarraingthe ag an GCC orthu.

### Radaíocht

Rinne an GCC dul chun cinn suntasach maidir leis an Líonra Náisiúnta Faireacháin Radaíochta a uasghrádú i rith 2023 agus úsáideadh ionstraimíocht nua agus cuireadh láithreáin faireacháin bhreise san áireamh. Tá sonraí ón líonra á n-aistriú go huathoibríoch chuig an gCoimisiún Eorpach gach uair an chloig agus cuirfear na sonraí seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na GCC in 2024.

Nuashonraigh an GCC na *léarscáileanna riosca radóin* a bheidh le húsáid le treoir theicniúil na rialachán foirgníochta, arna bhfoilsiú ag RTRÁO, a bheidh i bhfeidhm i ndáil le gach foirgneamh agus síneadh nua a gcuirtear tús leo ón 1 Deireadh Fómhair 2023. Tá an GCC fós ag moladh gur cheart do gach úinéir tí a dtithe a thástáil le haghaidh radóin.

### Radaíocht neamhianúcháin

I rith 2023, d'fhoilsigh an GCC torthaí an chláir faireacháin ar Radaíocht Neamhianúcháin (RNI) a bhí dírithe ar mhinicíochtaí a úsáidtear le haghaidh teileachumarsáide. Léiríodh sna torthaí go raibh na leibhéil ag gach láithreán uirbeach a tomhaiseadh go maith faoi bhun teorainneacha treoirlíne idirnáisiúnta.

## 1.3 Gníomhú ar son na hAeráide

Cuimsítear i ról na GCC chomh fada is a bhaineann le dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an Athrú Aeráide: fardail agus réamh-mheastacháin na hÉireann maidir le gás ceaptha teasa a ullmhú; astaíochtaí ó earnálacha tionsclaíocha a rialáil; tacú le taighde ar an eolaíocht aeráide; tacú leis an oiriúnú don athrú aeráide agus tacú le hathrú iompraíochta agus an Plé Náisiúnta ar an Athrú Aeráide a éascú. Bunaíodh foireann nua, Eolaíocht Aeráide agus Anailís Beartais, laistigh den GCC ag deireadh 2023, chun léargas níos fearr a thabhairt ar astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann, an eolaíocht aeráide is déanaí agus léargas do bheartas.

### Fardail agus meastacháin ar astaíochtaí

Léiríodh i bhfardal sealadach maidir le gás ceaptha teasa i gcomhair 2022, a foilsíodh i mí Iúil 2023, laghdú 1.9% ar astaíochtaí idir 2021 agus 2022. Tugadh laghduithe astaíochta faoi deara i ngach príomhearnáil seachas Iompar. Tarraingíodh aird sa tuarascáil, áfach, ar an bpointe gur úsáideadh 47% de Bhuiséad Carbóin na hÉireann i gcomhair 2021-2025, sa chéad dhá bhliain. Tá gá anois le laghdú bliantúil an-dúshlánach de 12.4%, i gcomhair gach bliain atá fágtha má tá Éire chun fanacht ag feidhmiú laistigh den Bhuiséad. Tugtar le fios i réamh-mheastacháin na GCC go bhféadfadh Éire a sprioc bhunaidh i ndáil le Rialachán an AE maidir le Comhroinnt Díchill, laghdú astaíochta 30% faoin 2030 (i gcomparáid le 2005) a chomhlíonadh, má úsáidtear gach beart agus solúbthacht, lena n-áirítear solúbthacht TUATUF. Ionas gur féidir an sprioc laghdaithe astaíochta AE nua, 42%, a chomhlíonadh, beidh gá le cur chun feidhme iomlán agus tapa bhearta Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 agus beidh sé riachtanach tuilleadh beart a chur chun feidhme freisin. Dá bharr sin, tá gá le dul chun cinn níos tapa i ndáil leis na gníomhartha atá leagtha amach i bpleananna náisiúnta gníomhaithe ar son na haeráide chun gach earnáil de gheilleagar na hÉireann a dhícharbónú agus a athrú ionas go mbeidh oibleagáidí Náisiúnta agus AE á gcomhlíonadh.

### Seirbhísí Oiriúnaithe agus Aeráide

Foilsíodh *Léarscáileanna Tuairime Aeráide* i mí Eanáir 2023 mar an tríú príomh-aschur de staidéar ar a dtugtar An tAthrú Aeráide in Intinn an Éireannaigh – a rinne an GCC agus Clár Cumarsáide an Athraithe Aeráide Ollscoil Yale chun tacú leis an bPlé Náisiúnta ar an nGníomhú ar son na hAeráide. Is féidir na léarscáileanna a úsáid chun scrúdú amhairc a dhéanamh ar na sonraí a tiomsaíodh i rith an tsuirbhé ar a dtugtar An tAthrú Aeráide in Intinn an Éireannaigh. Tá pictiúr comhsheasmhach le fáil sna léarscáileanna ar fud na tíre ar na hardleibhéil tuisceana ar an athrú aeráide agus ar an tacaíocht don ghníomhú ar son na haeráide agus is beag athraithe atá le tabhairt faoi deara sa chomhthéacs bunaithe ar áit chónaithe daoine.

D'athfhorbair agus d'athsheol an GCC Ardán Oiriúnaithe Náisiúnta *Aeráid Éireann* i mí na Samhna 2023. Seoladh Líonra Oiriúnaithe Aeráid Éireann (LOAÉ) ag an gcéad seimineár bliantúil a d'eagraigh LOAÉ i mBaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair 2023. Tá breis is 250 ball páirteach sa líonra anois agus is fóram tábhachtach comhroinnte faisnéise a bheidh ann chun cabhrú le saineolas oiriúnaithe a fhorbairt ag leibhéal cleachtóra in earnálacha éagsúla in Éirinn. In 2023, chuir an GCC críoch leis an obair ullmhúcháin a raibh sé mar aidhm léi an Measúnú Riosca Náisiúnta ar an Athrú Aeráide (MRNAA) a chur ar fáil faoi thús 2025.

Thacaigh an GCC le forbairt na heolaíochta aeráide idirnáisiúnta agus rinne sí ionadaíocht ar son na hÉireann ag príomhchruinnithe iomlánacha de chuid Phainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (PIRAA) na NA maidir le cur i gcrích an tséú Timthrialla Measúnaithe agus cur i gcrích a tuarascála Sintéise agus tús a chur lena chéad Timthriall Measúnaithe eile, an seachtú Timthriall Measúnaithe

Sholáthair an GCC, mar bhall den toscaireacht náisiúnta agus d'Fhoireann an AE, tacaíocht shaineolach le haghaidh na n-idirbheartaíochtaí ar thoradh an chéad athbhreithnithe domhanda faoi Chomhaontú Pháras ag cruinniú COP28.

Threoraigh an GCC forbairt chéad tuarascáil na hÉireann ar an *Measúnú ar an Athrú Aeráide (MAAÉ)* a cuireadh i gcrích i mí na Nollag 2023. Tá léargas cuimsitheach, dírithe ar Éirinn, agus ar an stát, le fáil sa tuarascáil seo, mar aon le roghanna freagartha agus na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ag eascairt as na roghanna freagartha seo.

Maoiníonn agus comhordaíonn an GCC taighde aeráide in Éirinn. Tríd is tríd, chuir an GCC maoiniú luach €9.4m ar fáil do thaighde a bhain leis an aeráid in 2023 (suas ó €7.4 milliún in 2022). Cuireadh tiomsú agus anailís sonraí i gcrích in 2023 don tuarascáil dar teideal 'Taighde Aeráide in Éirinn 2022' atá le foilsiú i mí Feabhra 2024.

### An GCC a Ghlasú

Tá an GCC tiomanta do bhainistíocht dramhaíola níos fearr, do bhithéagsúlacht mhéadaithe, d'úsáid fuinnimh laghdaithe agus d'astaíochtaí carbóin a laghdú 30% faoin mbliain 2026. I measc na dtionscadal éifeachtúlachta fuinnimh agus dícharbónaithe atá críochnaithe go dtí seo tá soilse LED atá tíosach ar fhuinneamh a shuiteáil, painéil fhótavoltacha ghréine a sholáthar, ár gcreatlach foirgnimh a fheabhsú agus téamh ísealcharbóin a úsáid (e.g., bithmhais agus teaschaidéil leictreacha). Tá sé beartaithe ag an GCC níos mó úsáide a bhaint as painéil fhótavoltacha ghréine i ngach foirgneamh sna blianta beaga amach romhainn. Seachadadh laghdú 10% ar úsáid fuinnimh, i gcomparáid le 2021, in 2023.

Bhí na hastaíochtaí carbóin iomlána ó ghníomhaíochtaí na GCC in 2022, 37% níos ísle ná an bhuntréimhse 2016-2018 mar gheall ar mheascán d'obair chumaisc, dícharbónú na heangaí agus bearta éifeachtúlachta fuinnimh.

## 1.4 Táirgíocht agus Caitheamh Inbhuanaithe

I ngeilleagar ciorclach, úsáidtear níos lú amhábhar, deartar táirgí ag féachaint do shaolré fhada agus in-athchúrsáilteacht, comhroinntear iad, úsáidtear iad ar feadh tréimhse níos faide, deisítear iad agus athúsáidtear iad. Déantar ábhar agus táirgí a athchúrsáil a oiread agus is féidir agus ní dhéantar ach an codán nach féidir a athchúrsáil a dhiúscairt.

Tá freagracht reachtúil ar an GCC as faireachán, tiomsú agus bailíochtú sonraí maidir le hacmhainní agus sruthanna dramhaíola a ghineann teaghlaigh, gnólachtaí agus tionsclaíocht. Tarraingíodh aird i *dTuarascáil Bhuaicphointí Staitisticí an Gheilleagair Chiorclaigh agus Dramhaíola 2021*, a foilsíodh i mí na Samhna 2023, ar an bpointe go bhfuil giniúint dramhaíola fós ag dul i méid, nach bhfuil na rátaí athchúrsála ag teacht leis an méadú sin agus nach bhfuil an chuma ar scéal go n-éireoidh le hÉirinn spriocanna éigeantacha athchúrsála AE a chomhlíonadh – atá le cur i bhfeidhm ó 2025 – do dhramhaíl chathrach, pacáistíocht agus pacáistíocht phlaisteach.

Léiríodh i dtorthaí an staidéir dar teideal *Tréithriú Dramhaíola Cathrach*, a foilsíodh i mí Mheán Fómhair, gur beag athraithe atá tagtha ar chleachtais bhainistíochta dramhaíola tí agus tráchtála ó 2018. D'fhéadfaí breis is dhá thrian de na boscaí bruscair dramhaíola ginearálta a chur i mboscaí bruscair dramhaíola athchúrsála agus orgánacha. Lorg an GCC gníomh práinneach ar mhaithe le deighilt agus feidhmíocht athchúrsála a fheabhsú chun spriocanna a bhaineann le ráta athchúrsála cathrach a chomhlíonadh mar aon leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach.

Ina ról reachtúil mar cheannaire chomh fada is a bhaineann le hiarrachtaí coisc dramhbhia na hÉireann, d'iarr an GCC ar chuideachtaí agus ar eagraíochtaí atá páirteach i soláthar an bhiashlabhra an *Chairt Dramhbhia* a shíniú agus gealltanas a thabhairt chun dramhbhia a thomhas, spriocanna a shonrú agus gníomhú chun dramhbhia a laghdú. Is príomhghníomh é an Chairt Dramhbhia faoi Threochlár Náisiúnta na hÉireann um Dhramhbhia a Chosc. Reáchtáladh an *Fóram Dramhbhia* débhliantúil i mí na Samhna mar imeacht ar líne.

Tá na forálacha reachtúla atá in úsáid chun measúnú a dhéanamh ar cibé acu an féidir nó nach féidir ábhair a dhearbhú mar stádas deireadh dramhaíola nó fotháirge ag cabhrú leis an ngeilleagar ciorclach. I rith na bliana,

d'fhoilsigh an GCC critéir náisiúnta a cheadaíonn athúsáid shábháilte asfailt ó phlánáil bóithre (plánáilte bóithre) mar fhotháirge agus critéir deireadh dramhaíola le haghaidh cumascán athchúrsáilte. Tacaíonn an dá rud le cosc dramhaíola agus éascaíonn siad athúsáid ábhar i dtionscadail tógála nua, de réir an gheilleagair chiorclaigh.

Faoi Phleananna um Ghníomhú ar son na hAeráide an Rialtais, sanntar freagracht don GCC chun gníomhaíocht Soláthair Phoiblí Ghlais (SPG) arna déanamh ag ranna rialtais a thomhas agus a thuairisciú ar bhonn bliantúil. Léiríodh sa *dara tuarascáil*, don bhliain tagartha 2021, leibhéal íseal cuimsithe de chritéir ghlasa i gconarthaí a chaill deis chun earraí, seirbhísí agus oibreacha níos éifeachtúla ar acmhainní agus nach bhfuil chomh truaillitheach céanna a cheannach sa mhargadh. I mí na Samhna, d'óstáil an GCC imeacht dar teideal 'SPG i gCleachtas' le haghaidh soláthraithe na hearnála poiblí chun cás-staidéir agus faisnéis a roinnt faoi uirlisí agus acmhainní chun tacú le cur chun feidhme SPG.

## 1.5 Tionchar éifeachtach

Mar fhoinse iontaofa, neamhspleách agus trédhearcach d'fhianaise agus d'fhaisnéis timpeallachta, déanann an GCC a dícheall an timpeallacht a fheabhsú trí oibriú le daoine eile agus tionchar réamhghníomhach a imirt ar bheartas, reachtaíocht agus athrú iompraíochta.

### Comhpháirtíochtaí agus Líonrú

Chuir an GCC aighneachtaí ar fáil do roinnt comhairliúchán agus forbairtí beartais eile lena n-áirítear aighneachtaí maidir le: ráiteas Straitéisí do ranna rialtais (RCAC, RTRÁO agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM)), Plean Gníomhaíochta Bithgheilleagair, beartas maidir le Turasóireacht Inbhuanaithe agus Straitéis agus Plean Gníomhaíochta an tSoláthair Phoiblí Ghlais.

I rith 2023, d'fhreastail an GCC ar an gComhchoiste Oireachtais um Thalmhaíocht, Bia agus Muir i ndáil leis an Tuarascáil Faireacháin um Cháilíocht an Uisce ar Thiúchaintí Nítrigine agus Fosfair in Uiscí na hÉireann 2022, agus ar an gComhchoiste Oireachtais um an gComhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide maidir le Tuarascáil ar Chaillteanas Bithéagsúlachta Thionól Saoránach na hÉireann.

Tá an GCC ag obair go gníomhach le roinnt sainghrúpaí oibre nó coistí comhairliúcháin faoi stiúir rann rialtais nó arna n-éascú ag an GCC, lena n-áirítear Líonra um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú Comhshaoil na hÉireann (LCFCÉ).

Cuireadh dianphróiseas nuachóirithe i bhfeidhm i ngréasán tíre na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil (GEC), ar a dtugtar an Gréasán Eorpach um Fhaisnéis agus um Fhaire ar an gComhshaol (Eionet), an príomhghréasán san Eoraip chomh fada is a bhaineann le heolas comhshaoil agus aeráide atá ábhartha do bheartas, agus athsheoladh an gréasán go hoifigiúil ag tús 2023. Tá rannpháirtíocht na hÉireann leathnaithe go suntasach agus tá saineolaithe anois ag déanamh ionadaíocht ar 22 eagraíocht i ranna rialtais, gníomhaireachtaí stáit agus institiúidí tríú leibhéal lena n-áirítear ocht n-eagraíocht nua in Eionet in 2023.

Tá freagracht ar an GCC oibriú le comhpháirtithe Éireannacha agus idirnáisiúnta chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí a bhaineann le sábháilteacht suiteálacha núicléacha thar lear agus páirtithe leasmhara ábhartha a choinneáil ar an eolas faoina n-impleachtaí d'Éirinn. Sa chomhthéacs seo, i rith 2023, rinne an GCC faireachán ar áitíocht stáisiún cumhachta núicléiche Zaporizhzhya agus ar imeachtaí sa Úcráin.

### Taighde

Soláthraíonn an GCC clár taighde atá freagrach agus sofhreagrúil a sholáthraíonn tacaíocht eolaíoch riachtanach d'fhorbairt beartais chomhshaoil agus do chinnteoireacht níos ginearálta. Tá ról níos tábhachtaí atá ag dul i méid ag taighde agus nuálaíocht eolaíoch i ndáil le bonn eolais a chur faoin gcaoi ar féidir le rialtais agus leis an tsochaí freagairt do na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide agus díghrádú comhshaoil.

In 2023, bhronn an GCC maoiniú luach €18.9 milliún ar thionscadail taighde nua agus d'fhoilsigh sí 21 tuarascáil taighde. Tá an GCC ag leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhpháirt le roinnt eagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun taighde comhshaoil a chómhaoiniú. Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2023 chomh fada is a bhain le gníomhaíochtaí aistrithe eolais straitéiseacha, agus díríodh ar an bhfianaise eolaíoch a bailíodh mar thoradh ar thaighde maoinithe ag an GCC a aistriú go dtí an córas beartais.

### Cumarsáid agus For-rochtain

Is é suíomh gréasáin an GCC an príomhchainéal cumarsáide chun faisnéis a roinnt leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara agus tugadh breis is 1,200,000 cuairt ar a suíomh gréasáin i rith 2023. Lean an GCC ar aghaidh ag cur le agus ag obair le spriocphobail nua trí na meáin shóisialta chun eolas maidir leis an obair atá á déanamh ag an GCC a roinnt.

Thacaigh an GCC le tionscadail eolaíochta saoránach i gcomhpháirt le heagraíochtaí eile. D'fhoilsigh an tionscadal dar teideal Clean Air Together, le hAonad Oideachais Comhshaoil An Taisce, torthaí ó bhreis is 500 cónaitheoir ar fud Chathair Chorcaí a thomhas leibhéil de Dhé-ocsaíd Nítrigine ($NO_2$). Bogadh an tionscadal seo go dtí Cathair na Gaillimhe in 2023 agus thosaigh an GCC ag obair leis an gComhairle Cathrach chun deis a thabhairt d'eolaithe saoránaigh páirt a ghlacadh sa tionscadal. Bhailigh breis is 300 eolaí saoránaigh tomhais i rith mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2023.

Trí bheith ag obair le spriocphobal nua agus níos óige, rinne an GCC urraíocht ar ghradam comhshaoil ag comórtas Eolaí Óg BT agus Gradam Iriseoireachta Comhshaoil do Ghradaim Náisiúnta Meán do Mhic Léinn. Chomh maith leis sin, d'oibrigh an GCC i gcomhpháirt le ECO-UNESCO agus Junior Achievement Ireland chun feasacht ar an gcomhshaol a mhéadú.

## 1.6 Cultúr Sármhaitheasa

Tacaíonn an GCC le cultúr de bharr feabhais, atá bunaithe ar áit oibre atá tacúil, ionchuimsitheach agus solúbtha. Tá ar chumas na mball foirne luachanna agus iompraíocht na GCC a léiriú, luach poiblí a sheachadadh agus fís maidir le timpeallacht inbhuanaithe agus shláintiúil do chách a thabhairt chun beochta.

I mí Mheán Fómhair 2023, thosaigh David Flynn ag obair le Bord na GCC mar Stiúrthóir na hOifige um Inbhuanaitheacht Comhshaoil. Ar aon dul le téarmaí tagartha na GCC, atá ag dul i méid, ceadaíodh 66 post breise, rud a chiallaigh go raibh an líon foirne ceadaithe cothrom le 520.

I mo ról mar Ard-Stiúrthóir, is mian liom aitheantas a thabhairt don obair mhór atá déanta ag foireann na GCC i rith 2023 agus dá tiomantas, agus le mo Chomhstiúrthóirí as a dtiomantas agus as a dtacaíocht i ndáil lenár gcuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh.

Is mian liom gach rath a ghuí ar ár gcomhghleacaithe a chuaigh ar scor i rith 2023 i ndiaidh blianta fada a chaitheamh i mbun seirbhíse tiomanta. Ar deireadh, is mian liom buíochas a ghabháil le foireann na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus le foireann na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta as tacú linn go leanúnach.

**Laura Burke**
Ard-Stiúrthóir na GCC




# 2 Comhshaol atá Sláintiúil agus Faoi Chosaint

**Cuirimid comhshaol atá sláintiúil agus faoi chosaint ar fáil**
Cuirimid uisce níos glaine, aer níos glaine ar fáil agus tá nochtadh laghdaithe againn maidir le radaíocht dhíobhálach, torann, ceimiceáin agus pataigin agus rialú, forfheidhmiú, monatóireacht agus measúnú á dhéanamh againn

# 2. COMHSHAOL ATÁ SLÁINTIÚIL AGUS FAOI CHOSAINT

## 2.1 Ceadúnú

Tá téarmaí tagartha fairsinge ag Oifig um Inbhuanaitheacht Comhshaoil na GCC agus tá foireann na hoifige seo freagrach as raon cúraimí a bhaineann le húdarú gníomhaíochtaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an gcomhshaol nó ar shláinte an duine (Tábla 1 agus Tábla 2). Cuimsítear san obair seo oibleagáidí na hÉireann a chur chun feidhme faoi Threoracha AE éagsúla trí mheasúnachtaí comhshaoil a dhéanamh sula gceadaítear údaruithe nó sula ndiúltaítear dá leithéid. Cuimsítear san obair seo Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus Measúnacht Chuí.

### Údarú Gníomhaíochtaí

Bhí an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha (TAT) mar bhonn le hathruithe nua agus suntasacha ar an tslí a bhfuil gníomhaíochtaí tionsclaíocha á rialú in Éirinn. Ceanglaíonn an IED ar an GCC athmhachnamh a dhéanamh agus, más gá, coinníollacha a gceadúnas tionsclaíoch a nuashonrú laistigh de cheithre bliana ó am a fhoilsítear conclúidí na dTeicnící is Fearr atá ar Fáil (BAT). Cinnteoidh na hathruithe seo go gcuimsítear sna ceadúnais na bearta ar fad atá riachtanach chun ardleibhéal cosanta don chomhshaol a chinntiú.

I rith 2023, leagadh béim ar Chinntí Cur Chun Feidhme (CCCFanna) a thrasuí go dtí na ceadúnais ábhartha. In 2023, bhí na CCCFanna ábhartha á gcomhlíonadh ag na ceadúnais loiscthe dramhaíola ar fad, mar aon le formhór an mhórghléasra dócháin, agus thart ar 60 ceadúnas diantalmhaíochta.

Thángthas ar chomhaontú maidir le téacs comhréitigh foriomlán sealadach maidir leis an Treoir TAT athbhreithnithe ar an 15 Nollaig 2023. Is iad príomhaidhmeanna an nuashonraithe sin cur i bhfeidhm iomlán agus comhsheasmhach an TAT ar fud na mBallstát, teicneolaíochtaí níos glaine a chur chun cinn, tacú le fás inbhuanaithe, raon feidhme na dTreoracha a leathnú agus trédhearcacht sonraí a fheabhsú. D’oibrigh an GCC i ndlúthpháirt leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) chun aiseolas maidir leis an Treoir nuashonraithe a chur ar fáil.

Príomhghníomhaíocht de chuid na GCC i rith 2023 ba ea slándáil an tsoláthair leictreachais agus rinneadh rannpháirtíocht shuntasach leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC), leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntais, Eirgrid agus leis an earnáil chumhachta. In 2023 eisíodh trí cheadúnas do ghléasraí Giniúna Éigeandála Sealadaí (GÉS) agus trí chinneadh dhéag maidir le giniúint cumhachta ag ionaid sonraí.

In 2023, tá 36 Gléasra Dócháin Meánmhéide (GDM) cláraithe. Cuimsíodh dhá chéad agus a caoga ceathair GDM ar an gclár i láithreáin cheadúnaithe TAT. Bhí a bhformhór acu seo in ionaid sonraí a bhí ceadúnaithe in 2023.

In 2023, d’fhoilsigh an GCC Córas Scórála Tosaíochta Iarratais ina dtugtar breac-chuntas ar chritéir thosaíochta iarratas ceadúnais na GCC le haghaidh suiteálacha TAT, RCT agus Ceadúnaithe Dramhaíola. Cuireann na critéir tosaíochta seo ar chumas na bpáirtithe leasmhara go léir na gnéithe de ghníomhaíocht a bhreithnítear le linn chéim phleanála chlár oibre ceadúnaithe na GCC a fheiceáil go soiléir.

Tá achoimre ar chinntí ceadúnaithe agus ceadaithe comhshaoil a rinneadh in 2023 le fáil i dTábla 1 thíos agus san áireamh tá méaduithe ar shuiteálacha ardphróifíle, roinnt iarratas stairiúil seanbhunaithe agus gníomhaíochtaí infheistíochta úrnua sna hearnálacha dramhaíola, ceimiceán cógaisíochta agus cumhachta. In 2023, thug an GCC tús áite do cheadúnais a eisiúint san earnáil fuinnimh.

Leanadh ar aghaidh le dul chun cinn a dhéanamh in 2023 i ndáil le Líonadh Talún Stairiúil agus eisíodh trí dhréachtdeimhniú údaraithe in 2023; i gcomhair An Geata Bán, Co. an Chláir (H0035-01), Bóthar an Bhriotáis, Co. Thiobraid Árann (H0381-01) agus Áth Eascra, Co. Chiarraí (H0194-01). Lena chois sin, cinneadh nár chomhlíon dhá iarratas a cuireadh isteach an sainmhíniú ar ‘líonadh talún dúnta’, arna leagan amach i Rialacháin Bhainistíochta Dramhaíola (Deimhniú ar Dhiúscairt Dramhaíola Neamhcheadúnaithe Stairiúil agus Gníomhaíocht Aisghabhála), 2008, agus d’aistarraing na hiarrthóirí iad ina dhiaidh sin do láithreáin atá lonnaithe ag Páirc Mhuire, Luimneach (H0005-01) agus An Pháirc Theas, Gaillimh (H0171-01). Fuarthas iarratas nua amháin in 2023 rud a chiallaigh go raibh an líon iarratas líonta talún stairiúil ar láimh cothrom le 54 ag deireadh na bliana.

Bhain toilithe eisithe i ndáil le gníomhaíochtaí a bhain le hOrgánaigh Ghéinmhodhnaithe (OGM)/ Miocrorgánaigh Ghéinmhodhnaithe (MGM) le saoráidí taighde den chuid

is mó agus bhain riosca íseal nó diomaibhseach leo. Lena chois sin, eisíodh 1 thoiliú a bhaineann le gníomhaíocht MGM Aicme 3 (lenar bhain riosca measartha) do chuideachta a bhí ag tairiscint seirbhísí tástála don tionscal bia.

In 2023, d'eisigh an GCC cúig chead dumpála ar muir agus tá ceithre chead eile ar láimh aici ag deireadh na bliana. Síníodh an Bill um Chomhshaol Uisce (Astógálacha agus Gaibhnithe Gaolmhara), ina dhlí i mí na Nollag 2022. Tá na Rialacháin lena gcuirtear tosach feidhme leis an Acht fós le foilsiú. Rinne an GCC obair ullmhúcháin i rith 2023 chun cur ar a cumas glacadh le hiarratais agus measúnuithe a dhéanamh.

Lean an GCC ar aghaidh ag tacú lena seirbhís gréasáin chun iarratais ar cheadúnais a dhéanamh go leictreonach agus chun ábhar a phróiseáil agus cumarsáid a dhéanamh go leictreonach le gach páirtí leasmhar. D'éascaigh sé seo seirbhís níos éifeachtúla a chur ar fáil dár gcustaiméirí agus cumasaíonn sé tuairisciú sonraí níos éifeachtúla agus níos cruinne don Choimisiún Eorpach.

**Tábla 1.** An Clár um Cheadúnú Comhshaoil (gníomhaíochtaí ceadúnaithe 2023)

| Cineál ceadúnais | Líon iomlán na n-iarratas a fuarthas 2023 | Líon iomlán na n-agóidí a fuarthas 2023 | Líon iomlán na gCinntí Beartaithe a eisíodh 2023 | Líon iomlán na gCinntí Críochnaitheacha a eisíodh 2023 |
|---|---|---|---|---|
| Ceadúnais TAT/RCT (Dramhaíl Éire san áireamh) | 34 | 14 | 52 | 54 |
| Ceadúnais Dramhaíola | 1 | 0 | 0 | 0 |
| Ceadúnais Fuíolluisce | 12 | N/B | N/B | 5 |
| Deimhnithe Údarúcháin Fuíolluisce | 2 | N/B | N/B | 0 |
| Ceadanna OGM (Úsáid shrianta) | 42 | N/B | N/B | 33 |
| Ceadanna OGM (Scaoileadh beartaithe) | 0 | N/B | N/B | 1 |
| Deimhnithe Ionaid Stairiúla Líonta Talún | 1 | 2 | 3 | 0 |
| Ceadanna do Dhumpáil ar Farraige | 6 | N/B | N/B | 7 |
| Deimhnithe Clárúcháin (Dramhaíl) | 31 | N/B | N/B | 2 |
| Ceadanna do Comhdhúile Orgánacha So-Ghalaithe (VOC) | 6 | N/B | 7 | 7 |
| Ceadanna gás ceaptha teasa | 50 | N/B | N/B | 25 |
| **Iomlán** | **185** | **16** | **62** | **134** |

N/B, ní bhaineann le hábhar.

**Tábla 2.** An Oifig um Inbhuanaitheacht Comhshaoil (gníomhaíochtaí rialála eile 2023)

| Tascanna | Iomlán na dtascanna ar a ndearnadh measúnú orthu in 2023 |
|---|---|
| Iarratais faoi Airteagal 11 | 61 |
| Leasuithe ar Astaíochtaí Tionsclaíocha (IE)/Cosc Comhtháite ar Thruailliú (IPC) | 106 |
| Leasuithe i dtaca le dramhaíl | 3 |
| Leasuithe maidir le hIonaid Chóireála Fuíolluisce | 2 |
| Leasuithe maidir le Dumpáil san Fharraige | 2 |
| De Réir Fógraí Táirge – Cás Aonair | 447 |
| Iarratas Deiridh Dramhaíola – Cás Aonair | 31 |
| Aistriú | 7 |
| Achomhairc maidir le Truailliú Aeir | 0 |
| Comhfhreagras pleanála fiosraithe | 48 |
| Gléasra Dócháin Meánmhéide cláraithe | 36 |
| **Iomlán** | **743** |

## Trádáil Astaíochtaí

Is í an GCC Údarás forfheidhmithe agus feidhmithe Chóras an AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí (EU ETS) in Éirinn agus, dá bhrí sin, cuireann sí rialacha an AE i bhfeidhm chun go mbeidh cionroinnt chomhoiriúnaithe saor de liúntais astaíochtaí ann.

In 2023, ceanglaíodh ar 107 suiteáil sheasta (tionscail, stáisiúin chumhachta agus úsáideoirí ardfhuinnimh eile) a n-astaíochtaí $CO_2$ a thuairisciú don bhliain féilire roimhe sin. Chloígh gach suiteáil leis na spriocdhátaí um thuairisciú agus thabhairt suas. Léiríodh i dtorthaí na suiteálacha a bhí clúdaithe ag CTA i gcomhair 2022 gur laghdaigh astaíochtaí gás ceaptha teasa ó chuideachtaí Éireannacha 4% (600,000 tona) i gcomparáid le 2021.

Tháinig méadú 94% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ón earnáil eitlíochta i gcomparáid le 2021, fianaise ar fhás leanúnach na hearnála seo i ndiaidh thionchar Covid-19. Tagann na hastaíochtaí sin ó eitiltí áit ar bith laistigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, áit a bhfuil ceadúnas

oibriúcháin ó Údarás Eitlíochta na hÉireann laistigh den AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí.

Gníomhaíonn an GCC (mar aon leis an Roinn Iompair agus Údarás Eitlíochta na hÉireann) mar Údarás Inniúil don Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA). Ba é an 31 Lúnasa 2023 spriocdháta tuairiscithe CORSIA inar ceanglaíodh ar gach Ballstát sonraí iomlána bliantúla comhiomlána $CO_2$ do gach Oibreoir Aerárthaí sannta a thíolacadh. Rinne an GCC na seiceálacha riachtanacha agus thiomsaigh sí an tuarascáil chomhiomlán sular cuireadh faoi bhráid na Roinne Iompair í lena tíolacadh don Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI) trí Chlárlann Lárnach CORSIA.

Cheadaigh an Coimisiún liosta na suiteálacha atá i dteideal roinnt lamháltas carbóin saor in aisce sa tréimhse leithdháilte reatha (an Tábla Náisiúnta Leithdháilte 2021-2025) ar an 29 Meitheamh 2021. Ós rud é gur féidir le leibhéil táirgeachta, agus dá bhrí sin leibhéil astaíochtaí $CO_2$, a bheith éagsúil ó bhliain go bliain tá na rialacha do Chéim IV (2021-2030) leagtha amach chun ró-leithdháileadh a laghdú i gcás athruithe, mar a ríomhtar iad sa bhunlíne, ar na leibhéil ghníomhaíochta, agus leithdháileadh a mhéadú áit a bhfuil arduithe suntasacha ar an leibhéal gníomhaíochta. Ceanglaítear ar oibreoirí tuarascáil fíoraithe ar athruithe ar leibhéal gníomhaíochta a chur faoi bhráid na GCC gach bliain. Maidir le gach bliain, ní mór don GCC measúnú a dhéanamh ar gach tuarascáil fíoraithe ar athruithe ar leibhéal gníomhaíochta don 67 oibreoir reatha atá liostaithe sa Tábla Leithdháilte Náisiúnta agus breithniú a dhéanamh maidir lenar cheart leithdháileadh na bliana sin a choigeartú. Cuirtear gach coigeartú in iúl don Choimisiún lena bhformheas. Cuireadh fiche a naoi tuarascáil dá leithéid ar fáil i gcomhair 2023.

Reáchtáiltear ceantáil na liúntas CTA ar ardán ceantála coiteann. Is é Ardán Fuinnimh na hEorpa (AFE) an t-ardán ceantála coiteann atá in úsáid faoi láthair chun liúntais a cheantáil thar ceann an 25 Ballstát de AE. Rianaíonn an GCC ceantáil chuóta liúntas na hÉireann gach seachtain.

Úsáidtear Clárlann an Aontais mar uirlis chomhlíontachta do shuiteálacha do-aistrithe agus d'oibreoirí aerárthaigh arna rialú faoi CTA AE. Tá oibleagáid dhlíthiúil ar an hOibreoirí Do-aistrithe agus Aerárthaigh seo chun cuntas a oscailt ar Chlárlann an Aontais chun a gcuid oibleagáidí comhlíontachta a chomhlíonadh i ndáil le hastaíochtaí gás ceaptha teasa. Feidhmíonn an GCC, mar Riarthóir Náisiúnta, ardleibhéal grinnscrúdaithe i ndáil le hincháilitheacht chun cuntais chlárlainne a oscailt agus rochtain orthu a chothabháil de réir cheanglais Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 ón gCoimisiún. Bhí 517 úsáideoir, arna mbainistiú ag an GCC, ag fearann na hÉireann de Chlárlann an Aontais, ag deireadh 2023.

Clárlann ar leithligh ach comhthreomhar í Clárlann an Chinnidh maidir le Comhroinnt Díchill (CCD) na hÉireann faoi Chinneadh maidir le Comhroinnt Díchill an AE 2013-2020. Leagtar amach in CCD spriocanna ceangailteacha maidir le hastaíocht gás ceaptha teasa do gach Ballstát le haghaidh astaíochtaí nach bhfuil san áireamh in CTA AE cosúil le hiompar, foirgnimh, talmhaíocht agus bainistiú dramhaíola. Rinne an GCC, mar Riarthóir Náisiúnta, na hidirbhearta riachtanacha ar Chlárlann CCD chun léargas a thabhairt ar chomhlíontacht CCD 2020 na hÉireann a chuir críoch leis an bpróiseas cuntasaíochta faoi Chinneadh maidir le Comhroinnt Díchill 2013-2020 an AE. Tá tuilleadh faisnéise le fáil i *Loga Beartaíochta an Aontais Eorpaigh* (LBAE)

Tá ról gníomhach ag an GCC i Sainghrúpaí agus Tascfhórsaí an AE um Athrú Aeráide atá ríthábhachtach chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach Threoir CTA a chinntiú agus tacú le reachtaíocht.

Mar chuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55' *leasaíodh go suntasach* an Treoir CTA AE in 2023 agus ceapadh an GCC mar Údarás Náisiúnta Inniúil do CTA Muirí, don Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha agus don síneadh ar CTA chun breoslaí a chlúdach a chuirtear ar fáil do na hEarnálacha seo a leanas: Tógáil, Iompar ar Bóthar agus Earnálacha Breise (ar a dtugtar "ETS2" go coitianta).

## Údaruithe um Chosaint Radaíochta

Déanann an córas atá i bhfeidhm ar mhaithe le húdaruithe um chosaint radaíochta dhá chineál údaraithe a cheadú: clárú agus ceadúnú. Tá eolas le fáil i dTábla 3 faoi na húdaruithe a cuireadh i gcrích in 2023. Foirm údaraithe níos simplí atá i gclárú agus tá níos lú dualgas trom riaracháin ag gabháil leis, agus é cuí le haghaidh cleachtas nach bhfuil chomh casta ó thaobh nádúir agus a bhfuil sé cruthaithe go bhfuil siad réasúnta sábháilte. Baineann ceadúnú le cleachtais ardriosca. Is fianaise iad na táillí údaraithe ar an leibhéal riosca a bhaineann leis na cineálacha cleachtas atá á gcur i gcrích agus, dá bhrí sin, ar an leibhéal maoirseachta rialála atá riachtanach.

**Tábla 3.** Údaruithe um Chosaint Radaíochta Nua, 2023


| Ceadúnais | Clárúcháin | Leasú Údaraithe | Údarú Dúnta |
|---|---|---|---|
| 5 | 60 | 598 | 18 |

## 2.2 Forfheidhmiú

### Forfheidhmiú Cheadúnas Tionsclaíoch agus Ceadúnas Dramhaíola


Chuir an GCC cúraimí rialála a bhain le 889 saoráid thionsclaíoch agus dramhaíola i gcrích i rith 2023. Is é cuspóir na GCC a chinntiú go gcuireann oibritheoirí a gcuid gníomhaíochtaí i gcrích de réir a gceadúnas. Cuirtear obair ar na cuspóirí seo a leanas i gcrích trí mheascán de chigireachtaí agus de threoir agus trí ghníomhartha forfheidhmithe a chur i gcrích más gá. Mar bhonn le cur chuige forfheidhmithe na GCC tá na prionsabail atá foilsithe ina *Beartas Comhlíonta agus Forfheidhmithe* agus atá leagtha amach i bhFíor 1. San áireamh i dTábla 4 tá líon na gcigireachtaí a rinneadh maidir le gníomhaíochtaí ceadúnaithe tionsclaíocha agus dramhaíola i rith 2023.

**Fíor 1.** Prionsabail Forfheidhmithe na GCC




Tugann an GCC tosaíocht don iarracht forfheidhmithe ar na láithreáin a chruthaíonn an riosca is mó don chomhshaol bunaithe ar an gcineál gníomhaíochta atá ceadúnaithe, suíomh na gníomhaíochta (i.e. gaireacht do dhaoine nó limistéir chosanta) agus stair forfheidhmithe an láithreáin (i.e. cibé acu ar tharla nó nár tharla neamhchomhlíonadh ag an láithreán roimhe sin). Le linn 2023, dhírigh an GCC a haird ar na príomhcheisteanna tosaíochta seo a leanas: bainistíocht dramhaíola ag saoráidí bainistíochta dramhaíola, baint neamhúdaraithe móna agus aon áit a raibh tionchar ag gníomhaíochtaí ceadúnaithe ar cháilíocht an uisce.

Úsáidtear Liosta Náisiúnta na Láithreán Tosaíochta chun iarracht forfheidhmithe na GCC a spriocdhíriú ar na láithreáin is measa ó thaobh feidhmíochta de chun dlús a chur le feabhsúcháin ar chomhlíonadh comhshaoil. Sa liosta rangaítear láithreáin tionsclaíocha agus dramhaíola in ord tosaíochta forfheidhmithe, bunaithe ar fhachtóirí cosúil le: gearáin (Tábla 5), teagmhais, imscrúduithe comhlíonta agus neamhchomhlíonadh leis an gceadúnas. Foilsíodh an liosta seo ar bhonn ráithiúil agus cuireadh 11 láithreán ceadúnaithe ar an liosta uair amháin ar a laghad le linn 2023, ar bhain a bhformhór leis na hearnálacha bia agus dí nó dramhaíola. Tá achoimre ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe na GCC le fáil sa ghrafaic eolais i bhFíor 2.




**Fíor 2.** Achoimre ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe Cheadúnas Tionsclaíoch agus Dramhaíola na GCC.

**Tábla 4.** Líon na gcigireachtaí de réir earnála a rinneadh in 2023.

| Gníomhaíocht | Líon na gcigireachtaí |
|---|---|
| Ceadúnais Thionsclaíocha agus Dramhaíola | 1,202 |
| Údarú faoi Sceitheadh Fuíolluisce Uirbeach | 205 |
| córais chóireála uisce óil | 154 |
| Ceadanna do Dhumpáil ar Farraige | 8 |
| Cead d'Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe | 17 |
| Ceadanna do Chomhdhúile Orgánacha So-Ghalaithe | 8 |
| Faireachán margaidh - ceimiceáin | 100 |
| Substaintí a Ídíonn Ózón agus Gás Fluairínithe | 58 |

**Tábla 5.** Líon na ngearán a fuarthas in 2023 agus líon na saoráidí a bhí faoi réir na ngearán sin de réir earnála.

| Gníomhaíocht | Líon na nGearán | Líon na saoráidí faoi réir na ngearán sin |
|---|---|---|
| Ceadúnais Thionsclaíocha agus Dramhaíola | 960 | 101 |
| Fuíolluisce Uirbeach | 156 | 57 |
| Uisce Óil | 19 | 4 |
| Substaintí a Ídíonn Ózón agus Gás Fluairínithe | 3 | N/B |
| **Líon iomlán na ngearán** | **1138** | |

## Uisce & Fuíolluisce

### Uisce Óil

Ag deireadh 2023, bhí líon na ndaoine a raibh soláthairtí uisce phoiblí ag freastal orthu ar Liosta Beart Ceartaitheach (LBC) na GCC cothrom le 561,000 (57 soláthar) i gcomparáid le 481,000 duine (58 soláthar) ag deireadh 2022. In 2023, baineadh deich soláthar de LBC mar gheall ar oibreacha feabhais/cuíchóirithe a rinne Uisce Éireann (UÉ), ach cuireadh naoi soláthar leis, go príomha mar gheall ar sháruithe Tríhalaimeatán (THM) nó cóireáil mhíchuí do Cripteaspóiridiam, rud a bhí ag teacht leis an treocht a tugadh faoi deara in 2022.

Bhí 91 Fógra Fiuchta Uisce (FFU) i bhfeidhm i rith 2023, suas ó 79 in 2022, fógraí a raibh tionchar acu ar bhreis is 254,000 duine (Tábla 6). Is cosúil go bhfuil nasc idir an líon níos mó fógraí a eisíodh le blianta beaga anuas agus feasacht níos fearr ag UÉ ar theagmhais agus tuairisciú teagmhais de bhun níos mó gníomhaíochtaí forfheidhmithe a bheith a ndéanamh ag an GCC. Lena chois sin, bhí gníomhaíocht thionsclaíoch ag eascairt as díospóid cheardchumainn i lár 2023, tráth ar eisigh roinnt ionad cóireála uisce óil i bPort Láirge, Tiobraid Árann agus Corcaigh Fógraí Fiuchta Uisce (14) dá dtomhaltóirí mar bheart réamhchúramach. Is FFU réasúnta gearr a bhí iontu seo, fógraí a mhair idir 1-8 lá. Ainneoin nach bhfuil an GCC ag iarraidh FFUnna a fheiceáil, tá siad ríthábhachtach chun sláinte an phobail a chosaint nuair a chuirtear soláthairtí uisce óil i gcontúirt.

**Tábla 6.** Srianta Uisce agus Fógraí Fiuchta

| Fógraí Comhairleacha eisithe ag Uisce Éireann | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|
| **Fógraí maidir le hUisce a Fhiuchadh** | 70 fógra a raibh tionchar acu ar 211,000 duine. | 79 fógra a raibh tionchar acu ar 182,000 duine. | 91 fógra a raibh tionchar acu ar 254,000 duine. |
| **Srianta Uisce** | 26 fógra a raibh tionchar acu ar 17,954 duine. | 10 bhFógra a raibh tionchar acu ar 8,700 duine. | 12 Fhógra a raibh tionchar acu ar 2,500 duine. |

Bhí tionchar ag 12 shrian uisce ar thart ar 2,500 duine i rith 2023 - i gcomparáid le 10 shrian uisce in 2022 a raibh tionchar acu ar bhreis is 8,700 duine, figiúr arb ionann é agus feabhas leanúnach i gcomparáid le 2022/2021.

Ábhar imní don GCC an dul chun cinn mall atá á dhéanamh ag UÉ maidir le naisc luaidhe sa líonra poiblí a bhaint. In 2023, d'athsholáthair UÉ breis is 9,500 nasc luaidhe (thart ar 10,000 in 2022), rud a chiallaigh go raibh líon iomlán na n-athsholáthairtí cothrom le thart ar 61,000 as thart ar 180,000. Is beag seans atá ann go gcomhlíonfaidh UÉ a ghealltanas an phíobobair luaidhe phoiblí ar fad a bhaint faoin 2026.

Fógraíodh 52 sárú Lotnaidicídí a bhain le 23 soláthar uisce in 2023, i gcomparáid le 47 sárú Lotnaidicídí a fógraíodh in 2022 a bhain le 17 soláthar uisce. Tá Uisce Éireann, i gcomhar le páirtithe leasmhara eile, ag féachaint go príomha ar chur chuige dobharcheantair chun na sáruithe lotnaidicídí seo a réiteach.

Tá imeachtaí sáraithe an Choimisiúin Eorpaigh i gcoinne na hÉireann maidir le Tríhalaimeatáin (THM) in uisce óil curtha faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa. Sonraítear i gcás an Choimisiúin gur theip ar Éirinn na bearta riachtanacha a ghlacadh chun comhlíonadh THM a chinntiú maidir le 31 soláthar uisce phoiblí agus 13 ghrúpscéim uisce phríobháideacha. Thacaigh an GCC leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO) chun nuashonruithe a chur ar fáil maidir le comhlíonadh THM mar chuid dá haighneachtaí chuig an gCoimisiún.

I láthair na huaire, tá 25 soláthar ag freastal ar bhreis is 297,000 tomhaltóir ar LBC le haghaidh leibhéal ardaithe de THManna os cionn an chaighdeáin atá sonraithe sna Rialacháin maidir le hUisce Óil. Is ionann é seo agus méadú de bhreis ar 60,000 tomhaltóir atá i mbaol ó THManna ó dheireadh 2022 (23 soláthar). Leanfaidh an GCC ar aghaidh ag díriú ar chomhlíonadh THM mar chuid dá ngníomhaíochtaí forfheidhmithe.

## Sceitheadh Fuíolluisce Uirbigh

I rith 2023, chuir an GCC 205 cigireacht fuíolluisce ar an láithreán i gcrích agus díríodh ar cheantair ina nglactar le fuíolluisce mar bhrú chomh fada is a bhaineann leis an Chreat-treoir Uisce, cigireachtaí a dhírigh ar fheidhmíocht oibríochtúil gléasra cóireála, faireachán comhlíonta ar sceitheadh agus freagairt do ghearáin agus do theagmhais.

D'fhoilsigh an GCC *Tuarascáil maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh in 2022* ina sainaithnítear na saincheisteanna tosaíochta nach mór déileáil leo chun ár gcomhshaol a chosaint agus leagtar amach sa tuarascáil príomhghníomhartha molta do Uisce Éireann. Tugadh faoi deara sa Tuarascáil go raibh caighdeáin cháilíochta chóireála agus eisiltigh na Treorach maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh á gcomhlíonadh ag 158 as an 173 ceantar a bhí faoi réir na gcaighdeán in 2022.

Ceantar amháin ar theip air caighdeáin na Treorach a chomhlíonadh ba ea An Rinn - ceantar ina gcóireáiltear breis is 40% d'fhuíolluisce na hÉireann. Tá sé beartaithe na hoibreacha feabhais ag an ngléasra seo a chur i gcrích in 2025. Beidh na hoibreacha seo mar bhonn le comhlíonadh na hÉireann leis an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh a fheabhsú go suntasach.

Is é atá i Liosta na gCeantar Uirbeach Tosaíochta de chuid na GCC ná liosta na gceantar ina bhfuil bearta ag teastáil chun an timpeallacht agus an tsláinte phoiblí a chosaint ar iarmhairtí díobhálacha an sceite fuíolluisce. Laghdaigh an líon ceantar tosaíochta ó 148 in 2017 go dtí 80 in 2023 (Fíor 3). Go háirithe, laghdaigh líon na gceantar a bhfuil séarachas amh á sceitheadh acu ó 29 go dtí 19 in 2023. Tá faisnéis maidir le Liosta Ceantar Tosaíochta Uirbigh na GCC le fáil ar shuíomh gréasáin na GCC ag an nasc seo a leanas: *Liosta na gCeantar Uirbeach Tosaíochta*.




**Fíor 3.** Laghdú ar líon na gceantar tosaíochta ó 2017.


Ainneoin na bhfeabhsuithe thuasluaite, ní mór do Uisce Éireann dlús a chur le gníomhartha chun deireadh a chur le himpleachtaí fuíolluisce i limistéir thosaíochta agus dlús a chur le seachadadh na bhfeabhsuithe seo. Ba cheart tús áite a thabhairt do na hacmhainní agus don mhaoiniú chun na feabhsuithe seo a chur chun feidhme sa phlean infheistíochta atá le teacht ó Uisce Éireann (2025 - 2029).

## Córais Chóireála Fuíolluisce Baile (dabhcha séarachais)

D'fhoilsigh an GCC tuarascáil dar teideal *Cigireachtaí 2022 ar an gCóras Cóireála Fuíolluisce Tí (CCFUT)* in 2023. Leagann an tuarascáil béim ar na nithe seo a leanas:

- Bhain teip le 49% de na córais i dtaca leis an gcigireacht.
- Bhí 78% de na córais ar theip orthu i rith 2013- 2022 deisithe ag deireadh 2022, sin feabhas ó 75% in 2021.


Is ábhar imní fós é an teip fógraí comhairleacha níos sine a réiteach. Léirítear i bhFíor 4 go bhfuil líon na dteipeanna CCFUT atá oscailte le haghaidh níos mó ná dhá bhliain ag méadú bliain i ndiaidh bliana agus go raibh 550 teip ann ag deireadh 2022 agus ní mór do na húdaráis áitiúla ábhartha iad sin a réiteach. Ní mór go ndéanfadh údaráis áitiúla iarracht forfheidhmithe spriocdhírithe chun clabhsúr a chur leis na fógraí comhairleacha seo agus chun dabhcha séarachais lochtacha a dheisiú. Tacóidh maoiniú deontais méadaithe agus leasuithe ar na ceanglais chlárúcháin chun na fógraí comhairleacha seo a réiteach.




**Fíor 4.** Teipeanna an Chórais Cóireála Fuíolluisce Tí atá oscailte le haghaidh níos mó ná dhá bhliain ag deireadh gach bliana, 2016 - 2022.

## Dochar don Chomhshaol a Chosc Soláthar Airgeadais do Dhliteanais Chomhshaoil

Shainaithin an GCC gníomhaíochtaí tionsclaíocha agus dramhaíola tosaíochta a bhfuil dualgas orthu soláthar airgeadais leordhóthanach a chothabháil chun íoc as feabhsú nó iarchúram láithreán ceadúnaithe agus as aon ghlantachán a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil tar éis timpiste nó teagmhais. Ag deireadh 2023, sháraigh méid an tSoláthair Airgeadais urraithe ag an GCC €1.06 billiún (Fíor 5).




**Fíor 5.** Soláthar Airgeadais do Láithreáin Tosaíochta

## Faireachas Margaidh agus Ceimiceáin sa Chomhshaol

### Rialacháin maidir le Breosla Soladach

Tháinig na Rialacháin maidir le Breosla Soladach (leasú) i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2022. Is é ról na GCC clár breosla de tháirgeoirí a tháirgeann, a chóireálann nó a iompórtálann breosla soladacha, chothabháil. Chláraigh 79 rannpháirtí breosla sholadaigh (iompórtálaithe, soláthraithe mórdhíola agus miondíola) go rathúil in 2023, agus chuir 113 eile freagairtí tosaigh ar fáil ach níor cláraíodh iad go hiomlán.

### Ceimiceáin sa Chomhshaol

Tá sainchúram rialála ag an GCC do roinnt réimsí a chlúdaíonn substaintí guaiseacha sa timpeallacht agus táirgí. Áirítear ina measc ceimiceáin cosúil le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha (TOManna) agus roinnt substaintí a bhfuil measúnú déanta orthu faoin Rialachán maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú, agus Srianadh Ceimiceán (REACH).

Is grúpa mór de cheimiceáin de dhéantús an duine iad substaintí sár- agus pola-fhluarailcilithe (SSPF) a bhfuil na mílte díobh sainaitheanta go dtí seo. Tá róil na GCC i ndáil le SSPF bunaithe ar fhoinsí éagsúla agus déileáiltear leo i rith clár ar fud na GCC. I rith 2023, bhí rannpháirtíocht ann ar fud na GCC maidir le SSPF, rialachán comhshaoil (e.g., teorainneacha uisce óil nua le haghaidh SSPF agus caighdeáin mholta maidir le huisce dromchla agus screamhuisce), agus tograí éagsúla ag leibhéal AE le haghaidh tuilleadh srianta faoi CMÚSC le haghaidh níos mó substaintí SSPF. Tá trí shubstaint shonracha SSPF anois á rialú mar TOManna faoi Choinbhinsiún Stócólm. In 2023 leanadh ar aghaidh leis an obair a bhain le díriú ar an gcéim chun deireadh a chur le PFOA, ceann de cheimiceáin shrianta SSPF na TOManna seo. Bhí an obair seo dírithe ar dheireadh a chur le húsáid a bhaint astu i gcúr comhraicthe dóiteáin agus a chinntiú go bhfuil siad á dtuairisciú don GCC agus á n-úsáid, á mbainistiú agus á ndiúscairt i gceart. Leanadh ar aghaidh le staidéar faireacháin do shubstaintí guaiseacha in 2023 agus tá tús curtha le tionscadal chun staidéar a dhéanamh ar leibhéil SSPF sa timpeallacht.

D'ullmhaigh an GCC tuarascálacha le cur faoi bhráid coinbhinsiún idirnáisiúnta a chlúdaíonn truailleáin orgánacha mharthanacha (Coinbhinsiún Stócólm na Náisiún Aontaithe) agus mearcair (Coinbhinsiún Minamata na Náisiún Aontaithe). Tiomsaítear sna tuarascálacha seo faisnéis ó réimsí éagsúla den GCC agus ó eagraíochtaí eile lena n-áirítear Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, Foras na Mara, Custaim agus HSA.

Reáchtáladh dhá chruinniú d'Fhóram Náisiúnta na dTruailleán Orgánach Marthanach (TOManna) in 2023. Bunaíodh an Fóram seo ag deireadh 2022 chun páirtithe leasmhara a thabhairt le chéile a bhíonn ag obair ar rialacháin TOManna, agus é mar aidhm tacú le cur chun feidhme oibleagáidí na hÉireann faoi Choinbhinsiún Stócólm agus Rialachán TOM an AE. Bhí na cruinnithe a reáchtáladh in 2023 dírithe ar an líonra seo a threisiú agus a fhorbairt agus malartú faisnéise feabhsaithe idir baill a éascú. Cuireadh leis an mballraíocht in 2023 chun Uisce Éireann agus Clár Uisce an Údaráis Áitiúil (CUÚA) a chur san áireamh. Cuireadh tús, sa dara leath de 2023 le nuashonrú Phlean Feidhmithe Náisiúnta (PFN) na TOManna, obair a chuirfear i gcrích le hionchur agus le tacaíocht ó bhaill Fhóram TOM.

In 2023, bhí ceann de na tionscadail thábhachtacha a bhain le faireachas margaidh ar cheimiceáin i dtáirgí bunaithe ar Fholáirimh Safety Gate AE leantacha. Tugann córas mear-rabhaidh Safety Gate an Aontais fógra sa chás go sainaithnítear táirgí nach gcomhlíonann teorainneacha maidir le substaintí guaiseacha áirithe san Aontas Eorpach. I rith fheachtas an tionscadail seo, rinneadh cigireacht ar 100 dáileoir/ miondíoltóir agus tarraingíodh air ar 135 táirge trí Safety Gate a lorgaíodh chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an raibh nó nach raibh na táirgí seo ar fáil do thomhaltóirí in Éirinn. Bhí na táirgí seo fógartha le haghaidh neamhchomhlíonta faoin Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha, an Rialachán maidir le Truailleáin Orgánacha Mharfacha agus Rialachán REACH.

Chuir an GCC críoch le tuairisciú a bhain le tionscadal faireachais ar mhargadh an AE trí chéile ar a tugadh Tionscadal Rialachán CMÚSC TAG-10, i gcomhpháirt leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS) agus an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí. San áireamh sa tionscadal seo bhí seiceáil á déanamh ag údaráis forfheidhmithe náisiúnta ar tháirgí a díoladh le tomhaltóirí chun sáruithe ar dhlíthe ceimiceán a aimsiú. In 2022, thástáil an GCC raon trealaimh spóirt cosúil le bloic agus meáchain ióga. Ag eascairt as an tionscadal seo, in 2023 chuir an GCC trí cháschomhad TAG-10 faoi bhráid USS chun obair leantach a dhéanamh i ndáil leis an substaintí a braitheadh i ndáil lena téarmaí tagartha REACH. Tá an tionscadail deiridh foilsithe ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán anois.

I mí Dheireadh Fómhair, chomhóstáil an GCC agus ÚSS Comhdháil AE maidir le Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht, tráth ar díríodh ar reachtaíocht ceimiceán an AE. Óstáladh an chomhdháil mar fhreagairt ar Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht an Choimisiúin Eorpaigh. Chomh maith leis sin, nasctar an obair seo atá á déanamh le ÚSS le rannpháirtíocht agus ionchur níos ginearálta a bhaineann le ceimiceáin agus REACH.

### Freagracht Táirgeoirí

Tá freagrachtaí forfheidhmithe ag an GCC faoi na Rialacháin ar Dhramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL), Ceallraí agus Boinn agus Táirgí

Plaisteacha Aon Úsáide. Tá achoimre ar na gníomhaíochtaí a rinneadh in 2023 le fáil i dTábla 7. Tá iarrachtaí forfheidhmithe dírithe ar tháirgeoirí neamhchomhlíontacha. Is comhlachtaí iad táirgeoirí a dhéanann nó a iompórtálann táirgí leictreonacha, ceallraí, boinn nó Táirgí Plaisteacha Aon Úsáide (TPAÚ) agus a chuireann ar díol iad den chéad uair in Éirinn.

Dhírigh iniúchtaí ar tháirgeoirí Gnó go Gnó (B2B) ar tháirgeoirí atá ag tuairisciú nach bhfuil aon ghlacadh ar ais luaite le DTLL. Dhírigh forfheidhmiú Gnó go Custaiméirí (GGC) ar shuíomhanna gréasáin ciandíoltóirí agus earnálacha miondíola a bhfuil glacadh íseal DTLL luaite leo. Chomh maith leis sin, cuireadh obair i gcrích le hearnáil na n-uirlisí cumhachta/leis an earnáil DFÉ, earnáil na bhfearas beag agus earnáil na dtoitíní leictreonacha/na ngaltoitíní.

Bhunaigh an GCC córas íocaíochta ar líne do tháirgeoirí B2B, agus beidh táille €100 dlite nuair a chuireann siad a dTuarascáil Bainistíochta Dramhaíola DTLL bhliantúil ar fáil in 2024. Rinne an GCC teagmháil le 55 iompórtálaí carranna athláimhe chun a n-oibleagáidí faoi na rialacháin maidir le boinn agus ceallraí a fhorfheidhmiú.

**Tábla 7.** Staitisticí achoimre ar fheachtais fhorfheidhmithe um fhreagracht táirgeora in 2020

| Tasc | Líon iomlán na ngníomhaíochtaí |
|---|---|
| Athbhreithniú déanta ar Phleananna Bainistíochta Dramhaíola DTLL Táirgeora Gnólacht le Gnólacht | 245 |
| Athbhreithniú déanta ar Thuarascálacha Bainistíochta Dramhaíola Táirgeora Gnólacht le Gnólacht | 629 |
| Iniúchadh Táirgeora Gnólacht le Gnólacht Trealaimh Leictrigh agus Leictreonaigh (TLL) | 61 |
| Cigireachtaí ar láithreáin ghréasáin de chuid Ciandíoltóirí TLL/Ceallraí Gnó le Tomhaltóir | 73 |
| Cigireachtaí miondíola in earnálacha gur bhain aisghabháil íseal stairiúil leo i dtaca le DTLL | 47 |
| Litir chomhairleach eisithe chuig comhlachtaí ionadaíocha na hearnála toitíní leictreonacha/galtoitín | 60 |
| Ríomhphost Treorach/Cumarsáide a eisithe chuig táirgeoirí B2B | 9 |
| Iniúchadh Táirgeora Ceallraí Féinchomhlíontach | 1 |
| Scrúduithe ar Thairgeoirí Bonn | 22 |
| Neamhchomhlíonadh faoi rialacháin boinn a heisíodh chuig allmhaireoirí cairr | 36 |
| Neamhchomhlíonadh faoi rialacháin ceallraí a heisíodh chuig allmhaireoirí cairr | 54 |



## Substaintí Ídithe Ózóin agus Gáis Cheaptha Teasa Fluairínithe

D'eisigh an GCC 99 Réamhfhógra Bliantúil ag údarú teicneoirí seirbhíse SÍÓ agus F-Gháis chun SÍÓ agus F-Gháis dramhaíola a iompar.

Reáchtáil an GCC agus an Coimisiún Eorpach imscrúdú comhpháirteach ar thrádáil neamhdhleathach f-ghás isteach san Eoraip trí Éire. Bhí an t-imscrúdú seo mar bhonn le cuairteanna láithreáin ar dhá chuideachta "Ionadaíoch Amháin" atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Táthar ag leanúint ar aghaidh leis na himscrúduithe agus ba é an toradh a bhí leo gur cuireadh go leor cliant ar fionraí ón gClár Eorpach Hidreafluaracarbóin (HFC). Is é an aidhm atá leis an obair seo cleachtais feabhsaithe a chinntiú i ndáil le tuairisciú agus bainistiú iompórtáil HFC san Eoraip.

Thug sainchomhairleoirí, thar ceann na GCC, faoi 54 cuairt láithreáin ag 'úsáideoirí deiridh' SÍÓ agus F-gháis, agus dhírigh siad ar chonraitheoirí cothabhála agus garáistí aerchóirithe agus cuisnithe.

Reáchtáil an GCC suirbhé ar úsáid agus ar chothabháil trealaimh ina bhfuil SÍÓ agus F-gháis ag láithreáin cheadúnaithe agus d'fhorbair sí treoir do cheadúnaithe maidir le sainaithint agus ceartú sceite.

In 2023, phróiseáil an GCC 135 Fiosrúchán imréitigh chustaim a bhain le substaintí ídithe ózóin; bhain 107 díobh seo le haerárthaí agus le páirteanna aerárthaigh. Chomh maith leis sin, ceanglóidh F-gháis imréiteach na GCC in 2024 tráth a mbeifear ag déileáil leo mar chuid de Chóras Malartaithe Deimhnithe an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam - CMDIIC an AE.

## Cuairteanna Cigireachta maidir le Cosaint ar Radaíocht

Tugann an GCC faoi chlár bliantúil cigireachtaí maidir le cosaint ar radaíocht ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar choinníollacha comhlíonta reachtaíochta agus údaruithe. Trí na cigireachtaí sin a dhéanamh, bíonn an GCC in ann caighdeán na cosanta radaíochta a mheas ag na láithreáin, fadhbanna coitianta nó fadhbanna atá ag teacht chun cinn sna láithreáin a aithint agus cultúr cosanta radaíochta láidir a chur chun cinn.

I rith 2023, rinneadh cigireachtaí cosanta radaíochta i roinnt earnálacha (Tábla 8), lena n-áirítear sé shuirbhé slándála a rinneadh le cúnamh ó Aonad Náisiúnta Coiscthe Coireachta an Gharda Síochána.

**Tábla 8.** Catagóirí ceadúnaithe um chosaint radaíochta agus cigireachtaí a rinneadh i rith 2023

| Earnáil cheadúnaithe | Líon na gcigireachtaí críochnaithe |
|---|---|
| Áiseanna ospidéil agus míochaine | 36 |
| Tionsclaíoch agus tráchtáil (lena n-áirítear cúig chigireacht slándála) | 36 |
| Ceadúnaithe eile (Oideachas & taighde, iompar & dáileadh, tréidlianna, fiaclóirí, cuideachtaí seirbhíse; lena n-áirítear cigireacht slándála amháin) | 20 |
| Cigireacht eile a bhain le saoráidí neamhcheadúnaithe | 6 |
| **Iomlán** | **98** |

Bhí na cigireachtaí a rinneadh in 2023 dírithe ar chur chun feidhme Rialachán nua maidir le Radaíocht Ianúcháin agus treoir ghaolmhar na GCC (go háirithe na ceanglais a bhaineann le: measúnú riosca, lena n-áirítear catagóiriú oibrithe; oiliúint; agus Oifigeach Cosanta Radaíochta (OCR), agus cosaint radaíochta oibríochtúil i réimsí ardriosca cosúil le raideolaíocht idirghabhálacha, cairdeolaíocht agus radagrafaíocht láithreáin thionsclaíoch.

Sainaithníodh an méid seo a leanas i dtorthaí chlár cigireachta 2023:

- Tugadh feabhsuithe ar mheasúnuithe riosca faoi deara, ach bhí fadhbanna fós ag baint le meastacháin dáileoige agus catagóiriú oibrithe.
- Tá fadhb fós ag baint le hoiliúint sábháilteachta radaíochta, go háirithe ganntanas sásraí chun faireachán a dhéanamh ar agus chun oiliúint a thaifeadadh, san earnáil leighis go háirithe.
- Dúshláin a bhain le cur chun feidhme shocruithe OCR.

Cuireadh feachtas forfheidhmithe spriocdhírithe i gcrích san earnáil tréidliachta in 2023. Eagraíodh dhá sheimineár gréasáin, bunaithe ar thorthaí suirbhé comhlíontachta ar líne a rinneadh in 2022, agus rinneadh obair leantach trí roinnt cigireachtaí láithreáin spriocdhírithe. Tugadh laghdú suntasach ar an líon neamhchomhlíonta faoi deara i ndiaidh an dá sheimineáir ghréasáin, fianaise ar an tionchar dearfach atá ag rannpháirtíocht ghníomhach leis an bpobal tréidliachta rialaithe.

I rith 2023, tugadh fógra don GCC maidir le 31 teagmhas intuairiscithe agus ocht ndáileog intuairiscithe. Bhain an teagmhas ba shuntasaí le ball foirne ospidéil a fuair dáileog ard i roinn míochaine núicléiche. Sa chás nár sáraíodh teorainneacha dáileoige bliantúla reachtúla, shainaithin an t-imscrúdú a rinne an GCC ina dhiaidh sin easpaí a bhain le hoiliúint agus cur chun feidhme an nóis imeachta teagmhais, rud ar dhéileáil an ceadúnaí leis go pras.

## Feidhmíocht Reachtúil na nÚdarás Áitiúil

Tá ról ríthábhachtach ag Údaráis Áitiúla sa chomhshaol a chosaint agus rinne siad breis is 197,000 cigireacht chomhshaoil in 2022. D'fhoilsigh an GCC a measúnú ar *fheidhmíocht forfheidhmithe comhshaoil údaráis áitiúil i gcomhair 2022* i mí na Samhna 2023. Ainneoin go bhfuil scála na hoibre forfheidhmithe comhshaoil atá á dhéanamh ag údaráis áitiúla suntasach, in go leor réimsí níl na torthaí comhshaoil riachtanacha á dtabhairt faoi deara cosúil le deighilt níos fearr dramhaíola tí agus tráchtála, aer níos glaine trí rialuithe a bhaineann le díol breoslaí soladacha agus rioscaí do cháilíocht an uisce ó ghníomhaíochtaí feirmeoireachta a íoslaghdú. Rinne an GCC 11 iniúchadh ar údaráis áitiúla agus sholáthair sí treoir agus tacaíocht oiliúna trí líonra LCFCÉ chun dlús a chur le feabhsuithe cosanta comhshaoil. Tarraingítear aird sa tuarascáil seo ar réimsí nach mór d'údaráis áitiúla níos mó gníomhaíochta a dhéanamh ina leith:

- Tús áite a thabhairt do agus acmhainní a chur ar fáil d'fheidhmeanna comhshaoil chun tosaíochtaí forfheidhmithe náisiúnta a sheachadadh.
- Díriú ar fhorfheidhmiú chun deighilt agus athchúrsáil dramhaíola tí agus tráchtála a fheabhsú agus chun athúsáid agus aisghabháil dramhaíola a mhéadú.
- A chinntiú nach bhfuil ach breoslaí soladacha ceadaithe ar díol, chun truailliú aeir ó dhó breoslaí soladacha do théamh tí a laghdú.
- Cur le líon na gcigireachtaí feirme rioscabhunaithe chun an tionchar atá ag gníomhaíochtaí talmhaíochta ar cháilíocht an uisce a laghdú. Leagtar amach sa Chlár Cigireachta Talmhaíochta Náisiúnta, ar cuireadh tús leis in 2022, cur chuige rioscabhunaithe maidir le díriú ar chigireachtaí trí úsáid a bhaint as Léarscáil Spriocdhírithe Beart Talmhaíochta na GCC.

### Ionchúisimh

Cuireadh dhá chás is fiche i gcrích sa chúirt dúiche in 2023 (i gcomparáid le 10 gcás in 2022) a bhí mar thoradh le:

- 19 gciontú,
- tugadh tairbhe an Achta Promhaidh do chosantóir amháin,
- scriosadh cás amháin amach trí chomhaontú, agus
- rinneadh cás amháin a dhíbhe.

Cuireadh críoch le cás seanbhunaithe de chuid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (SIP) in 2023 i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath, rud ba chúis le pianbhreith de thrí bliana príosúnachta á bheith á gearradh ar stiúrthóir cuideachta dramhaíola leis an dá mhí dhéag deiridh ar fionraí i ndáil le gníomhaíochtaí bainistíochta dramhaíola mídhleathacha agus truailliú comhshaoil a dhéanamh.

Tríd is tríd, i rith 2023 gearradh fíneálacha luach €137,750 ar an GCC agus bronnadh costais iomlána luach €245,047 uirthi. I measc na dtorthaí comhshaoil bhí cásanna de chomhlíonadh feabhsaithe le Teorainnluachanna Astaíochtaí agus suiteáil an bhonneagair riachtanaigh.




## 2.3 Faireachán agus Measúnú

### Cáilíocht an Aeir

I gcomhar le húdaráis áitiúla agus le comhlachtaí eile, tá an GCC freagrach as bainistíocht agus feidhmíocht an Líonra Náisiúnta Faireacháin ar Cháilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh (Fíor 6). I rith 2023, forbraíodh an líonra tuilleadh agus tá 115 stáisiún san áireamh anois de bhrí gur cuireadh ocht stáisiún faireacháin nua leis - i gcomparáid leis an 29 stáisiún a bhí ann in 2017.


Cuireadh sonraí ón líonra ar fáil don phobal i rith 2022 trí láithreán gréasáin na GCC agus tugtar tuairisc orthu chun ceanglais na Treorach dar teideal "Aer Glan don Eoraip" (CAFE) agus na 4ú Treorach Ar Leith a chomhlíonadh. Déantar sonraí a mheas i gcomparáid le luachanna teorann dlíthiúil Eorpach athbhreithnithe (2021) agus luachanna threoirlínte na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS).





**Fíor 6.** An Líonra Náisiúnta Faireacháin ar Chaighdeán an Aeir Chomhthimpeallaigh

D'fhoilsigh an GCC *Cáilíocht Aeir in Éirinn 2022* i bhformáid inrochtana ar líne i mí Mheán Fómhair. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil, cé go bhfuil cáilíocht an aeir in Éirinn go maith i gcoitinne agus gur féidir í a chur i gcomparáid go fabhrach le go leor dár gcomharsana Eorpacha, go bhfuil saincheisteanna áitiúla ann a mbíonn droch-cháilíocht aeir mar thoradh orthu. Ainneoin nach bhfuil aon teorainn cháilíochta aeir dleathaí AE á sárú, ar fud an líonra bhí truailleáin os cionn luachanna treoirlíne na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) lena n-áirítear: ábhar cáithníneach ($ÁC_{2.5}$ agus $ÁC_{10}$), dé-ocsaíd nítrigine ($DN_2$), dé-ocsaíd sulfair ($DS_2$) agus ózón ($Ó_3$) mar gheall, go príomha, ar dhó breosla sholadaigh inár mbailte agus sráidbhailte agus trácht inár gcathracha. San áireamh i bpríomhtheachtaireachtaí na tuarascála bhí an pointe go bhfuil sláinte daoine agus sláinte ár gcomhshaoil i mbaol mar gheall ar an leibhéal truailleán san aer ina bhfuil ábhar cáithníneach ($ÁC_{2.5}$) ó dhó breosla sholadaigh agus dé-ocsaíd nítrigine (DN2) ó astaíochtaí feithicle - ár bpríomhthruailleáin fós. Chomh maith leis sin, tugadh faoi deara sa tuarascáil go mbeidh uaillmhian na hÉireann sa Straitéis um Aer Glan, is é sin bogadh i dtreo threoirlínte cháilíocht an aeir na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS), dúshlánach ach go mbeidh tionchar suntasach dearfach aige ar shláinte.

Bíonn tionchar ag droch-cháilíocht an aeir ar shláinte daoine agus measann an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (GEC) go bhfaigheann 1,600 duine bás roimh am in Éirinn ar mhaithe ar thruailliú aeir. Tá níos mó taighde ar fáil anois ina léirítear na naisc shoiléire idir droch-cháilíocht an aeir agus básanna roimh am agus tionchair saolré theoranta freisin cosúil le néaltrú agus diaibéiteas. Ábhar imní atá ag éirí níos dáiríre é leibhéal an ábhair cháithnínigh (cáithníní míne) san aer. Bíonn leibhéil an truailleáin sin ard ach go háirithe i rith mhíonna an gheimhridh, féach Fíor 7, nuair a bhíonn tionchar diúltach ag an úsáid a bhaineann daoine as breoslaí soladacha cosúil le gual, móin agus adhmad fliuch ar cháilíocht an aeir - go háirithe i mbailte beaga agus i sráidbhailte. Má thagann athrú ar na réimsí roghanna maidir le córas teasa tí agus breosla sholadaigh agus aistriú i dtreo mód atá níos glaine (Fíor 8), feabhsófar cáilíocht an aeir. Ar an gcaoi chéanna, is féidir tionchar na n-astaíochtaí iompair ar an tsláinte a mhaolú trí na roghanna cearta iompair a dhéanamh.




**Fíor 7.** Méan-ÁC$_{2.5}$ sa mhí i stáisiúin roghnaithe




**Fíor 8.** Grafaic faisnéise maidir le cáilíocht an aeir agus gnéithe sláintiúla a bhaineann le roghanna chun tithe a théamh

## Fardail agus Réamh-mheastacháin Astaíochtaí Truailleán Aeir

In 2023, d'fhoilsigh an GCC a *measúnú ar astaíochtaí 2021 de chúig phríomhthruailleán aeir*: amóinia, comhdhúile orgánacha so-ghalaithe gan mheatán, dé-ocsaíd sulfair, ocsaídí nítrigine agus ábhar cáithníneach mín. Bíonn tionchar ag truailleáin ar cháilíocht an aeir, ar shláinte agus ar an gcomhshaol agus tá siad faoi réir gealltanas laghdaithe faoi Threoir an AE maidir le Gealltanais Laghdaithe Astaíochtaí Náisiúnta (GAN). Ina theannta sin, ullmhaíodh réamh-mheastacháin astaíochtaí do na truailleáin aeir sin go dtí 2030 agus cuireadh faoi bhráid Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) iad, faoin gCoinbhinsiún maidir le hAerthruailliú Trasteorann Fadraoin (CLRTAP).

Léirítear sa tuarascáil seo gur chomhlíon Éire na gealltanais a bhain le comhdhúile orgánacha so-ghalaithe gan mheatán, dé-ocsaíd sulfair, ocsaídí nítrigine agus laghdú astaíochtaí ábhair cháithnínigh in 2021 agus nár chomhlíon sí a gealltanais laghdaithe astaíochtaí le haghaidh amóinia.




Mhéadaigh astaíochtaí amóinia beagnach 1% in 2021. Bhí fás ar líon an bheostoic, lena n-áirítear méadú 3% ar líon na mba déiríochta, mar bhonn le méadú ar líon iomlán na n-astaíochtaí amóinia náisiúnta. Ní raibh úsáid mhéadaithe leata sciodair ísealastaíochta go dtí 48% sách suntasach chun cur i gcoinne thionchar an fháis fhoriomláin ar líon an bheostoic. Níor chomhlíon Éire Gealltanais Laghdaithe Astaíochtaí Náisiúnta an AE i gcomhair naoi mbliana as na deich mbliana atá caite chomh fada is a bhaineann le hastaíochtaí amóinia, rud a d'fhéadfadh damáiste chomhshaoil shuntasach a dhéanamh d'éiceachórais luachmhara agus d'fhéadfadh tionchar a bheith ag a leithéid ar cháilíocht an aeir áitiúil agus ar shláinte an duine freisin. Mar thoradh ar neamhchomhlíonadh na hÉireann le gealltanas laghdaithe astaíochtaí 2020 maidir le hastaíochtaí amóinia, sheirbheáil an Coimisiún Eorpach tuairim réasúnaithe ar Éirinn don neamhchomhlíonadh leis an Treoir um Uasteorainneacha Astaíochtaí Náisiúnta (2016/2284) i mí na Samhna 2023. Ní féidir Gealltanas Laghdaithe 2030 a chomhlíonadh anois ach trí na bearta sainaitheanta ar fad a chur chun feidhme go hiomlán, bearta cosúil le leathadh sciodair ísealastaíochtaí agus úsáid fhorleathan a bhaint as táirgí leasacháin coiscthe úiré.

Mhéadaigh astaíochtaí comhdhúl so-ghalaithe orgánach gan mheatán (CSOGManna) 2% in 2021, mar gheall ar níos mó gníomhaíochta táirgthe biotáillí le haghaidh deochanna den chuid is mó. Ainneoin gur comhlíonadh an gealltanas laghdaithe astaíochtaí CSOGM, tá gá le bearta laghdaithe éifeachtacha don fhoinse seo má táthar chun spriocanna laghdaithe astaíochtaí a chomhlíonadh amach anseo.

Mhéadaigh an úsáid a baineadh as gual agus ola bhreosla i nginiúint chumhachta faoi thrí in 2021, rud ba chúis le méaduithe ar astaíochtaí dé-ocsaíde sulfair, ocsaídí nítrigine agus ábhar cáithníneach mín, fianaise ar an nasc díreach idir úsáid breosla iontaise agus astaíochtaí truailleán aeir. Mhéadaigh astaíochtaí ocsaídí nítrigine 3% tríd is tríd mar gheall ar mhéadú ar úsáid breoslaí iontaise i nginiúint cumhachta. Cheil na méaduithe seo laghdú ar astaíochtaí NOx ón earnáil iompair de bheagnach 4% in 2021, fianaise ar laghdú ar úsáid carranna mar gheall ar dhianghlasáil Covid-19 mar aon le feabhas leanúnach ar theicneolaíochtaí laghdaithe NOx feithiclí.

Ainneoin gur tugadh méadú de 9.7% faoi deara in 2021, tá na hastaíochtaí náisiúnta iomlána de dhé-ocsaíd sulfair go maith faoi bhun na ngealltanas laghdaithe astaíochtaí AE riachtanach. Ar an gcuma chéanna, bhí astaíochtaí an ábhair cháithnínigh mhín ($ÁC_{2.5}$) 0.1% faoi leibhéal astaíochtaí 2020 agus tá an gealltanas laghdaithe astaíochtaí á chomhlíonadh go leanúnach. Bhí astaíochtaí laghdaithe ón earnáil chónaithe fritháirithe ag astaíochtaí méadaithe ó ghiniúint leictreachais.


## Cáilíocht an Uisce

Tá freagracht ar an GCC maidir leis na rudaí seo a leanas: an clár náisiúnta faireacháin ar cháilíocht an uisce a chomhordú agus a chur i bhfeidhm, tabhairt faoi mheasúnuithe teicniúla agus eolaíochta ar mhaithe le tuiscint a fháil ar na brúnna a imríonn tionchar ar uisce, agus cuidiú le heolas a sholáthar le haghaidh na mbeart nach mór a chur i gcrích chun cáilíocht an uisce a chosaint agus a fheabhsú. Tá an fhaisnéis seo de dhíth chomh maith chun tuairisciú don AE i dtaca leis an gCreat-Treoir Uisce agus le gníomhaíochtaí eile a bhaineann le huisce.

Cuireadh an clár náisiúnta faireacháin ar uisce dromchla agus screamhuisce i gcrích, go hiomlán beagnach, i rith 2023 agus cuireadh an méid seo a leanas san áireamh:

- Anailís cheimiceach ar 13,229 sampla uisce ó aibhneacha, lochanna agus inbhir
- Suirbhéanna éiceolaíocha agus sampláil ceimiceán ó bhreis is 2,500 dobharlach lena n-áirítear aibhneacha, lochanna, screamhuisce, inbhir agus dobharlaigh chósta

I mí Meithimh 2023, d'fhoilsigh an GCC an *Tuarascáil Táscairí ar Cháilíocht an Uisce in 2022*. Ba iad príomhthorthaí na tuarascála nach raibh aon athrú suntasach tagtha ar cháilíocht bhitheolaíoch ár n-aibhneacha ná ár lochanna in 2022. Bhí an ráta meatha ag teacht leis an ráta feabhais, tríd is tríd. Measadh go raibh na tiúchaintí níotráite ró-ard in 40% de na haibhneacha agus in 20% de na hinbhir náisiúnta (Fíor 9). Tá leibhéil níotráite ardaithe le fáil go príomha sa deisceart agus san oirdheisceart agus tá siad ró-ard chun tacú le dea-cháilíocht an uisce inár n-inbhir. Baineann sé seo go príomha le dianghníomhaíochtaí talmhaíochta ar ithreacha draenála éasca sna ceantair seo. Tá na tiúchaintí ró-ard in 28% de na haibhneacha agus in 36% de na lochanna, rud a bhfuil tionchar aige ar a gcáilíocht bhitheolaíoch. Is ó dhoirteadh fuíolluisce agus ó rith chun srutha talmhaíochta i gceantair ina bhfuil ithreacha nach ndraenálann go héasca a thagann an fhosfáit go príomha.




**Fíor 9.** Cáilíocht Níotráite Abhann 2020-2022

### Uirlisí Fianaise agus Measúnaithe

I rith 2023, d'fhoilsigh an GCC tuarascáil bhliantúil faoi *Thiúchaintí Níotráite agus Fosfair in Uiscí Éireannacha*. Bhí iarscríbhinn leis an tuarascáil seo ina raibh measúnú eatramhach ar cháilíocht an uisce le fáil, mar a cheanglaíonn an Coimisiún Eorpach mar choinníoll de mhaolú na hÉireann faoin Treoir maidir le Níotráití. Sainaithníodh sa mheasúnú ceantair nach raibh na critéir maidir le cáilíocht an uisce atá sonraithe ag an gCoimisiún (an 'léarscáil dhearg') comhlíonta acu agus na bearta breise a bheadh i bhfeidhm. Chuir an pobal an-spéis sa tuarascáil.

Chomh maith leis sin, sholáthair an GCC bonn fianaise nuashonraithe maidir leis na brúnna ar uiscí, agus measúnú ar an obair atá le déanamh chun ár gcuspóirí maidir le cáilíocht an uisce a chomhlíonadh, chun tacú le forbairt an chéad Phlean Bainistíochta Abhantraí atá á fhorbairt ag an RTRÁO. Foilseofar an obair seo ag tús 2024.

### An Clár Hidriméadrachta


Tá an GCC ag leanúint ar aghaidh le sonraí hidriméadrachta a chur ar fáil chun tacú le hoibleagáidí tuairiscithe náisiúnta agus idirnáisiúnta, le pleanáil agus bainistíocht acmhainní uisce, le bainistíocht riosca i gcás tuilte, le dearadh bonneagair agus le gníomhaíochtaí éagsúla eile.

I rith 2023, rinne an GCC 1,178 measúnú ar leibhéil screamhuisce agus uisce dromchla agus/nó sreabhadh ag láithreáin ar fud na tíre. Sna measúnachtaí sin díríodh go príomha ar líonra láithreán na GCC/na n-údarás áitiúil, ach cuimsíodh tomhais spriocdhírithe ar shreabhadh chomh maith, áit a raibh gá le sonraí ar mhaithe le cuspóirí sonracha. Is féidir na sonraí a íoslódáil trí úsáid a bhaint as *uirlis ghréasáin HydroNet na GCC*.

Tá an GCC ag leanúint leis an Tairseach Chláraithe Náisiúnta Astógálacha a chothabháil. I mí na Nollag 2023, bhí 2,978 pointe astógála aonair cláraithe leis an GCC. Tá an clár astógála ar fáil don phobal anois le híoslódáil ó shuíomh gréasáin na GCC.

### Cáilíocht Uisce Snámha

I mí na Bealtaine 2023, d'fhoilsigh an GCC an tuarascáil bhliantúil ar uisce snámha ina ndearnadh measúnú ar thorthaí le haghaidh shéasúr snámha 2022. Tá achoimre ar shonraí mheasúnuithe 2022 le fáil i bhFíor 10. Tugadh le fios sa tuarascáil gur chomhlíon 97% de na huiscí snámha (144 as 148) na híoschaighdeáin a bhí riachtanach in 2022, nó gur sháraigh siad iad.




**Fíor 10.** Grafaic faisnéise maidir le cáilíocht uisce snámha in 2022

## An Clár Eorpach um Scaoileadh agus Aistriú Truailleán


Bhailigh an GCC sonraí an Chláir ar Scaoileadh agus ar Aistriú Truailleán (CSAT) i gcomhair 2022 agus cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh iad roimh an spriocdháta bliantúil, an 30 Samhain. Is féidir féachaint ar na sonraí ar líne ar an gclár CSAT náisiúnta ag *Léarscáileanna na GCC*.

## Saotharlann Chomhshaoil

I saotharlanna na GCC i gCaisleán an Bharraigh, i mBaile Átha Cliath, i gCill Chainnigh agus i Muineachán, tugtar faoi anailís chun tacú le cláir faireacháin, ceadúnú, forfheidhmiú agus an Chreat-treoir Uisce a chur i bhfeidhm.

Déanann foireann na saotharlann sin, faireachán, anailís agus tuairisciú ar shamplaí a bhailítear chun críche forfheidhmithe ag saoráidí ceadúnaithe, chomh maith le hiniúchadh a dhéanamh ag láithreáin chóireála fuíolluisce. In 2023, rinne foireann na saotharlann raon anailísí ar 1,227 sampla forfheidhmithe (1,165 ó RCT, TAT, Láithreáin Dramhaíola & Líonta Talún mar aon le 62 ó láithreáin Fuíolluisce Uirbigh agus Deimhnithe Údaraithe). I ndiaidh tionscadal píolótach a chur i gcrích in 2022, leanadh ar aghaidh leis an iniúchóireacht ag láithreáin chóireála uisce óil agus ag saotharlanna ceadúnaithe in 2023.

Chomh maith leis sin, sna saotharlanna déantar anailís ar shamplaí ó aibhneacha, lochanna, screamhuisce agus uiscí idirchreasa agus cósta faoi Chláir Náisiúnta Faireacháin na Creat-Treorach Uisce. Le linn 2023, rinne foireann na saotharlann raon anailísí ar 13,978 sampla TRU (13,229 ó aibhneacha, lochanna agus inbhir agus 749 ó screamhuiscí). Is ionann é sin agus laghdú ar an 15,626 sampla a ndearnadh anailís orthu in 2022 agus baineann sé seo, den chuid is mó, leis na héifeachtúlachtaí a d'eascair as tionscadal barainne TRU a bhain le Minicíocht Faireacháin d'aibhneacha agus do lochanna a cuireadh i gcrích in 2022. Tá miondealú ar líon na samplaí a ndearnadh anailís orthu in 2023 le fáil i bhFíor 11.




**Fíor 11.** Líon na samplaí, de réir cineáil, a ndearna saotharlanna uisce na GCC anailís orthu in 2023.

I ndiaidh do Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC) iniúchadh a dhéanamh i mí Dheireadh Fómhair 2023, coimeádadh creidiúnú ISO 17025:2017 sna saotharlanna aeir, radaíochta agus uisce. Tugadh aitheantas san iniúchadh don obair atá déanta ag an GCC i ndáil le forbairt leanúnach, cothabháil agus tacú leis an gcóras cáilíochta i roinnt láithreán éagsúil.

Lean an Clár um Athrú 'Lean' ag soláthar tairbhí do shaotharlanna na GCC in 2023. Le cois an tionscadail ar Mhinicíocht Faireacháin, cuireadh tionscadail a bhain le hamanna slánúcháin i gcrích d'anailísí, do shainaithint substaintí tosaíochta agus do thruailleáin abhantraí shonracha, ullmhú tuarascála agus foilsiú. Cuireadh tús le tuilleadh tionscadal barainne TRU ag deireadh 2023 agus leanfar ar aghaidh obair orthu in 2024.



Líonadh talún leasaithe i mBaile Chairdif

## Faireachán ar Radaíocht

### Calabrú Ionstraimí

Soláthraíonn an GCC seirbhís chreidiúnaithe um chalabrú ISO 17025:2017 le haghaidh raon ionstraimí cosanta ar radaíocht, lena n-áirítear méadair shuirbhéireachta, monatóirí éillithe agus dáileogmhéadair phearsanta leictreonacha. Tacaíonn an tseirbhís seo le sábháilteacht radaíochta agus le faireachán a dhéanamh ar leibhéil radaíochta san ionad oibre do cheadúnaithe agus páirtithe leasmhara sna hearnálacha seo a leanas: tionscal, leigheas, cosaint, taighde, rialú agus freagairt éigeandála. In 2023, chalabraigh an tseirbhís 318 ionstraim.

### Radanailíseach

Tomhaiseann an GCC raon leathan samplaí de bhia-ábhair, uisce óil agus samplaí comhshaoil. Cuirtear an obair seo i gcrích chun tacú le cláir um fhaireachán radaighníomhaíochta comhshaoil na GCC agus ar bhonn conartha do chliaint sheachtracha.

Chuimsigh na seirbhísí radanailíseacha ar conradh don bhliain 2023 na gnéithe seo a leanas:

- Táirgí Éireannacha a thástáil maidir le comhlíonadh le ceanglais na dtíortha allmhairiúcháin chomh maith le gráin beatha ainmhithe allmhairithe ó thríú tíortha.
- Uisce óil a thástáil chun a fháil amach an bhfuil ceanglais Rialacháin na gComhphobal Eorpach á gcomhlíonadh.
- Anailís ar thástálacha cuimilte chun sláine foinsí radaighníomhacha séalaithe a sheiceáil.
- Samplaí dreideáilte a thástáil chun a fháil amach an bhfuil ceanglais an Achta um Dhumpáil ar Farraige, 1996, arna leasú, á gcomhlíonadh acu.

Déanann an GCC measúnú ar radaighníomhaíocht i mbia-ábhair Éireannacha. Is ionann an measúnú seo an bonn atá le radaighníomhaíocht a dheimhniú i dtáirgí atá le hallmhairiú i ndiaidh na timpiste i Searnóbail in 1986. In 2023, eisíodh 2,533 deimhniú táirge.

San áireamh i gclár faireacháin radaíochta 2023 bhí sampláil agus tástáil a dhéanamh i gcomhair radaighníomhaíochta san aer, in uisce óil, san ithir, i sáile, i bhfeamainn, i ndríodair, in éisc, i sliogéisc, aiste bia measctha agus i mbia-ábhair eile, chomh maith le tomhas leanúnach a dhéanamh ar ráta comhthimpeallach na dáileoige gáma i stáisiúin faireacháin sheasta ar fud na tíre. Cuireadh tuarascáil maidir le measúnú a rinne an Coimisiún Eorpach inar léiríodh gur chomhlíon socruithe na hÉireann maidir le faireachán a dhéanamh ar radaighníomhaíocht in aer, uisce, ithir agus bia-ábhair Airteagal 35 de Chonradh EURATOM i gcrích agus foilsíodh í ar *shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh.*


In 2023 cuireadh i gcrích an clár faireachais náisiúnta chun comhlíonadh uisce óil le leibhéil radaighníomhaíochta a leagtar amach sa reachtaíocht a thástáil. Is léir ó na sonraí a bhaineann leis an gclár seo agus le faireachán a rinneadh roimhe seo go bhfuil an riosca raideolaíoch do chustaiméirí uisce óil na hÉireann an-íseal.

Rinneadh anailís ar 587 sampla comhshaoil le haghaidh clár faireachán éagsúla i rith na bliana. Léiríodh i dtorthaí an fhaireacháin sin, ainneoin go bhfuil leibhéil na radaighníomhaíochta saorga i dtimpeallacht na hÉireann inbhraite fós, go bhfuil na leibhéil íseal agus nach gcruthaíonn siad baol suntasach do shláinte an duine.

Reáchtáil an tSaotharlann Faireacháin Radaíochta, i dteannta le ceithre shaotharlann ceimice uisce réigiúnacha na GCC agus Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (OTOD) i bPort Láirge cleachtas éigeandála radaíochta in 2023 trí úsáid a bhaint as samplaí ithreach agus féir a bhailigh an Chosaint Shibhialta chun socruithe maidir le samplaí a scagadh agus a anailísiú a eagrú sa chás go dtarlaíonn éigeandáil núicleách.

### An Líonra Náisiúnta Monatóireachta Radaíochta

Coimeádán an GCC an Líonra Náisiúnta Faireacháin Radaíochta chun faireachán leanúnach a dhéanamh ar leibhéil radaíochta sa chomhshaol agus chun freagrachtaí na GCC faoi Chonradh EURATOM agus faoin bPlean Náisiúnta um Nochtadh Éigeandála Núicléach agus Raideolaíoch. Dá dtarlódh timpiste núicléach nó raideolaíoch thar lear, bhraithfeadh an Líonra dá mbeadh aon leibhéil mhéadaithe radaíochta comhthimpeallaí in Éirinn.



**Fíor 12.** Samplaí á n-anailísiú sa tSaotharlann Faireacháin Radaíochta

Leanadh ar aghaidh le huasghrádú an Líonra seo chun breis stáisiún faireacháin a chur ar fáil agus chun an trealamh ar fad ag gach láithreán atá bunaithe cheana féin a athsholáthar (Fíor 13) in 2023. Méadaíodh líon iomlán na stáisiún faireacháin sa Líonra ó 15 go dtí 26. Tá sonraí gamaradaíochta comhthimpeallacha ó ionstraimí nua anois á n-aistriú go dtí an Coimisiún Eorpach gach uair an chloig. Cuirfear na sonraí seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na GCC in 2024.

Mar aon le faireachán a dhéanamh ar leibhéil ghamaradaíochta chomhthimpeallacha, cuireann an Líonra ionstraimí san áireamh chun tiúchaintí radaighníomhaíochta san aer a thomhas. Soláthraíonn cuid acu seo sonraí beo don GCC agus tá scagairí aerasóil le fáil i gcuid eile a bhailíonn foireann na GCC agus Met Éireann agus a seoltar chuig Saotharlann Faireacháin Radaíochta na GCC chun críche anailíse. Lena chois sin, tá samplóirí frasaíochta in úsáid ag an Líonra a bhailíonn samplaí frasaíochta go leanúnach chun críche anailíse sa GCC.



**Fíor 13.** Trealamh suiteáilte mar chuid d'uasghrádú an Líonra

## An Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin

Is straitéis trasrialtais ceithre bliana í an Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin (NRCS) agus is í aidhm atá leis an straitéis na líon cásanna d'ailsí scamhóige a bhfuil baint acu le radón a laghdú in Éirinn. In 2023, d'eagraigh an GCC ceithre chúrsa oiliúna feabhsúcháin faoi SNRR agus dhírigh sí ar easnamh poitéinsiúil san acmhainn feabhais radóin in Éirinn. Leanadh ar aghaidh leis na léarscáileanna radóin nuashonraithe a rolladh amach agus chuir an GCC léarscáil radóin i dtoll a chéile atá le húsáid le Doiciméad Treorach Teicniúil C (DTT-C) de na Rialacháin Foirgníochta. Tá an léarscáil nuashonraithe foilsithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus cuirfear an nuashonrú seo i bhfeidhm i ndáil le gach foirgneamh agus síneadh nua a bhfuiltear ag cur tús leis an obair thógála a bhaineann leo ón 1 Deireadh Fómhair 2023.

I gcomhar le Seirbhísí Leabharlainne agus Ealaíon Chomhairle Contae Chorcaí, d'fhorbair an GCC scéim iasachta leabharlainne de mhonatóirí radóin digiteacha i 25 brainse agus i gceithre leabharlann taistil Chomhairle Contae Chorcaí. Rinne ceiliúradh ar Lá Eorpach an Radóin 2023 ar an 7 Samhain trí fheachtas feasachta radóin a reáchtáil, feachtas a tharraing aird ar an tábhacht a bhaineann le tástáil agus feabhsúchán trí shraith fógraí raidió agus feachtas ar na meáin shóisialta. Tá an GCC fós ag moladh gur cheart do gach úinéir tí a dtithe a thástáil le haghaidh radóin.

## Radaíocht Neamhianúcháin

I rith 2023, d'fhoilsigh an GCC torthaí an chláir faireacháin ar Radaíocht Neamhianúcháin (RNI) a bhí dírithe ar mhinicíochtaí a úsáidtear le haghaidh teileachumarsáide. Cuireadh tuarascáil agus bróisiúr ar fáil ar shuíomh gréasáin na GCC ina ndéantar achoimre ar thorthaí na dtomhas a rinneadh in 55 láithreán uirbeach. Léiríodh sna torthaí go raibh na leibhéil ag gach láithreán uirbeach a tomhaiseadh go maith faoi bhun teorainneacha treoirlíne idirnáisiúnta.

I mí Aibreáin 2023, d'fhoilsigh Coiste Eolaíoch um Rioscaí Sláinte agus Comhshaoil, agus Rioscaí atá ag Teacht chun Cinn (CERSCRT) an Choimisiúin Eorpaigh a Tuairim Deiridh ar an ngá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar Mholadh 1999/519/CE ón gComhairle maidir le srian a chur le nochtadh an phobail i gcoitinne do réimsí leictreamaighnéadacha (RLM) ó RLM radaimhinicíochta. Mhol an Coiste go ndéanfaí athbhreithniú teicniúil ar Mholadh 1999/519/CE ón gComhairle chun cuntas a dhéanamh ar chomhairle nuashonraithe ón gCoimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint Radaíochta Neamhianúcháin ar RLM radaimhinicíochta. Tá breithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar athbhreithniú ar Mholadh na Comhairle agus tá súil ghéar á coinneáil ag an GCC ar an obair seo.

I mí na Samhna 2023, d'oscail CERSCRT comhairliúchán poiblí maidir lena Réamhthuairim ar na héifeachtaí sláinte a d'fhéadfadh a bheith ag nochtadh do réimsí leictreamaighnéadacha a bhaineann le bonneagar leictreachais. Tá pleananna agus acmhainní forbartha ag an GCC chun faireachán a dhéanamh ar RLM ó bhonneagar leictreachais in 2023 agus cuirfear tús le faireachán in 2024. Tacóidh sé seo le haon chomhairle ón GCC amach anseo maidir le RLM a bhaineann le bonneagar leictreachais sa todhchaí.

## Faireachán agus Tuairisciú ar Éiceachórais

Faoin Treoir athbhreithnithe maidir le Gealltanais Laghdaithe Astaíochtaí Náisiúnta (LAN) (2016/2284), tá líonra bunaithe in Éirinn chun faireachán a dhéanamh ar thionchair thruaillithe aeir ar éiceachórais íogaire. Is éard atá sa líonra, ar a dtugtar an Líonra Náisiúnta Faireacháin Éiceachóras, ná bailiúchán láithreán atá ionadaíoch ar ghnáthóga éagsúla ar fud na tíre. Tá an líonra dírithe go háirithe ar fhianaise a sholáthar ar thionchair sil-leagan nítrigine lena n-áirítear amóinia, ar na gnáthóga seo. Tá an faireachán ar láithreáin an líonra á seachadadh ag an GCC agus ag eagraíochtaí eile lena n-áirítear an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. I rith 2023, bhunaigh an GCC ocht láithreán faireachán atmaisféaracha, rud a chiallaigh go raibh líon iomlán na láithreán faireacháin atmaisféaracha cothrom le deich. Cuireadh suirbhéanna éiceolaíocha i gcrích ar roinnt láithreán foraoise agus tiomsaíodh sonraí ó gach suirbhé éiceolaíoch a rinneadh roimhe sin ar phortaigh ardaithe, féarthailte cailcreacha agus móinéir Fhionnáin. Chomh maith leis sin, d'éirigh leis an GCC na sonraí faireacháin riachtanacha a bhain le Líonra Náisiúnta Faireacháin Éiceachóras a chur ar fáil don Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil roimh an spriocdháta i mí Iúil 2023. Bhain na sonraí seo le láithreáin faireacháin a tuairiscíodh don GEC in 2022.

## Torann

Lean an GCC ar aghaidh le mapáil straitéiseach náisiúnta an torainn chomhshaoil ó mhórfhoinsí iompair a chomhordú faoin Treoir maidir le Torann Timpeallachta. Tá na léarscáileanna seo deartha chun aird a tharraingt ar limistéir a bhféadfadh údaráis áitiúla aghaidh a thabhairt orthu trína bpleananna gníomhaíochta torainn chun éifeachtaí díobhálacha torainn chomhshaoil a sheachaint, a chosc nó a laghdú. I rith 2023, d'fhorbair an GCC nuashonrú cuimsitheach ar an treoir mhapála torainn. Rinneadh an obair seo i gcomhpháirt leis na Comhlachtaí Mapála Torainn (Údaráis Áitiúla, Bonneagar Iompair Éireann, Iarnród Éireann agus Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath) agus Údaráis Phleanála Ghníomhaíochta. Cuireadh mapáil torainn uile Bhabhta 4 i gcrích agus chuir an GCC an tuarascáil don Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil i gcrích faoin Treoir. Tá na léarscáileanna torainn nuashonraithe le fáil ar shuíomh gréasáin na GCC anois.

Tacaíonn na léarscáileanna Torainn Straitéiseacha le forbairt na bpleananna gníomhaíochta torainn agus tá ról lárnach



Baint mhóna

ag na pleananna seo sna tionchair ó thorann timpeallachta a laghdú agus i limistéir chiúine a chosaint. Ceanglaítear ar údaráis áitiúla tuairisc maidir le dul chun cinn a bhaineann lena bpleananna gníomhaíochta a chur faoi bhráid na GCC gach bliain. Cuireadh eolas maidir leis an dul chun cinn is déanaí do Bhabhta 3 ar fáil in 2023, ina gclúdaítear an bhliain 2022. Mheas an GCC na tuarascálacha seo ar dhul chun cinn agus cuireadh tuarascáil achomair ar dhul chun cinn don bhliain 2022 ar fáil ar shuíomh gréasáin na GCC: *Athbhreithniú Achomair ar Thuarascálacha Bliantúla an Phlean Gníomhaíochta Torainn do 2022.* Chomh maith leis sin, dhréachtaigh an GCC treoir Pleanála Gníomhaíochta Torainn Bhabhta 4. Tacóidh an treoir seo le hÚdaráis Áitiúla chun a bpleananna gníomhaíochta torainn athbhreithnithe a fhorbairt i rith 2024.

## Úsáid talún

Tugadh gealltanas i gClár an Rialtais agus i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021 maidir le hAthbhreithniú Talamhúsáide d'fhonn a chinntiú go bhfuil na roghanna talamhúsáide is fearr mar bhonn le gach cinneadh Rialtais ábhartha. Bhí sé de chúram ar an GCC Céim-I den Athbhreithniú Talamhúsáide a threorú, a bhí dírithe ar bhonn fianaise a fhorbairt chun teacht ar chinneadh maidir le saintréithe comhshaoil, éiceolaíocha agus geilleagracha cineálacha talún ar fud na hÉireann. Bailíodh fianaise maidir le príomhpháirtithe leasmhara talamhúsáide; próifíl náisiúnta úinéireachta talún; gealltanais bheartais reatha; beartais talamhúsáide i dtíortha eile; ionstraimí fioscacha agus táscairí comhshaoil. Foilsíodh *aschur Chéim-1*, lena n-áirítear tuarascáil sintéise fhoriomlán, i mí Márta 2023. Beidh an bonn fianaise seo in úsáid do *Chéim-II den Athbhreithniú Talamhúsáide*, ar cuireadh tús leis in 2023 agus atá á chomhstiúradh ag an RCAC, an Roinn Talmhaíochta Bia agus Mara (RTBM) agus RTRÁO. I rith Chéim-II cuirfear leis an mbonn fianaise a bailíodh i rith Chéim-I agus breithneofar freagairtí beartais, bearta agus gníomhartha i gcomhthéacs chuspóirí geilleagracha, sóisialta agus aeráide níos ginearálta an Rialtais agus i gcomhairle le gach páirtí leasmhara agus úsáideoir talún.

Léiríodh i *Sonraí an fhardail shealadaigh maidir le gás ceaptha teasa i gcomhair 2022*, a foilsíodh i mí Iúil 2023, gur le Talamhúsáid, Athrú Talamhúsáide agus Foraoiseacht (TUATUF), a bhain sé chatagóir talamhúsáide (Talamh Foraoise, Talamh Barr, Féarach, Bogaigh, Lonnaíochtaí agus Talamh Eile) agus Táirgí Adhmaid Lománaithe, agus go raibh siad sin freagrach as 10.7% de na hastaíochtaí iomlána náisiúnta in 2022, sin laghdú de 0.5% i gcomparáid le leibhéil 2021 i gcomparáid leis an laghdú foriomlán de 1.9% in astaíochtaí in earnálacha eile.

Bhí an earnáil TUATUF ag feidhmiú mar ghlanfhoinse astaíochtaí $CO_2$ i ngach bliain 1990-2022 agus, mar a shainaithin an GCC in *Réamh-mheastacháin Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa 2022-2040* a foilsíodh i Meitheamh 2023, táthar ag súil go méadóidh astaíochtaí san earnáil seo suas go dtí 2030 de réir mar a shroicheann ár bhforaoiseacht aois bhuainteoireachta agus de réir mar a athraíonn siad ó linn charbóin go dtí foinse charbóin. Meastar go laghdóidh beartais agus bearta beartaithe don earnáil, cosúil le foraoisiú méadaithe, bainistiú maoschláir ar ithreacha orgánacha talmhaíochta agus athshlánú talamh phortaigh, an méadú a thiocfaidh ar na hastaíochtaí.

# 3 Gníomhú ar son na hAeráide



Bainimid úsáid as an méid atá ar eolas againn chun dlús a chur leis an ngníomhú ar son na haeráide.
Táimid ag tacú leis an aistriú i dtreo na neodrachta agus seasmhachta aeráide trínár bhfianaise agus obair rannpháirtíochta.
Tugaimid ceannaireacht le dea-shampla trínár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.

# 3. GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE


Cuimsítear i ról na GCC chomh fada is a bhaineann le déileáil le dúshláin Athraithe Aeráide na hÉireann: fardail agus réamh-mheastacháin gás ceaptha teasa a ullmhú; dícharbónú a dhreasú trí Chóras Trádála Astaíochtaí an AE; tacú le taighde ar an eolaíocht aeráide; tacú leis an oiriúnú don athrú aeráide agus tacú le hathrú iompraíochta agus an Plé Náisiúnta ar an Athrú Aeráide a éascú.

## 3.1 Fardail agus Réamh-Mheastacháin

### Fardail Astaíochta

Foilsíodh *Fardal Sealadach maidir le Gás Ceaptha Teasa 1990-2022* na GCC i mí Iúil 2023. Cuirfear foilseachán nuashonraithe, deiridh ar fáil i mí Aibreáin 2024. I measc na bpríomhthorthaí bhí an pointe gur laghdaigh astaíochtaí foriomlána gás ceaptha teasa (GCT) 1.9% i gcomparáid le 2021, mar gheall ar laghduithe suntasacha ar astaíochtaí san earnáil Chónaitheach, mar aon le laghduithe ar astaíochtaí ó ghiniúint Tionscail, Talmhaíochta agus Leictreachais a bhí níos airde ná astaíochtaí méadaithe ón earnáil Iompair.


Gan astaíochtaí ó Thalamhúsáid, Athrú Talamhúsáide agus Foraoiseacht (TÚATUF) a chur san áireamh, astaíodh coibhéis 60.8 milliún tona de dhé-ocsaíd charbóin (Mt $CO_2$eq) in 2022. Ainneoin laghdú a bheith tagtha ar astaíochtaí i gcomparáid le 2021, tarraingíodh aird sa tuarascáil ar an bpointe gur úsáid 47% de Bhuiséad Carbóin na hÉireann don tréimhse idir 2021-2025 sa chéad dhá bhliain. Tá gá anois le laghdú bliantúil an-dúshlánach de 12.4%, i gcomhair gach bliain atá fágtha má tá Éire chun fanacht ag feidhmiú laistigh den Bhuiséad.




Is fianaise iad na meastacháin shealadacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa go sáróidh Éire a teorainn bhliantúil i gcomhair 2022, gan úsáid a bhaint as solúbthacht, atá leagtha amach faoi Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill an AE (RCD - AE 2018/842) trí 3.72 Mt $CO_2$eq. Ba í sprioc na hÉireann astaíochtaí RCD a laghdú 30% faoin 2030 i gcomparáid le leibhéil 2005, agus tá roinnt solúbthachta ar fáil chun cabhrú leis an sprioc sin a bhaint amach. In 2022, sárófar an teorainn trí 1 Mt $CO_2$eq trí úsáid a bhaint as an dá sholúbthacht atá ar fáil. Beidh sé níos dúshlánaí na spriocanna seo a chomhlíonadh de bhrí, ó 2023 agus ina dhiaidh sin, go mbeidh na teorainneacha bliantúla seo laghdaithe tuilleadh go dtí laghdú 42% faoin 2030.

### Réamh-mheastacháin Astaíochtaí

Léiríodh i *Réamh-mheastacháin Gás Ceaptha Teasa 2022-2040* na GCC a foilsíodh ag tús mhí an Mheithimh 2023 go dtacódh na bearta atá curtha chun feidhme cheana ('reatha') le laghdú 11% ar astaíochtaí in 2030 i gcomparáid le 2018, agus go mbeadh bearta breise i bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 mar bhonn le laghdú 29%. Tarraingíodh aird sa tuarascáil ar an bpointe go bhfuil an chuma ar an scéal nach n-éireoidh le hÉirinn an sprioc laghdaithe astaíochtaí náisiúnta de 51% a bhaint amach (faoin mbliain 2030 i gcomparáid le 2018) bunaithe ar na réamh-mheastacháin seo a bhfuil formhór de bhearta Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 san áireamh iontu.




Leagadh béim sa tuarascáil ar an ngá atá le bearta aitheanta a chur i bhfeidhm ar bhealach níos tapúla chomh maith le soiléireacht níos fearr maidir leis an gcaoi a bhfuiltear ag súil go bhfeidhmeoidh na bearta atá beartaithe má táthar chun laghdú 51% ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa foriomlána a bhaint amach faoin 2030. Chomh maith leis sin, réamh-mheasadh nach gcomhlíonfaidh Éire an sprioc laghdaithe astaíochtaí nua de chuid an Aontais Eorpaigh, 42%, faoin mbliain 2030 (i gcomparáid le 2005) agus go n-éileoidh comhlíonadh na sprice seo cur chun feidhme iomlán agus tapa bhearta Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 mar aon le bearta breise a chur chun feidhme.

Tháinig na Buiséid Charbóin Náisiúnta i bhfeidhm go hoifigiúil ar an 5 Aibreán 2022 tar éis do dhá Theach an Oireachtais glacadh leo, agus fógraíodh uasteorainneacha earnála atá ceangailteach ó thaobh dlí de a bhfuil sé mar aidhm leo tacú le gnóthachtáil na sprice laghdaithe carbóin de 51% a fógraíodh in 2022. Glacadh le trí bhuiséad Carbóin, do na tréimhsí 2021-2025, 2026-2030 agus 2031-2035 agus socraíodh na buiséid ag 295 Mt $CO_2$ eq, 200 Mt $CO_2$ eq agus ag 151 Mt $CO_2$ eq faoi seach. Réamh-mheastar go sárófar an chéad dhá bhuiséad carbóin (2021-2030), a bhfuil sé mar aidhm leo tacú le gnóthachtáil na sprice a bhain le hastaíochtaí a laghdú 51%, trí chorrlach suntasach de idir 24% agus 34%. Réamh-mheastar go sárófar uasteorainneacha astaíochtaí earnála i gcomhair 2025 agus 2030 i mbeagnach gach cás, Talmhaíocht, Leictreachas, Tionscal agus Iompar san áireamh.

## 3.2 Seirbhísí Oiriúnaithe agus Aeráide

Leagtar amach i Straitéis um an Oiriúnú don Athrú Aeráide na GCC conas a chuirfidh an GCC obair i gcrích chun dlús a chur le hoiriúnú ag leibhéal náisiúnta trí mheasúnú riosca, seirbhísí aeráide, fianaise agus eolas, agus go hinmheánach i gcláir ábhartha.

Cuireadh comhtháthú Ardán um Oiriúnú Náisiúnta *Aeráid Éireann* i suíomh gréasáin na GCC i gcrích i mí na Samhna 2023. San áireamh anseo bhí comhtháthú aschuir ón Tionscadal Náisiúnta Réamh-mheastacháin Aeráide dar teideal 'Translate'.

Seoladh Líonra Oiriúnaithe Aeráid Éireann (LOAÉ) ag an gcéad seimineár bliantúil a d'eagraigh LOAÉ i mBaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair 2023. Tá breis is 250 ball páirteach in LOCI anois agus is fóram tábhachtach comhroinnte faisnéise a bheidh ann chun cabhrú le saineolas oiriúnaithe a fhorbairt ag leibhéal cleachtóra in earnálacha éagsúla in Éirinn.

### Iompraíocht a Athrú

Cuireadh an suirbhé agus an anailís a bhain le Babhta 2 de An tAthrú Aeráide in Intinn an Éireannaigh i gcrích idir Meán Fómhair agus Nollaig 2023 agus táthar ag súil go mbeidh na foilseacháin ghaolmhara ar fáil ag tús 2024.

Foilsíodh dhá thuarascáil Léargais maidir le tacaíocht do bheartais aeráide agus braistintí faoi riosca aeráide bunaithe ar An tAthrú Aeráide in Intinn an Éireannaigh - Babhta 1, i mí Dheireadh Fómhair 2023.

Cuireadh tús leis an obair ar Dhearcthaí agus Litearthacht Aeráide sa Státseirbhís (DLASS), bunaithe den chuid is mó ar an suirbhé dar teideal An tAthrú Aeráide in Intinn an Éireannaigh, agus san áireamh san obair seo tá suirbhé ar iompar agus ar dhearcthaí i measc na státseirbhíse.

### Eolaíocht Aeráide

Rinne an GCC ionadaíocht ar Éirinn ag Cruinnithe Iomlánacha PIAA i mí Márta 2023 tráth ar cuireadh an Tuarascáil Sintéise ar a shéú Tuarascáil Mheasúnaithe i gcrích i ndiaidh do rialtais í a cheadú agus i mí Iúil 2023 tráth ar reáchtáladh toghcháin do Chathaoirleach PIAA agus baill den Bhiúró dá seachtú Timthriall Measúnaithe.

Bhí róil thábhachtacha ag an GCC i gcruinnithe 28ú Comhdháil na bPáirtithe (CP28) CCNAAA in Dubai tráth ar cuireadh i gcrích an chéad Stocáireamh Domhanda (SD) faoi Chomhaontú Pháras. I measc na ról seo bhí tacú leis an toscaireacht náisiúnta a bhí á stiúradh ag RCAC, mar bhaill d'idirbheartaíochtaí an AE ar idirbheartaíochtaí SD. Thacaigh an lucht freastail ón GCC le comhghleacaithe ón RCAC le Measúnú Iltaobhach (MI) na hÉireann, mar chuid de phróiseas athbhreithnithe idirnáisiúnta do thíortha

forbartha maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh acu i ndáil lena spriocanna aeráide a chomhlíonadh.

I rith 2023, lean an GCC ar aghaidh ag obair le Tionscnamh Comhphleanála idir-Rialtasach uile-Eorpach (TCP - Aeráide). San áireamh anseo bhí dhá mhórimeacht Eorpacha a eagrú. Ar dtús, Cruinniú Mullaigh Equinox i Márta March 2023 a d'óstáil Rialtas na Beilge. Tagraíodh i Ráiteas an Chruinnithe Mullaigh don chuspóir a bhain le lántairbhe a bhaint as an bpoitéinseal a bhaineann leis an Limistéar Eorpach Taighde agus le dlús a chur le forbairt agus le haistriú eolais ó eolaíocht go dtí beartas san Eoraip. Ansin, bainistiú agus óstáil chomhdháil Oiriúnú don Athrú Aeráide na hEorpa (OAAE) i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Meithimh. Páirteach in OAAE bhí eolaithe, lucht déanta beartas agus cleachtóirí mór le rá a bhí i mbun machnaimh ar shaincheisteanna oiriúnaithe.

Ainmníodh Éire mar bhall iomlán den Chóras Comhtháite Breathnóireachta Carbóin (CCBC) i mí Eanáir agus ainmníodh an GCC mar Phointe Fócasach Náisiúnta. Is bonneagar uile-Eorpach é CCBC a sholáthraíonn sonraí breathnóireachta ar ardchaighdeán faoi gháis cheaptha teasa. Cumasaíonn siad seo anailís eolaíoch ar astaíochtaí agus ar bhaint a chuireann le faisnéis a chuirtear ar fáil i bhFardail GCT Náisiúnta. Páirteach i líonra CCBC in Éirinn tá ceithre láithreán atmaisféaracha, ceann ag Ceann Mhása, Co. na Gaillimhe, Ceann an Chairn, Cionn Mhálanna agus Dairbhre, Co. Chiarraí, cúig láithreán éiceachórais – dhá láithreán ar fhéarach, dhá láithreán ar thalamh portaigh agus foraois amháin. Déanann Foras na Mara tomhais longbhunaithe a áirítear i Líonra CCBC. Rinne an GCC ionadaíocht ar Éirinn ag dhá chruinniú fhíorúla agus ag dhá chruinniú ar freastalaíodh orthu de Chomhthionól Ginearálta CCBC in 2023.

## Measúnú na hÉireann ar Athrú Aeráide

Threoraigh an GCC forbairt chéad tuarascáil na hÉireann ar an Measúnú ar an Athrú Aeráide (MAAÉ) a foilsíodh ag tús 2024. Is é seo an chéad measúnú cuimsitheach agus údarásach ar staid an eolais faoin athrú aeráide in Éirinn. Tá measúnú le fáil sa tuarascáil ar ár dtuiscint ar an athrú aeráide, agus tugtar le chéile ann an fhianaise ar fad atá ar fáil chun faisnéis inghníomhaithe a chur ar fáil. Tá sé seo bunaithe ar thaighde eolaíoch agus ar bhreathnóireachtaí córasacha in Éirinn, atá nasctha le hanailís AE agus dhomhanda. Soláthraíonn MAAÉ faisnéis achomair a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le cinnteoireacht faoi ghníomhaíochtaí aeráide. San áireamh sa mheasúnú tá ceithre imleabhar théamacha maidir le (1) eolaíocht bhunúsach, "Éire i ndomhan atá ag athrú", (2) Maolú "Gnóthachtáil Neodracht Aeráide", (3) Oiriúnú, "A bheith ullamh d'aeráid na hÉireann sa todhchaí" agus (4) Tairbhe a bhaint as buntáiste an aistrithe agus an athraithe i dteannta le Tuarascáil Sintéise.

## Córas Bainistíochta Comhshaoil na GCC

Tá an GCC tiomanta do cheannaireacht a thabhairt le dea-shampla agus do bhainistíocht agus cleachtas maith comhshaoil a ionchorprú inár ngníomhaíochtaí laethúla. Oibríonn agus cothaíonn an GCC Córas Bainistíochta Comhshaoil (CBC), atá deimhnithe de réir chaighdeán idirnáisiúnta ISO 14001:2015. Bhí an CBS seo riachtanach chun éachtaí na GCC go dtí seo a bhaint amach chun tionchar na ngníomhaíochtaí ar an gcomhshaol a íoslaghdú agus feabhas leanúnach ar an gcomhshaol a spreagadh, chun truailliú a chosc; astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a thomhas agus a laghdú; dul in oiriúint don athrú aeráide agus feasacht chomhshaoil a spreagadh laistigh den eagraíocht. I gcomhréir le Ciorclán 1/2020, rinne an GCC an íocaíocht riachtanach chun ár n-astaíochtaí 2023 de 44 Tonna $CO_2$ a bhaineann le haerthaisteal gnó a fhritháireamh. Lena chois sin, tá ár n-astaíochtaí GCT á dtuairisciú againn faoi Chaighdeán Corparáideach an Phrótacail Gás Ceaptha Teasa. Bailítear sonraí ábhartha faoi ídiú fuinnimh, teas, iompar, úsáid uisce agus bainistíocht dramhaíola ar fud na heagraíochta agus tiontaítear go dtí méadracht charbóin iad.

## Astaíochtaí gás ceaptha teasa


Leagtar amach sa Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide sprioc laghdaithe astaíochta GCT fuinnimh de 51% faoin mbliain 2030 i gcomhair comhlachtaí poiblí. San áireamh i bPlean Straitéiseach 2022–2026 na GCC tá sprioc laghdaithe astaíochtaí GCT eatramhach de 30% ar a laghad faoin 2026. In 2023, d'ullmhaigh an GCC an dara tuarascáil faoinár n-astaíochtaí carbóin mar thoradh ar ár ngníomhaíochtaí mar chuid den ghealltanas a bhaineann le hastaíochtaí GCT a laghdú. Bhí na hastaíochtaí carbóin iomlána a d'eascair as gníomhaíochtaí na GCC in 2022 cothrom le 1,141 tona de choibhéis $CO_2$ ($tCO_2eq$), figiúr atá 37% níos ísle ná an bhonntréimhse 2016-2018 (1,826 $tCO_2eq$) agus 20% níos airde ná 2021 (962 $tCO_2eq$).

Gineadh na hastaíochtaí carbóin is mó ó ghníomhaíochtaí Raon Feidhme 3 (comaitéireacht agus taisteal gnó go príomha), astaíochtaí a bhí cothrom le 34% de na hastaíochtaí carbóin iomlána. Bhí gníomhaíochtaí Raon Feidhme 1 (dóchán seasta agus soghluaiste) freagrach as 23% de na hastaíochtaí (388 tCO2eq). Mhéadaigh na leibhéil foirne go dtí 450 ball foirne Coibhéis Lánaimseartha (CLA) (sin méadú de 32% ó 2010) faoi dheireadh mhí na Nollag 2022. Is ionann é seo agus laghdú ar astaíochtaí de bhreis ar 50% ón mbonntréimhse mheánach (2016-2018), i gcomparáid leis na hastaíochtaí iomlána ginte in 2022 de réir bhaill foirne CLA na GCC.

## Úsáid fuinnimh

Tagann éileamh fuinnimh na GCC ó théamh, soilsiú, cumhacht leictreach, uisce te agus iompar go príomha. In 2023, bhí ídiú fuinnimh iomlán na GCC (Fíor 14) cothrom le 2,702 meigeavatuair (MWh). Tugadh laghdú foriomlán de 2.1% faoi deara idir 2022 agus 2023.

Tá an GCC tiomanta don éileamh fuinnimh a laghdú trí réitigh inbhuanaithe a chur chun feidhme cosúil le huasghráduithe soilse LED, uasghráduithe córais teasa agus suiteáil painéal fótavoltacha gréine agus tús a chur le húsáid a bhaint as flít iomlán d'fheithiclí leictreacha.




Fíor 14. Úsáid fuinnimh na GCC i meigeavatuair (MWh), 2023



Ionad cóireála uisce






# 4 Táirgeadh agus Tomhaltas Inbhuanaithe

**Cuirimid an t-aistriú go táirgeacht agus caitheamh inbhuanaithe chun cinn**
Cothaíonn ár bhfianaise, rannpháirtíocht agus gníomhaíochtaí rialála, agus tacaíonn leis an bpobal agus gnólachtaí chun níos lú acmhainní a úsáid agus cinntí níos fearr ar son an chomhshaoil a ghlacadh

# 4. TÁIRGÍOCHT AGUS CAITHEAMH INBHUANAITHE

I ngeilleagar ciorclach, úsáidtear níos lú amhábhar, tá táirgí deartha le haghaidh saolré fada, in-athchúrsáilte, roinnte, a úsáidtear ar feadh tréimhse níos faide, deisithe agus athúsáidte. Déantar ábhar agus táirgí a athchúrsáil a oiread agus is féidir agus ní dhéantar ach an codán nach féidir a athchúrsáil a dhiúscairt.

## 4.1 Clár an Gheilleagair Chiorclaigh




In 2023, sholáthair Clár an Gheilleagair Chiorclaigh raon leathan gníomhaíochtaí lena n-áirítear staitisticí náisiúnta a chur i dtoll a chéile, clár náisiúnta chun dramhbhia a chosc a chur chun feidhme, rialachán maidir le ciorclacht (mar údarás inniúil do cheadúnú earnáil na dtáirgí deireadh dramhaíola agus fotháirgí agus dramhaíl), tacú le cur chun feidhme an tSoláthair Phoiblí Ghlais, maoiniú nuálaíochta agus taispeántais a chur ar fáil agus clár bunaithe ar léargas agus ar fhianaise iompair a chur ar fáil. Reáchtáladh comhdháil bhliantúil na GCC maidir leis an ngeilleagar ciorclach i mí Mheán Fómhair.

## 4.2 Rialachán Geilleagar Chiorclaigh

Tacaíonn na forálacha rialála chun measúnú a dhéanamh ar cibé acu an féidir nó nach féidir ábhair a dhearbhú mar ábhar deireadh dramhaíola nó mar fhotháirge leis an aistriú chuig an ngeilleagar ciorclach trí chead a thabhairt úsáid a bhaint as ábhair thánaisteacha mar acmhainn nó mar tháirge, rud a chinntíonn go mbíonn ábhair i gcúrsaíocht le haghaidh tréimhse níos faide. Íoslaghdaíonn sé sin eastóscadh acmhainní nádúrtha breise agus seachnaítear giniúint dramhaíola neamhriachtanach. Chomh maith leis sin, tacaíonn sé leis an uaillmhian a bhaineann le níos mó soláthair ghlais de réir mar a ailínítear ceannach ábhar tánaisteach le tionchar carbóin níos ísle.

Rialaíonn an GCC do gheilleagar ciorclach trí chinnteoireacht maidir le Deireadh Dramhaíola agus Fotháirge. In 2023, foilsíodh critéir náisiúnta deireadh dramhaíola le haghaidh tathagaigh athchúrsáilte agus critéir náisiúnta fotháirgí le haghaidh asfailt ó phlánáil bóithre agus bhí neart gníomhaíochta clárúcháin a bhain leis na critéir seo á déanamh faoi dheireadh na bliana. Lena chois sin, bhí dlús suntasach curtha leis an obair a bhain le forbairt na gcritéar náisiúnta fotháirgí d'ithir agus do chloch láithreán úrnua faoi dheireadh na bliana. Rinne neart plé leis na páirtithe leasmhara i rith an phróisis a bhain le gach tacar critéar a fhorbairt, mar aon le measúnú teicniúil agus anailís mhargaidh mhionsonraithe.

Rinneadh tuilleadh forbartha ar Chlár na bhFotháirgí chun freastal ar ghníomhaíocht faoi na critéir náisiúnta agus tá Clár Deireadh Dramhaíola nua forbartha freisin.


Chomh maith le bheith ag obair ar na cinntí náisiúnta, lean an GCC ar aghaidh ag measúnú comhad aonair a bhain le fógraí fotháirgí agus iarratas deireadh dramhaíola mar atá léirithe sna samplaí seo a leanas:

- Rinneadh cinneadh maidir le 447 fógra fotháirgí (414 arna gcinneadh mar fhotháirge, 15 arna gcinneadh mar dhramhaíl agus 18 aistarraingthe), agus bhain céatadán suntasach díobh le hobair a rinneadh chun déileáil leis an riaráiste fógraí ar láimh.
- I ndiaidh fhoilsiú na gcritéar náisiúnta deireadh dramhaíola le haghaidh comhiomlán athchúrsáilte, cuireadh clabhsúr le 29 comhiomlán athchúrsáilte ar láimh de bhrí go rabhthas ag déileáil leo, tríd is tríd, leis na critéir náisiúnta foilsithe.

I rith 2023, rinneadh tuilleadh forbartha ar an gClár Fotháirgí, agus forbraíodh Clár Deireadh Dramhaíola nua, chun freastal ar chlárú gníomhaíochta faoi na critéir náisiúnta. Soláthróidh infhaighteacht phoiblí na gclár seo rochtain ar fhaisnéis a thacóidh le soláthar glas d'earnálacha ábhartha.

## 4.3 An Geilleagar Ciorclach & Staitisticí Dramhaíola

Tá freagracht reachtúil ar an GCC sonraí staitistice faoin ngeilleagar ciorclach agus dramhaíola náisiúnta a thiomsú, a bhailíochtú agus iad a thuairisciú. Foilsíonn an GCC sonraí a bhaineann le roinnt sruthanna dramhaíola lena n-áirítear na cineálacha dramhaíola seo a leanas - teaghlach, cathair, tógáil & scartáil, guaiseach agus dramhbhia. Lena chois sin, tá freagracht ar an GCC anois a gníomhaíocht Athúsáide sa gheilleagar agus Plaistigh aonúsáide a thuairisciú a chabhróidh chun aistriú na hÉireann go dtí geilleagar ciorclach a rianú. Foilsítear sonraí bliantúla a bhaineann le dramhaíl agus leis an ngeilleagar ciorclach ar shuíomh gréasáin na GCC agus i dtuarascáil bhliantúil ar bhuaicphointí sonraí ina dtugtar le chéile príomhshonraí ónár dtuairisciú, rátaí foriomlána giniúna agus cóireála agus ina dtuairiscítear ar dhul chun cinn na hÉireann chomh fada is a baineann le spriocanna athchúrsála agus aisghabhála an AE a chomhlíonadh (Fíor 15).




**Fíor 15.** Rátaí athchúrsála agus spriocanna todhchaíocha do dhramhaíl chathrach agus phacáistithe

Cuireadh *Tuarascáil Bhuaicphointí Staitisticí an Gheilleagair Chiorclaigh agus Dramhaíola,* na GCC, a foilsíodh i mí na Samhna, i dtoll a chéile i bhformáid choimrithe nua ina bhfuil cairteacha agus grafaicí eolais idirghníomhacha. Tarraingíodh aird ar threochtaí ar ábhar imní iad sa tuarascáil. Tá an iomarca dramhaíola á giniúint ag Éirinn, agus mhéadaigh an ghiniúint dramhaíola fhoriomlán go dtí 17.6 milliún tona in 2021, sin méadú ó 16.2 milliún tona in 2020. Níor athraigh na rátaí athchúrsála do dhramhaíl chathrach ón 2021 - tá na rátaí fós cothrom le 41%. Ó tharla go bhfuil na leibhéil ghiniúna dramhaíola ag méadú agus go bhfuil na leibhéil athchúrsála ag fanacht mar atá, tá an chuma ar an scéal go mbeidh ár spriocanna athchúrsála AE á gcomhlíonadh againn ón mbliain 2025 ar aghaidh.


Chomh maith leis sin, tarraingíodh aird sa tuarascáil ar an méid atá Éire ag brath ar dhramhaíl a easpórtáil chun críche cóireála. Easpórtáladh 1.2 milliún tona nó 38% den Dramhaíl chathrach ar fad chun críche cóireála in 2021. San áireamh ansin tá 800,000 tona de dhramhaíl chathrach easpórtáilte chun críche athchúrsála agus 382,000 tona easpórtáilte chun críche aisghabhála fuinnimh trí loscadh. Seoladh 69% den Dramhaíl phacáistithe athchúrsáilte ar fad thar lear chun críche athchúrsála.

Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh an GCC Tuarascáil Tréithrithe na Dramhaíola Cathrach 2022. Léirítear i dtorthaí an staidéir seo (Fíor 16 & Fíor 17), tríd is tríd, gur beag athrú atá tagtha ar chomhdhéanamh dhramhaíl chathrach na hÉireann ó 2018.


I measc na dtorthaí tá:

Tá deighilt mhícheart dramhaíola fós coitianta i ngach teaghlach agus in earnálacha gnó agus bhí 65% de dramhaíl chathrach ar fad a bailíodh fós á bailiú i mbosca bruscair na dramhaíola iarmharaí (ginearálta).

- Is í dramhaíl orgánach (dramhbhia agus dramhaíl ghairdín) an t-ábhar is suntasaí, ábhar atá cothrom le 30% de gach dramhaíl tí agus 33% de dhramhaíl tráchtála.
- Is ábhar plaisteach (16%), páipéar (10%) agus cairtchlár (6%) a bhí i mbreis is 30% den dramhaíl teaghlaigh agus bhí formhór na n-ábhar seo le fáil i mboscaí bruscair ginearálta seachas i mboscaí bruscair athchúrsála.
- Tarlaíonn éilliú pacáistíochta sa bhosca bruscair athchúrsála mar gheall ar iarmhar bia, traséilliú nó neamhchosaint ar bháisteach, agus is fadhb mhór atá ann agus bhí sé freagrach as thart ar 7% (80,000 tona) de dhramhaíl tí.
- Ba cheart go mbeadh 24% de na hearraí a fhaightear i mboscaí bruscair athchúrsála tráchtála curtha i mbosca bruscair na dramhaíola iarmharaí nó na dramhaíola orgánaí.




**Fíor 16.** Comhdhéanamh na mBoscaí bruscair dramhaíola ginearálta teaghlaigh bunaithe ar Staidéar tréithrithe dramhaíola cathrach 2022




**Fíor 17.** Comhdhéanamh na mBoscaí bruscar dramhaíola ginearálta tráchtála bunaithe ar Staidéar tréithrithe dramhaíola cathrach 2022

## 4.4 Geilleagar Ciorclach a Chur i bhFeidhm

Reáchtáladh raon leathan de ghníomhaíochtaí cur chun feidhme an gheilleagair chiorclaigh le linn 2023, lena n-áirítear iad siúd a leagtar amach thíos.

### Soláthar Poiblí Glas




Faoi Phleananna um Ghníomhú ar son na hAeráide an Rialtais, sanntar an phríomhfhreagracht ar an GCC as gníomhaíocht Soláthair Phoiblí Ghlais (SPG) arna déanamh ag ranna rialtais a thomhas agus a thuairisciú ar bhonn bliantúil. I mí Aibreáin, foilsíodh *an dara tuarascáil don bhliain tagartha 2021* inar léiríodh - as an gcaiteachas iomlán a tuairiscíodh, de bhreis ar €528 milliún ar chonarthaí a raibh luach níos mó ná €25,000 luaite leo - nár chuir ach 10% critéir ghlasa san áireamh (níos ísle ná mar a tuairiscíodh in 2020). Is ionann é seo agus deis a chailleadh chun earraí, seirbhísí agus oibreacha níos éifeachtúla ó thaobh acmhainn de a cheannach laistigh den áit mhargaidh.



Reáchtáladh imeacht tionscnaimh na GCC dar teideal 'SPG i gCleachtas' i mí na Samhna. Tugadh deis do spriocphobal de 141 soláthróir agus sonraitheoir earnála poiblí as 72 eagraíocht earnála poiblí éisteacht le naoi gcás-staidéar phraiticiúla agus le heolas faoi uirlisí agus acmhainní a bhaineann le cur chun feidhme SPG.

### Cosc Dramhbhia

Tá ról reachtúil ag an GCC in iarrachtaí na hÉireann dramhbhia a chosc, iarrachtaí atá bunaithe ar ghealltanas na hÉireann dramhbhia a laghdú faoina leath faoin mbliain 2030 (Sprioc Forbartha Inbhuanaithe na NA 12.3) agus atá nasctha leis an ngníomhú ar son na haeráide (tá suas go dtí 10% d'astaíocht GCT an domhain nasctha le dramhbhia).




Príomhghníomh don GCC é athsheoladh na *Cairte Dramhbhia* faoi Threochlár Náisiúnta na hÉireann um Dhramhbhia a Chosc 2023 – 2025. Is comhaontú deonach í an Chairt a thugann deis do ghnóthaí san earnáil bhia as ar fud an tslabhra soláthair gealltanas a thabhairt maidir le dramhbhia a laghdú. I mí Meithimh, gheall dhá roinn rialtais (RCAC agus RTBM), cúig ghníomhaireacht stáit (Bord Bia, Bord Iascaigh Mhara, Fiontraíocht Éireann, Fáilte Éireann agus Teagasc) tacú le cur chun feidhme na Cairte Dramhbhia. Faoi dheireadh na bliana, bhí 24 ball gnó deimhnithe.

Foilsítear treoir maidir le dramhbhia a chosc sna hearnálacha seo a leanas - *bia mara*, *bia báicéireachta* agus *bianna ullmhaithe* chun tacú le dramhbhia a thomhas de réir modheolaíochta caighdeánaithe.




Reáchtáladh an *Fóram Dramhbhia* débhliantúil i mí na Samhna mar imeacht ar líne agus bhain breis is 90 duine cláraithe tairbhe as. I rith na gcur i láthair ó na hearnálacha miondíola, báicéireachta agus bia ullmhaithe díríodh ar chás-staidéir phraiticiúla maidir le dramhbhia a chosc.




Is é *Cuir Stop le Dramhbhia* an clár náisiúnta tomhaltóirí um dramhbhia a chosc. In 2023 ba é téama na cumarsáide "na bianna is coitianta a chaitear amach" (arán, torthaí & glasraí agus fuílligh), bunaithe ar thaighde a rinneadh ar léargas iompair. Ar an Lá Náisiúnta Cuir Stop le Dramhbhia ar an 1 Márta ba í an treoir chun gnímh "An Dúshlán Cuir Stop le Dramhbhia" agus fiafraíodh de thomhaltóirí a gcuid dramhbhia a thaifeadadh do sheachtain agus ansin gníomhartha simplí a dhéanamh chun dramhbhia a laghdú agus chun airgead a shábháil. I rith feachtas náisiúnta eile a eagraíodh i rith na bliana tarraingíodh aird ar an gciall atá le Dátaí ar Fearr Roimhe (Deireadh Fómhair) agus Fuílligh Béile Féiltiúla (Nollaig).

## Ár nDearcadh agus Ár Iompar a Thuiscint

Tá an obair atá á déanamh ag *léargas iompair* Chlár an Gheilleagair Chiorclaigh mar bhonn le beartas agus ag tacú le feachtais chumarsáide náisiúnta fhianaisebhunaithe. In 2023, foilsíodh tuarascálacha maidir le dearcadh agus iompar i ndáil le deisiú, athúsáid, bia agus teicstílí. I mí Aibreáin, reáchtáil an GCC feachtas cúig lá ar na meáin shóisialta a bhí dírithe ar theicstílí agus an geilleagar ciorclach, bunaithe ar thorthaí an tsuirbhé teicstílí léargais iompair.

## Obair a Dhéanamh trí Chomhpháirtíochtaí

Cuireadh críoch leis an gclár comhpháirtíochta ar a tugadh Saotharlanna Beo Campais le Cumann Ollscoileanna Éireann i mí Dheireadh Fómhair le seimineár gréasáin faoi ról ollscoileanna i ndlús a chur le geilleagar ciorclach. I measc na n-acmhainní a forbraíodh i rith an tionscadail dhá bhliain seo bhí torthaí ó thriail cupán caife in-athúsáidte, rolladh amach 'An Cluiche Dramhaíola', treoir céim ar chéim maidir le conas idirghabhálacha agus moltaí iompair a dhearadh agus triail a bhaint astu in ollscoileanna chun díriú ar athúsáid bulcearraí. Tá eolas maidir le sócmhainní agus aschur le fáil ar *shuíomh gréasáin Chumann Ollscoileanna Éireann*.

I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh, cuireadh críoch leis an gcomhpháirtíocht le Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann maidir leis an gclár Feirmeoireachta Cliste in 2023. Ba í Feirmeoireacht Chliste ceann de na chéad chlár agrai-inbhuanaitheachta agus clár a bhí aitheanta mar gheall ar a nuálaíocht. Tá go leor de ghníomhaíochtaí an chláir á ndéanamh anois ag cláir agrai-inbhuanaitheachta atá á maoiniú go poiblí agus ag an tionscal a bhfuil neart acmhainní ar fáil lena n-aghaidh, agus tá níos mó poitéinsil ann do thionchar agus d'aimsiú spriocphobail.

Sholáthair Clár an Gheilleagair Chiorclaigh maoiniú deontais don Ionad Athfhionnachtana, do Líonra Acmhainní Pobail na hÉireann agus do Chomhairle Contae Mhuineacháin (ag tacú le *www.repairmystuff.ie*, eolaire ar líne náisiúnta de dheisitheoirí) chun tacú le agus chun dlús a chur le gníomhaíochtaí athúsáide agus deisiúcháin a bhfuil ról lárnach acu sa gheilleagar ciorclach.

Lean an GCC ar aghaidh lena ról ar choiste stiúrtha *CIRCULEIRE*, mar aon le RCAC, Irish Manufacturing Research agus baill thionsclaíocha.

Maoiniú Nuálaíochta

Cinneadh sos a chur leis an nglao maoinithe dar teideal *Fiontraíocht Ghlas: Nuálaíocht do Gheilleagar Ghlas* fad is atá anailís ar dheiseanna maoinithe a bhaineann leis an ngeilleagar glas sa mhargadh á déanamh. Leanadh ar aghaidh ag tacú le tionscadail a maoiníodh i rith blianta roimhe seo, agus cuireadh sé thionscadal i gcrích in 2023 agus bhíothas ag obair ar aon tionscadal déag ag deireadh na bliana.

Chun triail a bhaint as cur chun feidhme na *dTreoirlínte Dea-chleachtais chun Pleananna Acmhainní & Bainistíochta Dramhaíola a ullmhú do Thionscadail Tógála & Scartála* eisíodh glao maoinithe iomaíoch agus bronnadh maoiniú ar Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge (struchtúir atá faoi chosaint ar 37 Cé na gCeannaithe) agus Comhairle Contae Dhún na nGall (feabhsú 43 aonad tithíochta sóisialta).

## An Geilleagar Ciorclach & Údarú Dramhaíola

I ndiaidh atheagrú inmheánach na GCC, bunaíodh foireann nua, Údaruithe an Gheilleagair Chiorclaigh agus Dramhaíola, a bhí freagrach as

- Ceadúnú dramhaíola (Ceadúnais Astaíochtaí Tionsclaíocha agus Dramhaíola faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola).
- Deimhnithe clárúcháin eisithe d'údaráis áitiúla.
- Cinntí údaraithe dramhaíola Airteagal 11.
- Líonadh talún stairiúil.
- Clár náisiúnta acmhainne dramhaíola.

Le cois na n-údaruithe/na gcinntí a eisíodh, mar atá mínithe thuas, cuireadh obair i gcrích chun caighdeán na n-iarratas faighte i ndáil le líonadh talún stairiúil a ardú. Bhain príomhghné den obair seo leis an measúnú ar líonadh talún gáis a bhí éagsúil go dtí seo. Reáchtáladh ceardlann theicniúil ar ghás líonta talún agus ar úsáid treoir chrainn chinnteoireachta chun measúnú a dhéanamh ar astaíochtaí gáis líonta talún d'údaráis áitiúla agus dá sainchomhairleoirí gaolmhara i mí an Mhárta 2023. Chomh maith leis sin, cuireadh obair i gcrích ar an athbhreithniú ar an bhfoirm iarratais a úsáideadh chun caighdeán na faisnéise agus soláthar na dtorthaí faireacháin a cuireadh ar fáil in iarratais a bharrfheabhsú, agus cuireadh é seo ar fáil d'iarrthóirí in 2023. Chomh maith leis sin, cuireadh suíomh agus sonraí achomair líonta talún stairiúil ar fáil don phobal ar Léarscáileanna GIS na GCC do láithreáin ar eisíodh deimhniú údaraithe deiridh dóibh.







# 5 Tionchar Éifeachtach

**Is tionchar éifeachtach muid ar son chomhshaol na hÉireann.**
Cuirtear muinín ionainn mar fhoinse neamhspleách agus thrédhearcach d'fhianaise agus eolas comhshaoil.
Déanaimid iarracht an comhshaol a fheabhsú agus muid ag obair le dreamanna eile agus ag dul i gcion go réamhghníomhach ar bheartas, reachtaíocht agus athrú iompraíochta.

# 5. TIONCHAR ÉIFEACHTACH

## 5.1 Comhpháirtíochtaí agus Líonrú

### Coistí Oireachtais

Cuireann an GCC fáilte roimh an deis teagmháil a dhéanamh le Comhchoistí agus Roghchoistí an Oireachtais agus faisnéis a thabhairt dóibh maidir lena bhfeidhmeanna maoirseachta reachtúla agus riaracháin. I rith 2023, d'fhreastail an GCC ar an gComhchoiste Oireachtais um Thalmhaíocht, Bia agus Muir i ndáil leis an Tuarascáil Faireacháin um Cháilíocht an Uisce ar Thiúchaintí Nítrigine agus Fosfair in Uiscí na hÉireann 2022, agus ar an gComhchoiste Oireachtais um an gComhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide maidir le Tuarascáil ar Chaillteanas Bithéagsúlachta Thionól Saoránach na hÉireann.

### An Comhaontú Maoirseachta

I gcomhréir leis na ceanglais sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, tá Comhaontú Maoirseachta a thugann sainmhíniú ar an gcaidreamh idir an Mháthair-Roinn agus an GCC i bhfeidhm leis an An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC). Tugtar aitheantas sa Chomhaontú Maoirseachta go bhfuil freagracht ar an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHPLG) as roinnt mhaith réimsí a bhfuil baint dhíreach acu le sainchúram an GCC, agus tugtar sainmhíniú ann ar chaidreamh an GCC leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Tá Comhaontú Seirbhíse Feidhmiúcháin ina chuid den Chomhaontú Maoirseachta agus díríonn sé ar phríomhthosaíochtaí agus aidhmeanna na GCC. Tugtar sainmhíniú sa chomhaontú ar úinéireacht agus cuntasacht seirbhísí i ndáil le róil agus freagrachtaí gach comhpháirtí lena chinntiú go ndéanfar feidhmeanna reachtúla na GCC a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach éifeachtúil.

### Meabhráin Tuisceana/Comhaontuithe Seirbhíse

Tá an GCC tar éis glacadh le ceithre Mheabhrán Tuisceana (MoU) déag chomh maith le Comhaontuithe Seirbhíse (CS) le heagraíochtaí éagsúla a bhfuil baint acu nó a chuireann le hábhair a bhaineann leis an gcomhshaol. Foilsítear Meabhráin Tuisceana ar shuíomh gréasáin na GCC nuair a dhéantar comhaontú faoi seo leis an bpáirtí eile.

### An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil

Soláthraíonn an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (GEC) faisnéis thráthúil, spriocdhírithe, ábhartha agus iontaofa do ghníomhairí ceaptha beartas agus don phobal maidir le réimse leathan topaicí a bhaineann leis an gcomhshaol. Is é a líonra tíre, ar a dtugtar an Gréasán Eorpach um Fhaisnéis agus um Fhaire ar an gComhshaol (Eionet), príomhlíonra na hEorpa d'eolas comhshaoil agus aeráide a bhaineann le beartas. Tá freagracht ar an GCC maidir le rannpháirtíocht na hÉireann sa Líonra a chomhordú.

Rinneadh mórphróiseas nuachóirithe ar an líonra agus rinneadh athsheoladh foirmiúil air ag tús na bliana 2023. Ó shin i leith, tá rannpháirtíocht an-dearfach ag rannpháirtithe Éireannacha, agus tá 117 saineolaí rannpháirteach sa líonra faoi láthair - ní raibh 60 díobh rannpháirteach seo roimhe seo. Tá méadú suntasach tagtha ar rannpháirtíocht le saineolaithe a rinne ionadaíocht ar 22 eagraíocht ar fud ranna rialtais, gníomhaireachtaí stáit, agus institiúidí tríú leibhéal le hocht n-eagraíocht a bhí nua do Eionet in 2023.

Lean Laura Burke, Ard-Stiúrthóir an GCC, de bheith ina Cathaoirleach ar Bhord Bainistíochta an GEC go dtí mí Mheán Fómhair 2023 tar éis dhá théarma iomlána a chríochnú.

### Eolaíocht Saoránach

Lean an GCC ar aghaidh ag obair le heagraíochtaí comhpháirtíochta ar thionscadail éagsúla a bhain leis an eolaíocht saoránach. Lean Clár GLOBE - i gcomhpháirtíocht le hAonad Oideachais Comhshaoil an Taisce, lena fheachtais mhonatóireachta aeir dé-ocsaíde nítrigine ($NO_2$) i scoileanna ar fud na tíre. Sa bhliain 2023, chláraigh 209 scoil ar fud na tíre chun páirt a ghlacadh i bhfeachtais ar chaighdeán an aeir i mí Dheireadh Fómhair, agus fuair 172 scoil torthaí le dé-ocsaíd nítrigine. I rith na bliana, reáchtáil GLOBE ceithre thionscadal ar bhonn píolótach freisin ar théamaí nuafhorbartha athléimneacht aeráide, tomhais tuilte agus báistí, breathnaithe ar chrainn earraigh, agus aibhneacha mar éiceachórais. Ar an iomlán, chláraigh 337 scoil le haghaidh feachtais GLOBE Ireland/feachtais ar bhonn píolótacha le linn 2023.

In 2023 leanadh leis an tionscadal mórscála monatóireachta dé-ocsaíde nítrigine atá bunaithe ar shaoránaigh 'Aer Glan le Chéile'. Ghlac breis is 2000 eolaí saoránach páirt i gcéad trí chéim an tionscadail i gCathair Bhaile Átha Cliath, i gCathair Chorcaí, agus i gCathair na Gaillimhe agus fuarthas breis agus 3,300 ráiteas spéise ón dá fheachtas. Soláthraíonn na tionscadail saoránach seo sonraí i go leor réimsí nach féidir monatóireacht a dhéanamh orthu faoi láthair, agus úsáidfear na sonraí a bhaileofar chun samhlacha a fhorbairt chun cáilíocht an aeir sna trí chathair a thuar níos fearr. Críochnaíodh na tomhais i nGaillimh ag deireadh 2023 tar éis foilsiú chéim Chathair Chorcaí ag tús 2023.




Lean an GCC ar aghaidh ag obair i gcomhpháirtíocht leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta (NBDC) ar thionscadal Dragonfly Ireland (2019–2024) agus tháinig méadú 8% ar thaifid na snáthaidí móra agus na béchuile sa bhliain 2023. Bhí beagnach 4,000 taifead de shnáthaidí agus béchuileanna curtha isteach faoin Nollaig 2023 agus tá taifid faighte anois ó 84% d'achar talún na hÉireann agus tá an limistéar atá fágtha mar thosaíocht do 2024.

D'oibrigh an GCC i gcomhpháirtíocht leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta freisin ar an suirbhé 'Explore Your Shore' (Taiscéalaíocht Trá), agus é mar chuspóir sa suirbhé cumhacht agus tacaíocht a thabhairt d'eolaithe deonacha saoránaigh suirbhéireacht a dhéanamh ar speicis mhara idirthaoideacha agus chósta, agus taifead a dhéanamh orthu. Faoi dheireadh 2023, bhí 6,546 taifead de 638 speiceas muirí curtha faoi bhráid NDBC.

Leanadh den chomhpháirtíocht rathúil le Leabharlanna Loch Garman in 2023 agus cuireadh monatóirí digiteacha radóin ar fáil ar iasacht do bhaill leabharlainne Loch Garman. in 2023, leathnaíodh an scéim go Contae Chorcaí, agus lonnaigh 50 monatóir chuig gach leabharlann contae.

## Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta

Déanann an GCC rannpháirtíocht earnála a chur chun cinn maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) agus dea-chleachtas i leith MSTnna a chur i bhfeidhm i ngach údarás poiblí. Rinneadh 205 aighneacht MST san iomlán sa bhliain 2023 (lena n-áirítear 55 ag céim an Dréachtphlean). I measc na bpleananna suntasacha bhí Gníomhaíochtaí Cothabhála Draenála Artairí, Plean Forbartha Fuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta, Plean Náisiúnta Bainistíochta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach, Athbhreithniú Straitéiseach Iarnróid Uile-Oileáin, agus na Treoirlínte maidir le Lonnaíochtaí Inbhuanaithe agus Dlúth d'Údaráis Phleanála. Tá siad seo foilsithe ar an *rannán aighneachtaí de shuíomh Gréasáin na GCC.*

Áiríodh i nDoiciméid Treorach GCC a foilsíodh in 2023 Treoir Dhea-Chleachtais maidir le MST agus tírdhreach agus Treoir Dhea-Chleachtais maidir le MST don Earnáil Turasóireachta ag cur le sraith nótaí treorach earnála GCC atá ag an MST faoi láthair.

Lean an GCC ar aghaidh ag comhordú agus ag cur tacaíocht rúnaíochta ar fáil d'Fhóram Náisiúnta SEA, a éascaíonn comhroinnt faisnéise agus comhoibriú idir údaráis náisiúnta SEA.

## Comhairliúcháin Mheasúnaithe ar Bheartas Comhshaoil

Bainistíonn réimse oibre Measúnaithe agus Comhordú Beartais Comhshaoil (EPAC) na GCC ullmhú aighneachtaí do chomhairliúcháin. I measc na bpríomh-aighneachtaí a rinneadh in 2023 bhí, *inter alia*, aighneachtaí maidir leis na nithe seo a leanas: ráiteas ar Straitéisí do ranna rialtais (RCAC, RTBM agus RTRÁO), Plean Gníomhaíochta Bithgheilleagair, an beartas um Thurasóireacht Inbhuanaithe, agus an Straitéis agus Plean Gníomhaíochta um Sholáthar Poiblí Glas. Tá na haighneachtaí seo ar an *rannán aighneachtaí de shuíomh Gréasáin na GCC*.

## LCFCÉ

Cuireann an Líonra um Chomhlíonadh agus Fhorfheidhmiú Comhshaoil na hÉireann fóram ar fáil a thugann spreagadh agus tacaíocht d'eagraíochtaí agus do dhaoine aonair obair le chéile le feabhsúcháin a chur i bhfeidhm i réimsí comhshaoil tosaíochta. I measc bhaill an líonra tá, den chuid is mó, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí stáit agus ranna rialtais, a bhfuil baint acu le reachtaíocht chomhshaoil a fhorfheidhmiú agus a chur chun cinn, agus le rannpháirtíocht maidir leis an reachtaíocht sin.

Bhí an líonra NIECE an-ghníomhach i rith 2023 le gníomhaíochtaí ar fud 13 líonra agus ceithre ghrúpa oibre.

Bhí sé imeacht náisiúnta forfheidhmithe ar bun, a bhain le dramhaíl, breosla soladach, tuaslagóirí, talmhaíocht, torann agus pleanáil chigireachta. Bhí foireann oibre na n-údarás áitiúil rannpháirteach chomh maith sna comhdhálacha i dtaca le hAer Náisiúnta, an Geilleagar Ciorclach agus Uisce Náisiúnta.

## Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Fhrithsheasmhacht in Aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach 2021-2025

Lean an GCC ar aghaidh ag déanamh monatóireachta le haghaidh antaibheathaigh ar leith in uiscí dromchla faoi mhonatóireacht liosta faire an CTU agus chuaigh siad isteach i nGrúpa Oibre Eionet an GEC ar Fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhar Frithmhiocróbach (AMR) in uiscí dromchla na hEorpa. Tá sé beartaithe ag an nGrúpa suirbhé a reáchtáil ar bhonn píolótach ar AMR in uiscí dromchla le linn 2024. Lean an GCC dá rannpháirtíocht sa Choiste Comhairliúcháin Idir-Rannach ar AMR, chomh maith le foghrúpa an Choiste Forfheidhmithe Sláinte Ainmhithe iNAP2 in 2023, ag freastal ar chruinnithe agus ag soláthar nuashonruithe ar dhul chun cinn maidir le gníomhaíochtaí na GCC. Cuireadh tús le dhá thionscadal taighde AMR ar mhórscála in 2023, arna maoiniú trí Ghlao Taighde 2022 na GCC. Bhain siad seo le húsáid a bhaint as bogaigh chomhtháite tógtha chun Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach a Laghdú agus Leithlisiú Carbóin sa Chomhshaol (i-RACE) a mhéadú, agus anailís ar fud na tíre ar Fhrithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbaigh i dtimpeallachtaí ithreach chun bearnaí eolais sonraí reatha (AMR SOIL) a dhúnadh (cómhaoinithe ag RTBM).

## Cáilíocht an Uisce

Tá an GCC gníomhach i roinnt sainghrúpaí oibre faoi stiúir RTRÁO. Glacann an GCC páirt sa Sainghrúpa Uisce Snámha ar chur i bhfeidhm na Rialacháin Uisce Snámha; an Sainghrúpa ar Uisce Óil atá ag tacú leis an RTRÁO chun an Treoir athmhúnlaithe maidir le hUisce Óil a chur i bhfeidhm agus treoir a fhorbairt chun dobharcheantair uisce óil a chosaint; agus an Sainghrúpa Níotráite atá ag cabhrú leis an RTRÁO agus an RTBM i ngnéithe eolaíocha fhorbairt an Chláir Gníomhaíochta Níotráití.

Tá an GCC ina cathaoirleach ar an nGrúpa Forfheidhmithe Teicniúil Náisiúnta, grúpa ilpháirtithe leasmhara a dhíríonn ar chur i bhfeidhm teicniúil na mbeart cáilíochta uisce agus a ghlacann páirt iomlán sna struchtúir rialachais uisce a bunaíodh faoin bPlean Bainistíochta Abhantraí.

## Cáilíocht an Aeir

Le linn 2023, chuir an Grúpa Oibre Faisnéise Sláinte ar Cháilíocht Aeir, a bhí faoi chathaoirleacht agus arna éascú ag an GCC, fóram ar fáil chun tacú le: cumarsáid fheabhsaithe na faisnéise inrochtana san fhíor-am i dtaca le samhaltú cháilíocht agus sláinte an aeir – agus baint aige le fairsingiú an líonra monatóireachta, lena n-áirítear LIFE Emerald; gníomhaíochtaí eolaíochta saoránach lena n-áirítear Aer Glan le Chéile. Tá páirtithe leasmhara i réimsí an chomhshaoil agus na sláinte sa ghrúpa seo, ar nós Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, grúpa a chumasaíonn plé ar thopaicí sláinte a bhaineann le cáilíocht an aeir.

## Sábháilteacht núicléach

Déanann an GCC monatóireacht ar fhorbairtí a bhaineann le sábháilteacht núicléach thar lear agus chun eagraíochtaí stáit ábhartha a choinneáil ar an eolas faoi aon impleachtaí d’Éirinn. Glacann an GCC ról gníomhach freisin i gcoistí náisiúnta agus idirnáisiúnta um shábháilteacht núicléach. Thug ionadaithe ón GCC agus ón RCAC cuairt ar shaoráid Núicléach Sellafield i mí Iúil 2023, agus buaileann siad go rialta le hionadaithe ón Roinn Slándáil Fuinnimh agus Neodracht na RA, ón Oifig na Ríochta Aontaithe um Rialáil Núicléach, agus ón nGníomhaireacht Comhshaoil na RA, chun fanacht ar an eolas faoi stádas na saoráidí stórála agus bainistíochta dramhaíola ag Sellafield.

## Ceannairí na nÚdarás Inniúil Eorpach um Chosaint ar Radaíocht

Is cumann de na húdaráis sábháilteachta radaíochta san Eoraip é Ceannairí na nÚdarás Inniúil Eorpach um Chosaint ar Radaíocht (CÚIECR) a dhíríonn ar fhuascailtí praiticiúla comhoiriúnaithe a éascú i gcás fadhbanna tábhachtacha rialúcháin a bhaineann leis an gcosaint ar radaíocht. Tugann CÚIECR fóram tábhachtach d’údaráis náisiúnta inar féidir leo eolas agus taithí a roinnt maidir le reachtaíocht Eorpach agus caighdeán idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm. Le linn 2023, bhí ról gníomhach ag an GCC san obair seo, agus tá ionadaithe aici ar Bhord Ceannairí d’Údaráis Inniúla na hEorpa um Chosaint Raideolaíoch, mar aon leis na Grúpaí Oibre ar radaighníomhaíocht nádúrtha, éigeandálaí, feidhmeanna leighis, feidhmeanna tréidliachta, foinsí & cleachtais neamhliachta, agus oideachas & oiliúint.

## Grúpa Rialtóirí Sábháilteachta Núicléiche na hEorpa

Glacann an GCC páirt ghníomhach i nGrúpa Rialtóirí na hEorpa um Shábháilteacht Núicléach, agus sna grúpaí oibre bainteacha ar Shábháilteacht Núicléach & Comhar Idirnáisiúnta agus Trédhearcacht & Cumarsáid. Le linn 2023, chomh maith leis na cruinnithe iomlánacha de chuid ENSREG a bhí beartaithe, d’fhreastail an GCC ar chruinnithe grúpaí oibre chun pleananna a fhorbairt le haghaidh athbhreithniú ar chosaint dóiteáin ag suiteálacha núicléacha san Eoraip agus chun a chinntiú go gcoimeádtar geallsealbhóirí agus daoine den phobal ar an eolas faoi obair na ENSREG.

## Cruinnithe déthaobhacha le Rialtóirí na RA ar chúrsaí raideolaíochta agus núicléacha

Le linn 2023, d’fhreastail an GCC ar Ghrúpa Teagmhála idir an Ríocht Aontaithe agus Éire maidir le Cúrsaí



Raideolaíocha i Londain agus d'óstáil siad an cruinniú seo i Loch Garman i mí na Samhna. Áiríodh ar na cainteanna beartas fuinnimh na RA, an fhaisnéis is déanaí faoi ghléasra nua núicléach a thógáil ag Pointe Hinkley C sa RA, díchoimisiúnú ar shaoráidí núicléacha na RA, diúscairt gheolaíochta ar dhramhaíl núicléach agus athbhreithniú domhain ar stádas agus pleananna don todhchaí na n-áiseanna go léir ar shuíomh Sellafield in Cumbria.

Bhí cruinnithe ag an GCC le Gníomhaireacht Comhshaoil na RA agus an Oifig um Rialú Núicléach na RA chun ceisteanna raideolaíocha agus núicléacha a phlé. Dhírigh an plé sin ar an ngléasra cumhachta núicléach nua atá á thógáil ag Pointe Hinkley C, gníomhaíochtaí ag Sellafield, agus forbairt gléasraí nua cumhachta núicléacha eile (gléasraí cumhachta núicléacha ar mhórscála agus imoibreoirí modúlacha beaga araon).

## Dualgais idirnáisiúnta maidir le Sábháilteacht Núicléach agus Bainistíocht Dramhaíola Radaighníomhaí

Tá an Comhchoinbhinsiún maidir le Sábháilteacht Breosla Núicléach Spíonta agus maidir le Sábháilteacht Na Bainistíochta Dramhaíola Radaighníomhaí dírithe ar ardleibhéal sábháilteachta a bhaint amach agus a chothabháil i mbainistiú breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí trí phróiseas athbhreithnithe piaraí, a tharlaíonn gach trí bliana. Baineann an Comhchoinbhinsiún le tíortha a bhfuil cláir chumhachta núicléacha acu agus le tíortha, cosúil le hÉirinn, nach bhfuil cumhacht núicléach acu ach a úsáideann foinsí radaíochta sa mhíochaine, sa tionscal, san earnáil tríú leibhéal, srl. Ní mór d'Éirinn comhlíonadh an Choinbhinsiúin a léiriú agus athbhreithniú piaraí a dhéanamh ag na páirtithe conarthacha eile.

D'fhreastail ionadaithe ón GCC agus ón RCAC ar an seachtú cruinniú athbhreithnithe de pháirtithe conarthacha ag foirgnimh na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach (IAEA) i Vín. Chuir an GCC agus RCAC tuarascáil náisiúnta na hÉireann i láthair ag an gcruinniú ina raibh nuashonruithe ó cuireadh isteach an tuarascáil náisiúnta agus tionchar na paindéime Covid-19.

Is coinbhinsiún idirnáisiúnta eile é an Coinbhinsiún um Shábháilteacht Núicléach a bhaineann le sábháilteacht gléasraí cumhachta núicléacha sibhialta ar leibhéal idirnáisiúnta. Tá sé mar aidhm ag an gCoinbhinsiún é sin a bhaint amach trí bhunphrionsabail sábháilteachta a bhunú don tsábháilteacht núicléach agus trí phróiseas athbhreithnithe piaraí a dhéanamh. Ní mór do na tíortha ar fad a shínigh an Coinbhinsiún, Éire san áireamh, a thaispeáint go bhfuil an coinbhinsiún á chomhlíonadh acu, agus ní mór dóibh dul faoi athbhreithniú piaraí arna chur i bhfeidhm ag na páirtithe eile a shínigh an conradh. D'fhreastail an GCC i gcomhar le hionadaithe ón RCAC ar an ochtú agus naoú cruinniú athbhreithnithe le chéile i mí an Mhárta 2023 agus chuir siad Tuarascáil Náisiúnta na hÉireann i láthair.

## Pleanáil Éigeandála

Le linn 2023, chuaigh an GCC i ngleic leis na moltaí ó chleachtadh Núicléach Náisiúnta na hÉireann a bhí ar siúl sa bhliain 2022. Bhunaigh an GCC foghrúpa maidir le héigeandálaí núicléacha agus raideolaíocha i gcomhar leis an RCAC, an Roinn Sláinte, agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, chun teachtaireachtaí sláinte phoiblí a fhorbairt sna céimeanna tosaigh d'éigeandáil núicléach nó raideolaíoch. Cuirfidh an obair seo bonn eolais faoin athbhreithniú a dhéanfaidh an RCAC ar an bplean náisiúnta amach anseo.

Ghlac an GCC páirt freisin i roinnt cleachtaí éigeandála idirnáisiúnta a d'eagraigh an Coimisiún Eorpach agus an IAEA agus rinne sí tástáil ar na socruithe fógartha do chomhaontú déthaobhach na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann maidir le fógra luath a thabhairt faoi thionóisc núicléach nó faoi theagmhas a bhfuil tábhacht raideolaíoch ag baint leis.

Lean an GCC de bheith rannpháirteach sa Tascfhórsa Rialtais ar Phleanáil Éigeandála agus i bhfoghrúpaí an tascfhórsa. Lean an GCC ag tacú leis an Gníomhaireacht um Fuinneamh Núicléach agus leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach agus í comhpháirteach i ngrúpaí oibre teicniúla, cruinnithe comhairleoireachta agus ag glacadh páirte i gcomhdhálacha.

## 5.2 Sonraí agus Faisnéis Thráthúil, Spriocdhírithe

Cuireann an GCC faisnéis neamhspleách ar fáil atá bunaithe ar thaighde, agus déantar amhlaidh ar bhealach oscailte follasach, a chuireann bonn eolais faoin gcinnteoireacht a dhéanann réimse leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear an rialtas, eagraíochtaí neamhrialtasacha, gníomhaireachtaí stáit, earnáil na tionsclaíochta, agus an pobal. Cuirtear sonraí agus faisnéis ar fáil ar bhealach tráthúil agus inrochtana, go príomha trí acmhainní ar líne.

### Ceadúnú agus Ceadú

Mar chuid de pholasaí na GCC i leith na hoscailteachta agus na follasachta, agus i gcomhréir leis an Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis na Rialacháin Chomhshaoil agus rialacháin éagsúla cheadúnaithe/cheada, tá comhaid cheadúnaithe ar fáil don phobal ar mhaithe lena n-iniúchadh. D'fhonn rochtain níos fearr a chur ar fáil do na páirtithe leasmhara ar fad, cuireann an GCC comhaid iarratais agus doiciméid ábhartha ar taispeáint gur féidir leis an bpobal féachaint orthu.

Tá *eolas ar iarratais ar Astaíochtaí Tionsclaíocha (IE) agus ar Rialú Comhtháite Truaillithe (IPC)*, a fuarthas ó mhí na Nollag 2004, agus ar gach tuarascáil agus ceadúnas Cigirí a eisíodh go dtí seo ar fáil. Ó Nollaig 2017 ar aghaidh, glactar leis na hiarratais ar fad ar líne agus déantar aon idirghníomhú leis na hiarratasóirí agus leis an bpobal go leictreonach, agus foilsítear ar shuíomh gréasáin na GCC é, admháil na n-aighneachtaí agus na n-agóidí san áireamh.

Le linn 2023, bhí os cionn 500,000 amharc leathanaigh uathúil ar na leathanaigh ghréasáin um chuardach ceadúnas Rialaithe Chomhtháite ar Thruailliú agus Astaíochtaí Tionsclaíocha. Faoi dheireadh 2023 bhí 5,570 aighneacht faighte ón bpobal inar baineadh úsáid as an gcomhéadan úsáideora.

### Faisnéis ar fhorfheidhmiú

leap
Licence & Enforcement Access Portal

Seoladh LEAP (Tairseach Rochtana Ceadúnais & Forfheidhmithe) na GCC in dhá chéim i mí na Bealtaine agus i mí na Samhna 2023. Soláthraíonn LEAP rochtain phoiblí ar an gcomhfhreagras foirmiúil a bhaineann le forfheidhmiú idir an GCC agus a hoibreoirí rialaithe. Ligeann an tseirbhís nua seo don phobal cuairteanna ar shuíomhanna, tuarascálacha monatóireachta, sonraí faoi theagmhais agus neamh-chomhlíonta ag láithreáin rialaithe, nuashonruithe agus iarratais oibreora chomh maith le hImscrúduithe Comhlíonta, a fheiceáil ar shuíomh gréasáin na GCC. Chuir LEAP Ar Líne deireadh leis an ngá atá le daoine cuairt a thabhairt ar oifig GCC chun an fhaisnéis seo a fheiceáil.

Lean an GCC ar aghaidh le liosta na Láithreán Tosaíochta Náisiúnta (NPS) de shuíomhanna tionsclaíochta agus ceadúnaithe dramhaíola a bhfuil an fheidhmíocht agus an comhlíonadh comhshaoil is measa acu a nuashonrú. Aithníonn an NPS láithreáin a bhfuil ag teip orthu ina n-oibleagáidí ceadúnaithe agus ar gá dóibh iarrachtaí suntasacha a dhéanamh chun feabhsuithe a bhaint amach ina gcomhlíonadh comhshaoil.

### Comhshaol na hÉireann

Rinneadh *acmhainn gréasáin Chomhshaol na hÉireann* a nuashonrú go rialta le linn 2023 le sonraí nua thar raon téamaí comhshaoil lena n-áirítear aeráid, aer, uisce, dramhaíl, talamh agus ithir, comhshaol agus folláine.

### Mo Chomhshaol Áitiúil

Tugann uirlis ghréasáin na GCC *Mo Thimpeallacht Áitiúil* rochtain do bhaill an phobail ar fhaisnéis chomhshaoil ó chomhthéacs áitiúil: is féidir le húsáideoirí cuardach a dhéanamh trí Éirchód nó seoladh a úsáid agus tá an fhaisnéis a thugtar dírithe ar an suíomh sin. Rinneadh feabhsuithe ar an uirlis ghréasáin Mo Thimpeallacht Áitiúil le linn 2023 mar fhreagra ar aiseolas ó úsáideoirí. Tá an uirlis ghréasáin lán-chomhtháite anois le córas LEAP Ar Líne na GCC, rud a chuireann ar chumas úsáideoirí rochtain a fháil ar thaifid forfheidhmithe ar líne le haghaidh saoráidí atá údaraithe ag an GCC laistigh de limistéar cuardaigh.



## Cáilíocht an Aeir


Le linn 2023, bhí leathanaigh ghréasáin na GCC ar cháilíocht an aeir ina n-acmhainn luachmhar don phobal, rud a cheadaigh rochtain éasca ar fhaisnéis fhíor-ama ar cháilíocht an aeir ón ngréasán méadaithe monatóireachta náisiúnta. Soláthraíonn an acmhainn gréasáin seo Innéacs um Cháilíocht Aeir don tSláinte (AQIH) stáisiún-bhunaithe a aistríonn sonraí tomhaiste go scála dathchódaithe ó ghlas (Go Maith) go corcra (Go Dona) a léiríonn cé chomh maith, olc nó go dona is atá cáilíocht an aeir. Tá an scála nasctha le comhairle sláinte don phobal (Fíor 18) agus dóibh siúd atá leochaileach maidir le droch-cháilíocht aeir.

| | | Teachtaireachtaí sláinte atá in éineacht do ghrúpaí atá i mbaol agus don phobal i gcoitinne | |
|---|---|---|---|
| **Grúpa** | **Innéacs** | **Daoine atá i mBaol** | **An Pobal i gCoitinne** |
| **Go maith** | 1<br>2<br>3 | Bain sult as do ghnáthghníomhaíochtaí lasmuigh. | Bain sult as do ghnáthghníomhaíochtaí lasmuigh. |
| **Measartha** | 4<br>5<br>6 | Ba chóir do dhaoine fásta agus do leanaí a bhfuil fadhbanna scamhóige acu, agus do dhaoine fásta a bhfuil fadhbanna croí acu, a bhfuil siomptóim orthu, smaoineamh ar ghníomhaíocht fhisiciúil dhian a laghdú, go háirithe lasmuigh. | Bain sult as do ghnáthghníomhaíochtaí lasmuigh. |
| **Bocht** | 7<br>8<br>9 | Ba chóir do dhaoine fásta agus do leanaí a bhfuil fadhbanna scamhóige acu, agus do dhaoine fásta a bhfuil fadhbanna croí acu, gníomhaíocht fhisiciúil dhian a laghdú, go háirithe lasmuigh, agus go háirithe má tá siomptóim orthu.<br>Seans go mbeidh ar dhaoine a bhfuil plúchadh orthu a n-análóir faoisimh a úsáid níos minice.<br>Ba cheart do dhaoine aosta aclaíocht fhisiciúil a laghdú freisin. | Ba chóir d'aon duine a bhfuil míchompord orthu ar nós súile tinn, casacht nó scornach tinn smaoineamh ar ghníomhaíocht a laghdú, go háirithe lasmuigh. |
| **An-Dona** | 10 | Ba chóir do dhaoine fásta agus do leanaí a bhfuil fadhbanna scamhóige acu, daoine fásta a bhfuil fadhbanna croí acu, agus daoine aosta, gníomhaíocht fhisiciúil dhian a sheachaint.<br>Seans go mbeidh ar dhaoine a bhfuil plúchadh orthu a n-análóir faoisimh a úsáid níos minice. | Laghdaigh an méid aclaíochta, go háirithe lasmuigh, go mór mór má bhíonn comharthaí cosúil le casacht nó scornach thinn ort. |

**Fíor 18.** An AQIH agus a chomhairle sláinte nasctha

Chomh maith leis an suíomh gréasáin, choinnigh an fotha Twitter, @EPAAirQuality, an pobal ar an eolas faoi cháilíocht an aeir ina réigiún AQIH. Leanadh de shonraí fíor-ama a chur ar fáil le haghaidh truailleáin aeir roghnaithe don Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) lena dtaispeáint ar léarscáileanna cáilíochta aeir na hEorpa.

## Fardail agus meastacháin ar astaíochtaí





Cuirtear sonraí maidir le *hastaíochtaí truailleán gáis cheaptha teasa agus aeir* ar fáil ar láithreán gréasáin na GCC. Chomh maith le tuarascálacha mionsonraithe, graif agus táblaí, tá gearrthóga beochana ann a sholáthraíonn buaicphointí agus teachtaireachtaí tábhachtacha mar aon le grafaicí faisnéise chun teachtaireachtaí soiléire a chur in iúl faoi fheidhmíocht na tíre maidir le gníomhú ar son na haeráide.

### Staitisticí Náisiúnta Dramhaíola




Leanann *acmhainn gréasáin Staitisticí Dramhaíola Náisiúnta* na GCC de na sonraí dramhaíola is déanaí atá ar fáil a chur ar fáil d'Éirinn le féachaint orthu agus iad a íoslódáil. Le linn 2023, foilsíodh eisiúintí sonraí ar líne le haghaidh réimse sruthanna dramhaíola, lena n-áirítear dramhaíl bhardais, dramhaíl tí, pacáistíocht, dramhaíl ghuaiseach, dramhaíl mhúirínithe, dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTLL), feithiclí a bhfuil a ré caite, boinn agus dramhaíl tógála agus scartála. Foilsíodh staitisticí náisiúnta ar athúsáid don chéad bhliain, ag taispeáint go bhfuil meánráta athúsáide de 10.6 kg in aghaidh an duine in aghaidh na bliana ag Éirinn.

### Radón




Is í an GCC go príomha a thugann faisnéis agus treoir do pháirtithe leasmhara maidir le gás radóin. I mí na Bealtaine 2022, d'fhoilsigh GCC léarscáil nua riosca radóin ar an *acmhainn gréasáin radóin*. Is é seo an chéad nuashonrú ar an léarscáil seo ó 2002. Le linn 2023, chuir an GCC leagan breise den léarscáil radóin nuashonraithe ar fáil le húsáid le Doiciméad Treorach Teicniúil C (TGD-C) de na Rialacháin Foirgníochta. Tá an léarscáil nuashonraithe foilsithe ag an RTRÁO mar nuashonrú ar TGD-C agus beidh feidhm aige maidir le gach foirgneamh agus síneadh nua a gcuirfear tús leis an tógáil ón 1 Deireadh Fómhair 2023. Cuireann na leathanaigh ghréasáin radóin comhairle ar fáil maidir le tástáil radóin agus feabhsúchán do shealbhóirí tí, do ghnólachtaí agus do ghairmithe tógála. Breathnaíodh ar leathanaigh a bhaineann le radón níos mó ná 142,000 uair le linn 2023. Leanann an GCC ar aghaidh ag cur uimhir chomhairle radóin saorghlao ar fáil 24 uair sa lá, seacht lá na seachtaine.

### Cáilíocht an Uisce

Déanann an GCC bainistiú, measúnú agus tuairisciú ar na sonraí a ghintear ón gclár monatóireachta ar Cháilíocht Uisce. Tuairiscítear na sonraí don Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (Córas Faisnéise Uisce don Eoraip) agus tuairiscítear sonraí ar uiscí trasdula agus cósta faoin gcoinbhinsiún OSPAR a théann i ngleic le dumpáil agus foinsí talún-bhunaithe truaillithe mara agus tionscail amach ón gcósta.

Leanann an suíomh gréasáin roinnte don phobal don Chreat-Treoir Uisce (*www.catchments.ie*) ag soláthar foinse aonair de shonraí cáilíochta uisce agus faisnéise bainistíochta dobharcheantair in Éirinn. Tá teacht go poiblí ar léarscáileanna, scáileáin eolais, treochtaí agus cairteacha le haghaidh beagnach 5,000 dobharlach, chomh maith le tuarascálacha, measúnuithe agus scéalta i dtaca le gníomhartha a tugadh chun críche ag grúpaí pobail áitiúla. Tá na sonraí is déanaí faoi cháilíocht an uisce fós á soláthar ag an GCC, lena n-áirítear cáilíocht an screamhuisce in Éirinn. Is féidir na sonraí a íoslódáil trí *Geothairseach na GCC*.

### Leibhéil agus Sreabhadh Uisce

Soláthraíonn an GCC sonraí hidriméadrachta maidir le sreabhadh abhann agus leibhéil locha agus screamhuisce chun tacú le bainistíocht acmhainní uisce agus riosca tuilte agus roinnt gníomhaíochtaí eile. Tá na sonraí ar fáil le léamh agus le híoslódáil ar *leathanaigh ghréasáin HydroNet na GCC*.

Tá an GCC ag leanúint d'*Fheasacháin Náisiúnta Hidriméadrachta* mhíosúla a fhoilsiú. Is achoimre fhíorasach é an feasachán ar shreafaí aibhneacha, leibhéil lochanna agus leibhéil screamhuisce le haghaidh sampla de stáisiúin hidriméadrachta uisce dromchla agus screamhuisce ar fud na hÉireann. Tá léarscáileanna san fheasachán freisin ina léirítear comparáid idir sreafaí agus leibhéil na stáisiún ar fud na tíre agus na meánluachanna don mhí.

### Uisce Óil

Is éard atá i *Liosta na mBeart Ceartaitheach* de chuid na GCC ná liosta de na soláthairtí uisce phoiblí a mbaineann na fadhbanna is measa leo. Ní mór gníomhaíocht a dhéanamh ag na soláthairtí chun an baol a d'fhéadfadh a bheith ann ar cháilíocht an uisce a laghdú. Déantar nuashonrú ar an liosta seo dhá uair sa bhliain, agus luaitear láthair gach soláthair, lena n-áirítear an fáth a bhfuil an soláthar ábhartha ar an liosta agus dáta críochnaithe measta na n-oibreacha maolaithe atá le cur i bhfeidhm.

### Dramhuisce


Is é atá i Liosta na gCeantar Uirbeach Tosaíochta de chuid na GCC ná liosta na gceantar ina bhfuil bearta ag teastáil chun an timpeallacht agus an tsláinte phoiblí a chosaint ar iarmhairtí díobhálacha an sceite fuíolluisce. Tá faisnéis faoi Liosta na gCeantar Uirbeach Tosaíochta ar fáil ar *Léarscáileanna Cóireála Camrais* na GCC.

## Tránna

Soláthraíonn suíomh gréasáin Beaches.ie (*www.beaches.ie*) faisnéis faoi cháilíocht uisce snámha ag tránna agus lochanna na hÉireann, lena n-áirítear an caighdeán uisce ag gach trá le déanaí, aon srianta snámha atá i bhfeidhm, faisnéis aimsire agus taoide. Tá próifíl uisce snámha ar fáil chomh maith le haghaidh gach trá a thugann le fios na háiseanna, na brúnna aitheanta agus aon phleananna bainistíochta atá i bhfeidhm. Foilsíonn an suíomh gréasáin sonraí monatóireachta lasmuigh den séasúr freisin nuair atá siad ar fáil. Bailíonn roinnt údarás áitiúil na sonraí seo go deonach. Déantar nuashonrú go rialta ar an suíomh le linn an tsamhraidh de réir mar a chuirtear torthaí monatóireachta ó údaráis áitiúla ar fáil. Cuirtear mionsonraí ar theagmhais thruaillithe agus bearta leasúcháin ar fáil chomh maith ar fhotha tiomnaithe X (Twitter roimhe seo) (@EPABeaches).

## An Líonra Náisiúnta Monatóireachta Radaíochta

Feidhmíonn an GCC Líonra Náisiúnta Monatóireachta Radaíochta ina bhfuil trealamh, atá lonnaithe ar fud na tíre, a dhéanann monatóireacht leanúnach ar leibhéil radaíochta comhthimpeallacha agus ar féidir leo radaighníomhaíocht a bhrath in Éirinn, más ann dó, tar éis mórtheagmhas ag saoráid núicléach thar lear. Níor breathnaíodh aon leibhéil mhéadaithe den ráta dáileoige gáma comhthimpeallach os cionn na ngnáth-luaineachtaí sna leibhéil chúlra i rith na bliana. Tá *sonraí beo* (Fíor 19) ar fáil go poiblí ar shuíomhanna gréasáin na GCC, na hEorpa agus na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach.




**Fíor 19.** Monatóireacht ar an Ráta Dáileoige Gáma Comhthimpeallach ag Dún Dealgan, Co. Lú

## Radaíocht neamhianúcháin

D'fhoilsigh an GCC tuarascáil le linn 2023 ar Réimsí Leictreamaighnéadacha Radaimhinicíochta (EMF) i Spásanna Poiblí in Éirinn bunaithe ar mhonatóireacht a tugadh chun críche sa bhliain 2022. Rinneadh an mhonatóireacht seo chun neamhchosaint na saoránach ón radaíocht neamh-ianúcháin seo a chinneadh. I ngach cás, bhí leibhéil EMF a tomhaiseadh go mór faoi bhun na dtreoirlínte idirnáisiúnta. Tá sé ráite ag EDS nach mbeidh tionchar ag EMF ar an tsláinte faoi bhun na luachanna treoirlíne seo. Choinnigh an GCC a *hábhar gréasáin EMF* freisin mar fhreagra ar fhiosruithe poiblí maidir le teicneolaíocht 5G agus gléasanna láimhe fón póca. Lean an GCC ag freagairt do fhiosrúcháin ón bpobal i dtaca le Réimsí Leictreamaighnéadacha le linn 2023. Ina theannta sin, fuair an GCC trealamh agus oiliúint foirne chun monatóireacht a dhéanamh ar EMF ó bhonneagar leictreach le linn 2023 agus d'fhorbair sé clár monatóireachta a thosóidh in 2024.




## Sonraí Oscailte

Is treoir an AE í an Treoir maidir le Sonraí Oscailte a spreagann ballstáit an AE an méid faisnéise is gur féidir leo ón earnáil phoiblí a chur ar fáil ar mhaithe athúsáide i bhformáid Sonraí Oscailte. Is sonraí gur féidir a úsáid gan srianta, a athúsáid agus a athdháileadh ag aon duine, formáid na sonraí oscailte – faoi réir amháin, den chuid is mó, an riachtanais chreidiúna agus roinnte araon. Cuireann an Treoir an coincheap maidir le tacair sonraí ardluacha i láthair, a shainítear mar dhoiciméid lena mbaineann sochair riachtanacha don tsochaí agus don gheilleagar lena n-athúsáid. Faoin Treoir, tuairiscíonn an GCC tacair shonraí don Eoraip faoi thrí cinn de na sé chatagóir théamacha tacar sonraí ardluacha de gheospásúil, de bhreathnóireacht na cruinne agus den chomhshaol.

Chun cloí leis an Treoir, chuir an GCC tús le hIniúchadh Sonraí le linn 2023 chun measúnú a dhéanamh ar shealúchais sonraí agus é a thuairisciú go córasach, agus chun tacair shonraí ardluacha a aithint. Ceadóidh torthaí an iniúchta Plean Foilsithe Sonraí Oscailte a chruthú a aithneoidh tacair sonraí breise le foilsiú mar shonraí oscailte ar Thairseacha Sonraí Comhshaoilna hÉireann (data.gov.ie)

Tá 418 tacar sonraí ag an GCC faoi láthair ar fáil go poiblí ar an tairseach seo faoi roinnt catagóirí téamacha, agus foilsítear 10 gcinn díobh seo in 2023. I dteannta a chéile tá breis agus 99,613 radharc faighte acu go dtí seo. Léiríonn an méadú ar líon na hamhairc thar na blianta an méadú ar an éileamh ar thacair sonraí atá ar fáil go poiblí.

Ina theannta sin, faoin Treoir seo, féadfaidh aon duine aonair nó aon eintiteas a iarraidh go soláthrófar sonraí GCC i bhformáid Sonraí Oscailte. Fuair an GCC dhá iarratas den sórt sin le linn 2023 – ceithre iarratas san iomlán ó 2022 i leith.

## INSPIRE

Bunaítear leis an Treoir INSPIRE bonneagar le haghaidh faisnéise spásúlachta ar fud na hEorpa chun tacú le beartais chomhshaoil an phobail, agus le beartais nó le gníomhaíochtaí a d’fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an gcomhshaol. Cloíonn an GCC go hiomlán le riachtanais reatha na Treorach INSPIRE agus tá a sonraí ar fáil anois trí Bhonneagar Sonraí Spásúlachta na hÉireann, agus cuirtear ar fáil iad ar líonra INSPIRE na hEorpa i gcoitinne. Ghlac an GCC páirt in dhá fhómhar sonraí le linn 2023 inar uaslódáladh ár dtacar sonraí chuig tairseach Eorpach INSPIRE.

## Anailísíocht Sonraí Comhshaoil

Úsáideann an GCC eolaíocht sonraí agus teicnící breathnóireachta na cruinne chun léargais nua a ghiniúint ó shonraí comhshaoil. Le linn 2023, baineadh úsáid as teicnící anailíse sonraí agus staitistiúla chun tacú le hobair GCC i réimsí éagsúla lena n-áirítear táscairí gáis cheaptha teasa, léirshamhlú sonraí feabhsaithe a fhorbairt le haghaidh sonraí staidrimh dramhaíola, agus suíomhanna a shainaithint d’fhoinsí PFAS (“ceimiceáin a mhaireann go deo”).



## 5.3 Cumarsáid agus For-rochtain

### Ár bpríomhtheachtaireachtaí a chur in iúl

### Na meáin dhigiteacha

Is é suíomh gréasáin na GCC ár bpríomhuirlis chumarsáide chun faisnéis a scaipeadh ar an bpobal, agus breis is 1,200,000 cuairt tugtha air le linn 2023. Tharla buaiceanna gníomhaíochta le linn na bliana a bhí ag teacht le clúdach sna meáin ar shaincheisteanna comhshaoil agus le foilsiú tuarascálacha. Tugadh go leor cuairteanna ar an suíomh gréasáin i ndáil le haisghabháil faisnéise ar láithreáin arna gceadúnú ag an GCC; foilseacháin a íoslódáil; teacht ar eolas faoi cheadúnú agus forfheidhmiú; gairmeacha beatha sa GCC agus teacht ar eolas faoi réimsí téamacha comhshaoil lena n-áirítear radón, an t-athrú aeráide, aer, uisce, dramhaíl, etc.

Le linn 2023, tháinig fás agus nuálaíocht leanúnach ar an gcaoi a dtéann obair na GCC i ngleic lenár leanúnaithe ar fud ardáin na meán sóisialta. Leanamar orainn ag tógáil leanúnaithe nua trí ábhar a chur ar fáil i bhformáidí éagsúla.

### Caidreamh leis na meáin

Cuireann an GCC seirbhís 24 uair an chloig ar fáil do na meáin agus i rith 2023, chuaigh sí i ngleic le 620 fiosrú ó na meáin agus d'fhógair sí 39 preaseisiúint. Bhí scéalta nuachta i réimse an chomhshaoil a bhain leis an GCC le feiceáil i mbreis agus 3,343 alt nuachtáin i rith na bliana.

### Ceisteanna faoin gcomhshaol

Soláthraíonn an GCC Seirbhís Fiosrúcháin Timpeallachta dá páirtithe leasmhara lena n-áirítear an pobal, mic léinn, údaráis áitiúla agus ranna rialtais. Feidhmíonn an tseirbhís i gcomhréir leis na gealltanais atá leagtha amach i gCairt Custaiméirí na GCC. Chuaigh an tseirbhís i ngleic le 2,332 ceist le linn 2023. Ba iad na réimsí seo a leanas na príomhréimsí spéise don phobal: dramhaíl, fuíolluisce, cáilíocht an aeir, athrú aeráide, agus cáilíocht uisce óil.

### Gníomhaíochtaí for-rochtana

Tá ról tábhachtach ag an GCC i gcónaí maidir le leibhéil feasachta a ardú agus tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh a dhéanann rannpháirtíocht an phobail le cúrsaí comhshaoil a mhéadú, go háirithe tionscnaimh atá dírithe ar phobal níos óige.

Spreagann Seachtain na hEolaíochta daoine de gach aois agus ó gach cineál saoil a bheith ar an eolas, spreagtha agus páirteach in imeachtaí ETIM agus ghlac an GCC páirt in imeachtaí éagsúla le linn 2023, ag seachadadh ceacht athrú aeráide na GCC arís mar chuid dár gcomhpháirtíocht le Junior Achievement Ireland.

in 2023, thacaigh an GCC arís leis an tsraith teilifíse "10 Things to Know About…", a craoladh ar RTÉ. Bhí sé chlár sa naoú séasúr a léirigh sárobair thaighdeoirí eolaíochta na hÉireann thar go leor disciplíní, lena n-áirítear Meabhairshláinte agus Aosú, Imdhíoneolaíocht, an Comhshaol, Eolaíocht Aigéin agus Aeráide, Inbhuanaitheacht Bia, agus taighde Talmhaíochta.

Mar pháirt de ghealltanais urraíochta corparáidí na GCC, tugadh tacaíocht do go leor tionscnamh áitiúla a ardaíonn feasacht ar shaincheisteanna comhshaoil nó ar obair na GCC. Chuaigh an GCC i gcomhpháirtíocht agus thacaigh sí le roinnt tionscnamh for-rochtana éagsúla eile lena n-áirítear:

- Comhpháirtíocht le hInnealtóirí Éireann ar a gclár STEPS a bhfuil sé mar aidhm aige scileanna ETIM a fhorbairt in Éirinn.
- I gcomhpháirtíocht le ECO EOECNA, ag tacú le Gradaim na nGníomhaithe Timpeallachta Óga agus le tionscnaimh eile.
- Urraíocht a dhéanamh ar an ngradam comhshaoil ag comórtas Eolaí Óg BT.
- Urraíocht a dhéanamh ar an nGradam Iriseoireachta Comhshaoil do Ghradaim Náisiúnta na Meán do Mhic Léinn.

### Clár Junior Achievement Ireland

Don seachtú bliain lean an GCC lena comhpháirtíocht le Junior Achievement Ireland (JAI) in 2023, agus chuir 35 ball foirne rogha clár JAI ar fáil do 1,179 mac léinn i 35 scoil thar 10 gcontae. Ar cheann de na cláir seo bhí ceacht GCC 'Athrú Aeráide agus Tusa', a chuir foireann GCC ar fáil le linn Sheachtain na hEolaíochta. Chomh maith leis sin, rinne oibrithe deonacha ó eagraíochtaí eile, le 34 oibrí deonach gnó, ó 19 eagraíocht éagsúla ceacht athraithe aeráide na GCC a sheachadadh chuig 786 mac léinn. Bhí tionchar dearfach ag tacaíocht a chuir an GCC ar fáil ar 1,965 mac léinn ar fud na hÉireann mar chuid den chomhpháirtíocht seo, ag soláthar príomhtheachtaireachtaí comhshaoil agus eolais chomh maith le teachtaireachtaí treisithe faoi luach an oideachais.

### Comhdhálacha agus taispeántais

Thacaigh GCC le roinnt imeachtaí rannpháirtíochta poiblí le linn 2023. I measc na n-imeachtaí náisiúnta agus áitiúla bhí Taispeántas na nEolaithe Óga agus na Teicneolaíochta BT (áit ar bhronn an GCC Gradam Comhshaoil Speisialta), an 92ú Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta agus Féilte Eolaíochta réigiúnacha. Thug na himeachtaí seo deis iontach chun feasacht a ardú ar shaincheisteanna comhshaoil agus chun aird an phobail a dhíriú orthu.

Seo thíos roinnt de na comhdhálacha agus imeachtaí ba thábhachtaí a bhí ar siúl le linn 2023.

## Comhdháil Náisiúnta Aeráide na GCC

Tionóladh Comhdháil Náisiúnta Aeráide na GCC i Caisleán Bhaile Átha Cliath ar an 25 Bealtaine 2023 agus rinneadh í a bheoshruthú mar ócáid hibrideach. "Athrú Aeráide ar an Talamh: Úsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht", an teideal a bhí ar an gcomhdháil. Leag an chomhdháil amach na sonraí, an fhianaise agus an taighde atá ag teacht chun cinn sa limistéar úsáide talún in Éirinn ó pheirspictíocht eolaíoch, bheartais agus praiticiúil. Thug na cainteoirí dearcthaí agus léargais éagsúla ar úsáid talún agus ar bheartais aeráide lena n-áirítear córais bia agus talmhaíocht, feirmeoireacht, na comhspleáchais agus na tairbhí ar fud na haeráide, cáilíocht uisce, bithéagsúlacht, agus an tsochaí. D'oscail an tUasal Eamon Ryan TD, an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, an ócáid agus bhí an tOllamh Jim Skea, Comhchathaoirleach Ghrúpa Oibre III an Phainéil Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) ann mar phríomhchainteoir. Is féidir taifead den *Chomhdháil Aeráide a fheiceáil ar líne*.

## Sraith léachtaí ar an athrú aeráide

Reáchtáladh an Léacht ar Athrú Aeráide ar an 19 Aibreán 2023 i dTeach an Ard-Mhéara, Baile Átha Cliath, i gcomhpháirtíocht le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Ba é an tOllamh Stefan Rahmstorf, Comh-Cheannasaí na Roinne Taighde um Anailís ar Chóras an Domhain in Institiúid Potsdam um Thaighde ar Thionchar Aeráide agus Ollamh le Fisic an Aigéin in Ollscoil Potsdam, a thug an léacht. 'Cúrsaíocht Aigéin, Pointí Claochlaithe agus an Díospóireacht Phoiblí Aeráide' a bhí mar theideal ar an léacht. Labhair an tOllamh Rahmstorf ar an tionchar atá ag athrú aeráide ar Shruth na Murascaille agus ar an gcaoi a bhfoirmítear faisnéis ar athrú aeráide. Bhí an ócáid modhnaithe ag Ella McSweeney. Is *féidir taifeadadh den léacht ar athrú aeráide a fheiceáil ar líne*.

## Comhdháil ar Gheilleagar Ciorclach

Reáchtáladh Comhdháil bhliantúil Chlár an Gheilleagair Chiorclaigh mar imeacht hibrideach an 27 Meán Fómhair 2023. Bhí ceithre sheisiún ag an imeacht seo: fócas beartais; athúsáid, deisiú agus ciorclaíocht; tomhaltas agus athrú iompair; cur i bhfeidhm (réitigh chiorclach áitiúla). *Tá léirithe ón gcomhdháil 2023 ar fáil ar chainéal YouTube na GCC*.

## Comhdháil na GCC ar Uisce

Reáchtáil an GCC a Comhdháil Uisce Náisiúnta Bhliantúil i mí an Mheithimh mar imeacht hibrideach i nGaillimh. Roinn na cainteoirí a gcuid eolais ar conas cáilíocht uisce a chosaint agus a fheabhsú agus leag siad béim ar chás-staidéir ar fud na hÉireann. Áiríodh leis na hábhair is déanaí maidir le beartas, talmhaíocht, sláinte, saincheisteanna atá ag teacht chun cinn agus todhchaí an uisce. *Tá léirithe ón gcomhdháil* ar fáil ar chainéal YouTube na GCC.

## Ócáid Náisiúnta Aeir

Ba é téama na bliana seo d'Imeacht Aer Náisiúnta na bliana seo a reáchtáladh i gCill Chainnigh ar an 15 Samhain ná "Aer Glan – Buntábhacht dár Sláinte". D'oscail an tUasal Eamon Ryan TD, an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide an ócáid. I measc na gcainteoirí bhí Emma Balmain, Príomhfheidhmeannach Fhondúireacht Croí na hÉireann, chomh maith le hoifigigh ón RCAC agus ionadaithe ón GCC, agus taighdeoirí ollscoile i measc daoine eile. *Tá léirithe ón Imeacht Aer Náisiúnta* ar fáil ar chainéal YouTube na GCC.

## An Chomhdháil um Sláinte agus Folláine Comhshaoil

Chuir an GCC, i gcomhpháirtíocht le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES) an chomhdháil bhliantúil Comhshaoil, Sláinte agus Folláine ar siúl i gColáiste Ríoga na Lianna ar an 17 Bealtaine. Ba é téama na bliana seo ná "Timpeallacht Shláintiúil a Chruthú do Chách". Bhí sé mar aidhm ag an gcomhdháil iniúchadh a dhéanamh ar na príomhcheisteanna a bhaineann le bainistiú a dhéanamh ar raon leathan de rioscaí agus de dhúshláin chomhshaoil agus sláinte atá romhainn chun timpeallacht chothrom shláintiúil a chruthú do chách. Áiríodh leis an gcomhdháil seisiúin inar scrúdaíodh saincheisteanna reatha comhshaoil agus sláinte, an chaoi a n-oibrímid le chéile chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannas comhshaoil agus chun bearna chothromais na hÉireann a dhúnadh, agus conas a chruthóimid amárach níos fearr. *Is féidir léirithe ón gcomhdháil* a fheiceáil ar chainéal YouTube na GCC.

## Comhdháil Comhshaoil agus Dlí, 2023

Bhí an chomhdháil chomhpháirteach ar siúl ar an 16 Samhain 2023 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus thionóil Ionad na hÉireann um Dhlí Comhshaoil agus an GCC í. Thug Laura Burke, Ard-Stiúrthóir GCC, agus Eoin Delap BL (ICEL) na nótaí tosaigh. Ina dhiaidh sin bhí an Breitheamh Onórach Donal O'Donnell, Príomh-Bhreitheamh na hÉireann a thug cur i láthair ar an gCúirt Uachtarach agus conas a dhéileáil sí le dlí comhshaoil roimhe seo agus peirspictíocht don todhchaí. Bhreithnigh saineolaithe dlí freisin roinnt téamaí comhaimseartha a bhaineann le hUisce, Dramhaíl, Rialachán Muirí, agus Rialachán maidir le Rochtain ar Fhaisnéis Chomhshaoil, lena n-áirítear rochtain ar cheartas. Bhí painéal taighdeoirí PhD ann freisin a rinne iniúchadh ar bhagairtí agus ar bhrúnna reatha comhshaoil.

## Sraith Léachtaí GCC/IIEA


D'oibrigh an GCC i gcomhar leis an Institiúid Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha (IIEA) ar shraith léachtaí nua dar teideal 'Teacht Aniar Chomhshaoil'. D'óstáil an tsraith seo léachtaí ó shaineolaithe idirnáisiúnta le linn 2023 chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna comhshaoil is tábhachtaí sa lá atá inniu ann, lena n-áirítear beartais aeráide, an geilleagar éiceolaíoch agus samhail an gheilleagair chiorclaigh.

## 5.4 Taighde

Bainistíonn an GCC clár taighde freagrúil agus gasta a sheachadann fianaise eolaíoch chun tacú le forbairt beartais agus le cinnteoireacht níos leithne. Léiríonn sé seo an fhís atá ag *Taighde GCC 2030* maidir le 'eolaíocht agus nuálaíocht a chur i gceartlár chosaint an chomhshaoil in Éirinn trí fhorbairt agus aistriú réamhghníomhach eolais'.

Cuirtear taighde GCC ar fáil le struchtúr téamach ina bhfuil ceithre mhol idirnasctha, eadhon:

- Aghaidh a thabhairt ar riachtanais fianaise maidir le hathrú aeráide,
- Geilleagar Ciorclach agus Glas a Éascú,
- Comhshaol sláintiúil a sheachadadh, agus
- Ár gcomhshaol nádúrtha a chosaint agus a athchóiriú.




Ag deireadh 2023, bhainistigh an GCC punann de níos mó ná 230 tionscadal. Foilsíodh *Plean Gníomhaíochta Taighde 2030 na GCC do 2023* i mí an Mhárta 2023, agus chuimsigh sé nuashonruithe ar dhul chun cinn i dtreo Príomhspriocanna Feidhmíochta.


### Dámhachtainí Taighde Nua in 2023

Chruthaigh an GCC 67 dámhachtain taighde nua in 2023, agus b'ionann iad agus gealltanas iomlán de €18.9 milliún. Áiríodh leis seo:

- 32 dámhachtain dar luach €13.9 milliún[1] faoi Ghlao Taighde 2023 na GCC.
- 25 dámhachtain de luach €4.1 milliún faoi chomhpháirtíochtaí straitéiseacha náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Dámhachtain amháin ag tacú leis an Tionscadal Uiscí na Beatha (€840k).
- 8 ndámhachtain faoi scéim Tacaíochta Imeachtaí na GCC (€24k).
- Eisíodh dámhachtain amháin ó Ghlao Taighde na GCC 2022 in 2023 (€88k).

1 Eisíodh dámhachtain bhreise ó Ghlao Taighde na GCC 2023 ag tús 2024 agus tá sé léirithe sna staitisticí glaonna thíos (arb ionann é agus gealltanas breise de €436k).

B'ionann an bronnadh maoinithe de €14.3 milliún faoi Ghlao Taighde na GCC 2023 agus méadú 34% ar infheistíocht ó ghlao 2022. Go háirithe, bhí breis agus 40% de na príomhiarratasóirí taighdeoirí le linn 2023 nua ar Chlár Taighde na GCC, rud a léiríonn go bhfuil maoiniú na GCC ag cruthú acmhainn taighde riachtanach in Éirinn. Tá tuilleadh sonraí ar *dhámhachtainí taighde na GCC 2023* ar fáil ar shuíomh Gréasáin na GCC.



## Comhpháirtíochtaí straitéiseacha náisiúnta

Cruthaíodh dhá dhámhachtain mar chuid de dhámhachtainí Fulbright-GCC 2022/2023, agus bronnadh sé scoláireacht faoi Scéim Iarchéime 2023/2024 GCC- An Chomhairle um Thaighde in Éirinn (IRC).

Cheap Clár Trí-Ghníomhaireachta Comhaltachta Taighde *DOROTHY* (lena n-áirítear an CTÉ, an Bord Taighde Sláinte, agus an GCC, agus cómhaoinithe ag an gCoimisiún Eorpach) na chéad ochtar Comhalta faoin gclár chun taighde a dhéanamh ar chúiseanna agus ar thionchair ilghnéitheacha géarchéimeanna sláinte phoiblí. Seoladh an dara glao ar Chomhaltaí in 2023 agus tá ceapacháin le déanamh in 2024.

Eisíodh trí dhámhachtain chómhaoinithe ag an GCC faoi *Chlár Cosáin* Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ)-CTÉ atá deartha chun tacú le taighdeoirí luathghairme.

I measc na gcomhpháirtíochtaí straitéiseacha leanúnacha eile bhí *Creat Taighde GCC-ITES ar Shocheacnamaíocht Comhshaoil* agus *Creat Taighde GCC-IPA*. Foilsíodh an tuarascáil deiridh ar Chéim III de Chlár Taighde na GCC-ITES (2020–2022) in 2023 (*Taighde 439: Taighde ar an gComhshaol, Sláinte, Iompar Tomhaltóra agus an Geilleagar*).

## Comhpháirtíochtaí straitéiseacha idirnáisiúnta

Faoin gclár Fís Eorpach Cnuasach-6 (Bia, Bithgheilleagar, Acmhainní Nádúrtha, Talmhaíocht agus Comhshaol), tá baint ag an GCC leis mar phointe teagmhála náisiúnta do dheiseanna comhshaoil, ag obair go dlúth leis na pointí teagmhála náisiúnta eile i gCnuasach-6 (Fiontraíocht Éireann, Foras na Mara, agus An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara), chomh maith le páirt a ghlacadh i nGrúpa Ardleibhéil Náisiúnta Horizon Eorpach, arna stiúradh ag an Roinn Bhreisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE). Faoi dheireadh na bliana 2023, bhí 109 deontas san iomlán de luach €69.5 milliún sínithe ag pobal taighde na hÉireann faoi ghlaonna uile Horizon Eorpach Cnuasach-6 go dtí seo.

Dúnadh an chéad Ghlao Comhpháirteach Trasnáisiúnta faoin *gComhpháirtíocht Eorpach Uisce do Chách* in 2023, agus díríodh ar bhainistiú acmhainní uisce ar mhaithe le hathléimneacht mhéadaithe, oiriúnú agus maolú ar imeachtaí foircneacha hidreaeráide. Moladh trí thogra le comhpháirtithe Éireannacha do mhaoiniú faoin nglao seo ar luach €449k. Seoladh an dara Ghlao Comhpháirteach Trasnáisiúnta faoi Uisce do Chách i Meán Fómhair 2023 ar an téama seirbhísí éiceachórais uisceacha. Ceadaíonn cómhaoiniú GCC do phobal taighde na hÉireann páirt a ghlacadh sa ghlao agus éascaíonn sé comhoibriú idirnáisiúnta.

Dúnadh an dara Glao Trasnáisiúnta Comhpháirteach faoin *gComhpháirtíocht Eorpach Biodiversa+* in 2023 agus díríodh ar fhaireachán bithéagsúlachta. Moladh cúig thionscadal le comhpháirtithe Éireannacha le haghaidh maoinithe arbh fhiú €813k iad le cómhaoiniú curtha ar fáil ag RTBM agus Foras na Mara. Seoladh an tríú Glao Trasnáisiúnta Comhpháirteach Biodiversa+ i mí Mheán Fómhair 2023, ag díriú ar réitigh atá bunaithe ar an dúlra. Ceadóidh cómhaoiniú GCC do phobal taighde na hÉireann páirt a ghlacadh sa ghlao.

Ghlac an GCC páirt i nGlao Comhpháirteach i mí an Mheithimh 2023 ar *Athrú Aeráide agus Oidhreacht Chultúrtha*, arna chomhordú ag Tionscnamh Comhchláraithe (TC) na hAeráide, an Tionscnamh Comhchláraithe (TC) ar Oidhreacht Chultúrtha agus Athrú Domhanda, agus Fóram Belmont. Tá trí thionscadal le comhpháirtithe Éireannacha molta le haghaidh maoinithe, agus 50% acu le cómhaoiniú ag an RTRÁO.

Chuaigh an GCC isteach sa *Chomhpháirtíocht Eorpach PARC* (Comhpháirtíocht um Measúnú Rioscaí ó Cheimiceáin) in 2023. Tá an GCC ina comhpháirtí freisin sa *Chomhpháirtíocht Eorpach PianoForte*, ar comhpháirtíocht í le haghaidh taighde ar chosaint radaíochta.

Lean an GCC lena ról cathaoirleachta sa Tionscnamh um Chláirú Comhpháirteach Aeráide mar Leaschathaoirleach ar phróiseas Equinox, agus tá sé mar aidhm aici dlús a chur le forbairt agus le haistriú eolais ón eolaíocht go dtí beartas agus gníomh san Eoraip. Tá sé seo tacaithe ag tionscadal MAGICA Horizon Eorpach a bhfuil an GCC ina comhpháirtí ann.

## Comhordú Taighde

Tháinig an *Grúpa Náisiúnta Comhordaithe um Thaighde Comhshaoil* (NERCG) faoi stiúir na GCC le chéile faoi dhó in 2023. Tugadh faoi athbhreithniú straitéiseach ar an NERCG in 2023, as ar tháinig nuashonruithe oibiachtúla, ballraíochta agus gníomhaíochta.

D’fhorbair foghrúpa den NERCG aicmithe do thaighde aeráide agus aeráide i gcomhthéacs Éireannach, ag cur le *hAicmiú Taighde Éireann*. Leis an gcóras aicmithe nua beifear in ann comparáid iontaofa a dhéanamh idir staidreamh taighde agus sonraí go náisiúnta, mar aon le cuidiú le forbairt tuairiscithe caighdeánaithe agus tagarmharcála.

Críochnaíodh bailiú sonraí agus anailís don tuarascáil ‘Taighde Aeráide in Éirinn 2022’ in 2023, agus tá an tuarascáil le foilsiú ag tús 2024.

## Comhoibriú Náisiúnta

Glacann an GCC páirt san Fhóram Náisiúnta Forfheidhmithe um *Thionchar 2030* (an Straitéis Náisiúnta Taighde agus Nuálaíochta). Lean an GCC de bheith rannpháirteach freisin san Fhóram Náisiúnta um Ionracas Taighde, san Fhóram Taighde Oscailte Náisiúnta, agus san Fhóram Taighde Inscne

agus Rannpháirteach. Tá baint ag an GCC le tionscnaimh náisiúnta chun cumas agus bonneagar náisiúnta a thógáil le haghaidh taighde oscailte.

## Cumarsáid Taighde & Aistriú Eolais

D'fhoilsigh an GCC 18 dtuarascáil taighde nua in éineacht lena físeáin bhuaicphointí le linn 2023, mar aon le trí Thuarascáil Sintéise Fianaise ó Scéim Mhaoinithe Mhear chuig Beartais na GCC. Tá gach tuarascáil ar fáil ar an rannán *Foilseachán Taighde* de shuíomh gréasáin na GCC.

Rinneadh modhanna nua ar bhonn píolótach chun taighde GCC a chur in iúl agus a phoibliú in 2023, lena n-áirítear úsáid a bhaint as físeáin ghearr ó thaighdeoirí, rannpháirtíocht spriocdhírithe le príomhpháirtithe leasmhara, agus cur chun cinn níos tarraingtí tuarascálacha taighde nuair a foilsíodh iad. Ina theannta sin, seoladh *bunachar sonraí inchuardaithe* nua de na tionscadail taighde go léir atá maoinithe ag an GCC, a ligeann d'úsáideoirí sonraí ar thionscadail atá maoinithe ag GCC a chuardach, a scagadh agus a easpórtáil.

Lean an GCC ag díriú ar aistriú eolais le linn 2023, le tacaíocht ó ERINN Innovation Ltd. Tá aistriú éifeachtach eolais ríthábhachtach lena chinntiú go mbíonn an fhianaise eolaíoch luachmhar a ghineann taighde arna mhaoiniú ag GCC mar bhonn eolais d'fhorbairt agus do chur i bhfeidhm beartais. Áiríodh thart ar 78 tionscadal sa chéad chéim den tionscadal, rud a d'fhág gur sainaithníodh 88 aschuir eolais a bhfuil anailís á déanamh orthu chun bealaí féideartha i dtreo tionchair a shainaithint. Múnlóidh an tionscadal nuálach seo an chaoi a bhfuil aistriú eolais leabaithe ar fud Chlár Taighde GCC amach anseo chun tionchar an taighde atá maoinithe ag GCC a uasmhéadú.






# 6 Cultúr Sármhaitheasa

**Cruthaímid cultúr sármhaitheasa, áit a dtacaítear le daoine agus ar féidir leo a ndícheall a dhéanamh.**
Mairimid ár luachanna agus ár n-iompraíocht in ionad oibre atá tacúil, cuimsitheach agus solúbtha, chun luach poiblí agus ár bhfís a sheachadadh.

# 6. CULTÚR SÁRMHAITHEASA

## 6.1 Struchtúr na hEagraíochta



## Bord Stiúrthóirí



**Sa phictiúr (ó chlé go deas):** An Dr Eimear Cotter (Stiúrthóir, An Oifig Fianaise agus Measúnaithe), an tUasal Gerard O' Leary (Stiúrthóir, An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha), An Dr Micheál Lehane (Stiúrthóir, An Oifig um Chosaint Radaíochta agus Monatóireacht Comhshaoil), Laura Burke Uasal (Ard-Stiúrthóir), An Dr Tom Ryan (Stiúrthóir, An Oifig um Fhorfheidhmiú Comhshaoil), agus an tUasal David Flynn (Stiúrthóir, An Oifig um Inbhuanaitheacht Comhshaoil).

### Cruinnithe boird

Tá seisear Stiúrthóirí Feidhmiúcháin lánaimseartha ar Bhord na GCC. Tionóladh 48 cruinniú den Bhord in 2023 ar an iomlán: 12 chruinniú ginearálta, ag ar déileáladh le saincheisteanna beartais chorparáidigh, rialachais, straitéise, airgeadais agus pleanála, agus 36 cruinniú teicniúil, inar déileáladh le hiarratais ar cheadúnais, le hionchúisimh agus le saincheisteanna oibriúcháin.

### Coiste Comhairleach na GCC

Cabhraíonn Coiste Comhairleach leis an GCC, ag a bhfuil téarma oifige trí bliana. Ainmníonn eagraíochtaí forordaithe an 12 chomhalta agus ceapann an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide iad. Tá réimse leathan feidhmeanna comhairleacha ag an gCoiste Comhairleach, lena n-áirítear moltaí a dhéanamh don GCC agus/nó don Aire. Tá Ard-Stiúrthóir na GCC, ex officio, ina chomhalta agus ina Chathaoirleach ar an gCoiste. Athcheapadh Aebhín Cawley ar an 1 Iúil 2022 ar feadh tréimhse trí bliana eile.

### Comhaltaí ceaptha ó chomhlachtaí forordaithe

Sadhbh O'Neill Uasal (ainmnithe ag Líonra Comhshaoil na hÉireann)

An tOllamh John Wenger (ainmnithe ag Institiúid Ceimice na hÉireann)

An tOllamh Frances Lucy (ainmnithe ag Cumann Eolaíochtaí Comhshaoil na hÉireann)

Elaine Mahon Uasal (ainmnithe ag The Wheel

An Dr Brendan Dunford (ainmnithe ag Oidhreacht Éireann)

An tUasal Thomas Cooney (ainmnithe ag Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann)

An Dr Niamh Lynam Lennon (ainmnithe ag Cumann Taighde Radaíochta na hÉireann)

### Baill Ceaptha ag an Aire

An tOllamh Aoife Foley

Aebhín Cawley Uasal

Ms Yvonne Mullooly

Ms Elaine Nevin

### Cathaoirleach

Laura Burke Uasal, Ard-Stiúrthóir, GCC

## 6.2 Acmhainní Daonna

### Earcaíocht

Le linn 2023, fuair an GCC ceadú le haghaidh seasca sé post breise, rud a d'fhág go raibh líon foirne faofa na GCC ag deireadh na bliana cothrom le 520. Tá 205 ball foirne ag an GCC lonnaithe ina ceanncheathrú i Loch Garman, agus tá an chuid eile lonnaithe go straitéiseach sna cúig Chigireacht Réigiúnacha agus in Oifigí Hidriméadrachta ar fud na tíre.



**Baill foirne an GCC ar Lá na Gníomhaireachta, 2023**

### Intéirneachtaí agus Socrúcháin

Lean an GCC de bheith ag plé le raon leathan d'institiúidí oideachais tríú leibhéal faoin gClár Intéirneachta chun a chinntiú go bhfuil líon na mac léinn den chaighdeán is airde agus go dtugtar deis do mhic léinn oibriú in eagraíocht seirbhíse poiblí atá thar a bheith éifeachtach agus casta. Cuireadh ar fáil agus líonadh 26 intéirneacht íoctha le linn 2023 ar an iomlán. Ina theannta sin, leanadh leis an gclár socrúcháin samhraidh do mhic léinn in 2023 agus tugadh deis do 27 mac léinn tríú leibhéal an teoiric agus na scileanna a d'fhoghlaim siad ina n-obair chúrsa a chur i bhfeidhm agus a fheabhsú i suíomh oibre cuí, agus luach a chur leis an eagraíocht ag an am céanna.

### Foghlaim agus Forbairt

Is infheistíocht leanúnach é ár saineolas, ár n-eolas agus ár scileanna teicniúla a chothabháil. Le linn 2023 lean an GCC le hinfheistíocht in oiliúint speisialtóirí teicniúla agus in oiliúint sheachtrach agus ag freastal ar chomhdhálacha.

### Ceannaireacht láidir

Tá an Líonra Bainistíochta Sinsearaí (LBS) comhdhéanta de Stiúrthóirí, Bainisteoirí Clár agus Bainisteoirí Réigiúnacha i bhfeidhm ó 2014 agus buaileann sé le chéile cúig huaire in aghaidh na bliana ar a laghad. Soláthraíonn an LBS ról maoirsithe maidir le seachadadh Thorthaí Straitéiseacha na GCC agus treoraíonn sé trí eiseamláir trí léiriú gníomhach a dhéanamh ar an gcaoi a n-éiríonn léi luachanna agus iompraíochtaí cultúrtha na GCC a chomhlíonadh, is iad sin Gairmiúil, Iontaofa, Dírithe ar Chustaiméirí & Pháirtithe Leasmhara, Comhoibríoch agus Nuálach.

Le linn an chéad leath de 2023, dhírigh obair an LBS ar athbhreithniú piaraí ar Phlean Oibre Bliantúil 2023 na GCC i gcoinne na dTosaíochtaí Straitéiseacha atá leagtha amach sa Straitéis Chorparáideach, chomh maith le breathnú ar fheidhmíocht agus iompar foirne ar fud na Gníomhaireachta. Sa dara leath den bhliain dhírigh an LBS ar oiliúint ceannaireachta agus sainaithint rioscaí do sheachadadh na dTorthaí a aithníodh sa Straitéis Chorparáideach.

Tar éis forbairt rathúil an LBS ó 2014 i leith, breathnaíodh ar chruthú Líonra Bainistíochta agus Ceannaireachta (LBC) in 2019 mar an chéad chéim eile i bhforbairt agus i bhfás na GCC. Is iad na gráid mheánbhainistíochta i GCC baill an LBC. Is é an aidhm atá leis seo ná go ndéanfaidh an LBC, le himeacht ama, ceannairí na heagraíochta amach anseo a fhorbairt. I mí na Samhna, reáchtáil an líonra a chomhdháil bhliantúil le fócas ar Chultúr san Ionad Oibre.

### Fochoistí an Bhoird

Tá dhá Fhochoiste Boird bunaithe ag an mBord ar Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide, agus Daoine agus Cultúr. Déanann an chéad cheann maoirsiú ar rialachas agus ar threo straitéiseach an athraithe atá cumasaithe ag TFC, agus tacaíonn an dara ceann leis an bhfeidhm FAD agus cuireann sé comhairle ar an mBord

maidir le tionscnaimh chun cultúr sármhaitheasa a chothabháil ina ndéanann daoine a ndícheall. Threoraigh an Fochoiste seo forbairt ar Chlár Meantóireachta a seoladh i mí na Samhna.

### Comhpháirtíocht

I rith 2023, lean Meitheal, Coiste Comhpháirtíochta na GCC, ag tógáil ionad oibre cuimsitheach, táirgiúil agus nuálach. Príomhfhócas ab ea Lá na Gníomhaireachta, a rinne ceiliúradh ar 30 bliain ó bunaíodh an GCC le láithreoireachtaí ag cur béime ar an dul chun cinn atá déanta sna príomhearnálacha.

### Sábháilteacht, sláinte agus leas ag an Obair

Tuigeann an GCC go bhfuil sábháilteacht, sláinte agus leas ina riachtanais bhunúsacha dá cuid oibríochtaí. Maidir leis seo, tá sé mar bheartas ag an GCC a gnó a dhéanamh ar bhealach a chosnaíonn sábháilteacht, sláinte agus leas na foirne, na gcuairteoirí, na gconraitheoirí agus an phobail a bhféadfadh baint a bheith acu le gníomhaíochtaí GCC. Soláthraíonn an GCC áit oibre shábháilte agus córas oibre sábháilte dá cuid ball foirne, chomh fada agus is féidir go praiticiúil, i gcomhréir leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 agus na rialacháin ghaolmhara.

## 6.3 Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Úsáideann an GCC a seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) chun tacú le hathchóiriú agus nuálaíocht ar fud na heagraíochta. Tá ríthábhacht ag baint leis na seirbhísí seo agus sonraí tráthúla agus spriocdhírithe agus faisnéis a chur ar fáil chun freastail ar a riachtanais ar son pháirtithe leasmhara, mar atá leagtha amach ina straitéis corparáide. Ó thaobh infheistíocht TFC de, tá tús áite ag réimsí amhail soláthar faisnéise, bainistíocht sonraí, seirbhísí ar líne agus comhroinnte, slándáil, teicneolaíochtaí ar thús cadhnaíochta, agus cumais TFC inmheánacha a fhorbairt.

### Slándáil faisnéise

Is acmhainn thábhachtach de chuid na GCC í an fhaisnéis agus tá sé ríthábhachtach faisnéis, teicneolaíochtaí agus feidhmchláir na GCC a chosaint chun a chinntiú gur féidir leis an GCC leanúint dá feidhmeanna a chomhlíonadh. Taobh istigh den GCC, clúdaíonn cleachtais um shlándáil faisnéise trí phríomhchuid: rúndacht, ionracas agus infhaighteacht. Dá réir sin, tá beartais agus teicneolaíochtaí tugtha isteach ag an GCC le blianta beaga anuas chun cabhrú lena sócmhainní a chosaint, agus chun freastal ar na héilimh mhéadaitheacha sa spás slándála faisnéise a ndéantar athbhreithniú orthu go tréimhsiúil.

Le linn na bliana, díríodh go háirithe ar fheasacht a ardú faoin gcibearshlándáil, don fhoireann agus d’aon duine a úsáideann córais GCC, agus rinneadh cleachtaí fioscaireachta rialta agus oiliúint slándála chomh maith le tionscnaimh eile chun feasacht a ardú.

in 2023, chuir an GCC tús le measúnú i gcoinne na gCaighdeán Bunlíne don Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála, ar sraith caighdeán iad a bhfuil sé mar aidhm acu athléimneacht agus slándáil chórais TFC na hearnála poiblí a fheabhsú. D’aimsigh an measúnú go leor réimsí a theastaíonn aird, agus tabharfar aghaidh orthu i gclár oibre 2024.

### Córais agus teicneolaíochtaí nua TFC

Tá athrú agus feabhas ag teacht ar theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide an t-am ar fad. Déanann an GCC a dícheall coinneáil suas chun dáta leis na cleachtais is fearr i TFC chun úsáid na teicneolaíochta nua a uasmhéadú, agus chun luach ar airgead a sholáthar in infheistíochtaí TFC.

Leanadh den bhunobair do thimpeallacht Néal nua na GCC chun úsáid uirlisí Néal nua a chumasú chun feidhmchláir nua a fhorbairt amach anseo. De réir mar a bhogfaidh an GCC níos mó dá feidhmchláir chuig an Néal sna blianta atá le teacht, beidh sí in ann seirbhísí feabhsaithe, níos sláine agus níos athléimní a thairiscint d’fhoirne ar fud na heagraíochta.

## 6.4 Rialachas

### Rialachas corparáideach

Tá rialachas corparáideach ríthábhachtach don GCC chun a sainchúram reachtúil a chomhlíonadh go héifeachtach. Soláthraíonn sé creat de struchtúir agus de phróisis a fhágann gur féidir le baill an Bhoird measúnú a dhéanamh ar an mbainistíocht agus ar fheidhmíocht chorparáideach, agus san am céanna a chinntiú go gcomhlíonann na baill a gcuid freagrachtaí rialachais féin go hoibiachtúil agus go héifeachtach. Is é beartas na GCC ná cloí go hiomlán le hoibleagáidí rialachais agus cuntasachta agus dea-chleachtas a leanúint agus é sin á dhéanamh.

Tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 (an Cód) riachtanach do gach comhlacht Stáit agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 1 Meán Fómhair 2016. I rith 2023, lean an GCC ar aghaidh ag cur ceanglais rialachais i bhfeidhm agus choinnigh sí comhlíonadh de réir an Chóid. Tá Aonad um Rialachas Corparáideach i bhfeidhm a bhfuil freagracht air as maoirsiú agus tuairisciú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar chomhlíonadh an Chóid.


De réir na riachtanas a eascraíonn as Iarscríbhinn an Chóid maidir le Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú, moltar go léireofaí ionadaíocht 40% de mhná agus fhir ar Bhoird Stáit. Ar an 31 Nollaig 2023, bhí cothromaíocht inscne de 33% baineann agus 67% fireann ar Bhord na GCC.

### Bainistíocht Riosca

Tá an GCC tiomanta dá rioscaí a bhainistiú agus tá creat bainistíochta ar rioscaí i bhfeidhm a dhéanann na forálacha atá sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chomhlíonadh.

Tá Coiste Feidhmiúcháin Riosca (CFR) ann (a ndéanann an Príomhoifigeach Riosca cathaoirleacht air) ar a bhfuil beirt Stiúrthóirí agus cúigear Clárbhainisteoirí. Chomh maith leis sin, tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) ann ar a bhfuil seisear comhaltaí seachtracha agus bainisteoir sinsearach amháin ón GCC. Tá freagracht ar an CFR agus ar an CIR, i dteannta a chéile, as dearbhú a thabhairt do Bhord na GCC agus comhairle a chur uirthi faoi bhainistíocht riosca (féach Fíor 20). Tagann an CFR le chéile ar bhonn rialta agus tháinig sé le chéile ceithre huaire in 2023, agus tháinig an CIR le chéile cúig huaire. Is mír sheasta í Bainistíocht Riosca ag cruinnithe an CIR.

Tá an Clár Riosca Corparáideach dinimiciúil agus aithníonn sé na príomhrioscaí atá roimh an GCC. Sonraíonn an Clár na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú, chomh maith leis an bhfreagracht as oibriú rialuithe a shanntar do bhaill foirne shonracha. Déanann an CFR monatóireacht, cothabháil agus tuairisciú ar an gClár Rioscaí Corparáideacha, agus déanann an CIR athbhreithniú air sula gcuirtear faoi bhráid Bhord na GCC é le haghaidh a bhreathnaithe. in 2023, chuir an CFR tús le measúnú riosca cuimsitheach ar Phlean Straitéiseach 2022-2026 na GCC, agus bhí sé mar aidhm aige aon rioscaí suntasacha a aimsiú chun an Straitéis a bhaint amach.




**Fíor 20.** Caidreamh idir an Coiste Riosca Feidhmiúcháin, an Coiste Iniúchta & Riosca agus Bord na GCC.

Rinne an GCC measúnú ar rioscaí na GCC trí úsáid a bhaint as na próisis atá leagtha amach sa Pholasaí Bainistíochta Riosca. Déantar achoimre ar na príomhrioscaí a ndearna an GCC bainistíocht orthu in 2023 sa Tábla thíos:

| Líon. | Rioscaí Bainistithe | Freagra |
|---|---|---|
| 1 | Riosca go gcaillfear córais TFC nó sonraí criticiúla mar gheall ar theagmhais a bhaineann le cibearshlándáil (lena n-áirítear earráid dhaonna). | Tar éis féinmheasúnú i gcoinne Chaighdeáin Bhunlíne an Ionaid Náisiúnta Cibearshlándála, rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar na Beartais Slándála TFC go léir le linn 2023. Méadaíodh cultúr slándála i measc na foirne agus na gconraitheoirí go suntasach trí oiliúint feasachta rialta agus ionsamhlúcháin fioscaireachta. Rinneadh tástáil rialta ar shocruithe slándála trí measúnuithe leochaileachta agus tástálacha treá. Díríodh go háirithe ar rialachas Néal chun cabhrú le húsáid cheart agus shábháilte na dteicneolaíochtaí néal. |
| 2 | Riosca gortaithe tromchúiseacha do bha(i)ll foirne mar gheall ar oibriú i dtimpeallachtaí ardriosca. | Lean an GCC leis an gCóras Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta a neadú, lena n-áirítear leathadh amach an Réitigh TF. Chuir Fochoiste an Bhoird Daoine agus Cultúir an Tuarascáil Bhliantúil Athbhreithnithe ar an mBainistíocht ar Shábháilteacht, Sláinte agus Leas do 2023 le chéile agus cuireadh faoi bhráid Choiste Iniúchta & Riosca na GCC agus Bhord na GCC í. Críochnaíodh dhá Athbhreithniú Inmheánacha mar chuid den timthriall Pleanáil-Déan-Seiceáil-Gníomhaigh atá i gcroílár Chóras Bainistíochta Sábháilteachta na GCC. Scrúdaigh an t-athbhreithniú seo tiomáint chun críocha oibre agus bainistíocht na gconraitheoirí a raibh baint acu le suiteáil painéil ghréine ag gach ceann d'áitribh an GCC. |
| 3. | An riosca go dteipfidh ar fhreagairt chuí a thabhairt do Theagmhas Núicléach idirnáisiúnta. | Eagraíonn an GCC Cleachtaí Núicléacha Náisiúnta tréimhsiúla i gcomhar le RCAC agus glacann sí páirt i gcleachtaí idirnáisiúnta gach bliain. Tá an Ghníomhaireacht ag neadú na ngníomhartha a bhaineann leis an GCC a aithníodh sa Chleachtadh Náisiúnta faoi Phlean Náisiúnta an Rialtais um Nochtadh Éigeandála Núicléach agus Raideolaíoch a rinneadh i Meán Fómhair 2022. Le linn 2023, d'oibrigh an GCC freisin le comhlachtaí poiblí agus le ranna rialtais chun aghaidh a thabhairt ar mholtaí eile ón gcleachtadh sin. Tá an GCC ag fiosrú deiseanna chun cumais anailíse raideolaíochta a mhéadú go náisiúnta trí dhul i dteagmháil le saotharlanna stáit eile. |

## Iniúchóireacht Inmheánach

Le linn 2023, cuireadh an clár iniúchta inmheánaigh chun cinn go gníomhach agus cuireadh moltaí ó iniúchtaí roimhe seo i bhfeidhm. I gcomhréir leis an gCód, rinneadh athbhreithniú ar éifeachtacht an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2023.

## Plean Straitéiseach

Leagtar amach i bPlean Straitéiseach cúig bliana na GCC 2022-2026 cad atá beartaithe aici a bhaint amach thar na cúig bliana amach romhainn chun a shainordú a sheachadadh agus a cuspóir chun comhshaol na hÉireann a chosaint, a fheabhsú agus a athchóiriú trí rialáil, eolas eolaíoch agus ag obair le daoine eile. Aithníonn an Plean cúig Thoradh Straitéiseacha a thugann eolas do chláir oibre na GCC:


- Is tionchar éifeachtach muid ar son chomhshaol na hÉireann.
- Bainimid úsáid as an méid atá ar eolas againn chun dlús a chur leis an ngníomhú ar son na haeráide.
- Cuirimid comhshaol atá sláintiúil agus faoi chosaint ar fáil.
- Cuirimid an t-aistriú go táirgeacht agus caitheamh inbhuanaithe chun cinn.
- Cruthaímid cultúr sármhaitheasa, áit a dtacaítear le daoine agus ar féidir leo a ndícheall a dhéanamh.

Soláthraíonn an Líonra Bainistíochta Sinsearaí maoirseacht ar chur i bhfeidhm an Phlean ar bhonn leanúnach.

## Rochtain ar eolas

Tá an GCC tiomanta do bheith ina heagraíocht oscailte agus inrochtana. Is dhá mhodh iad an tAcht um Shaoráil Faisnéise (TSF), 2014, arna leasú, agus na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (RFC) chun rochtain a fháil ar fhaisnéis do na baill sin den phobal nach raibh in ann rochtain a fháil ar an bhfaisnéis a theastaíonn uathu faoi bhealaí malartacha. Foilsíonn an GCC an oiread faisnéise agus is féidir léi ar bhealach oscailte inrochtana ar bhonn rialta lasmuigh de Shaoráil Faisnéise, ag féachaint do phrionsabail na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta. Dá réir sin, ceadaítear taifid a fhoilsiú nó a thabhairt lasmuigh den phróiseas saorála faisnéise chomh fada is nach bhfuil cosc air sin de réir dlí ar fhoilseachán nó ar bhronnadh rochtana.

Le linn 2023, fuair an GCC 49 iarratas SF agus bhí cúig cinn eile a tugadh anonn ó 2022. Faoi na Rialacháin AIE, fuair an GCC 94 iarratas agus tugadh aon cheann déag eile anonn ó 2022. I bhFíor 21, léirítear na Cinntí a eisíodh bunaithe ar na hiarratais a próiseáladh le linn 2023. I gcás gur diúltaíodh d'iarratais, bhí an fhaisnéis a diúltaíodh di de thoradh ceann nó dhó acu seo: pearsanta; faoi rún, d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'fheidhmeanna; curtha le chéile ar bhealach róghinearálta; gan a bheith i seilbh na GCC; ina faisnéis a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'ionchúiseamh; go raibh sé faoi phribhléid dhlíthiúil, go raibh sé ábhartha agus é críochnaithe, go raibh sé íogair ó thaobh airgeadais nó tráchtála de; in easnamh; nó go raibh na hiarratais iomarcach nó míréasúnta go follasach.




**Fíor 21.** Cinntí SF agus AIE, Eanáir go Nollaig 2023

## Nochtuithe cosanta

Ceanglaítear le hAlt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, arna leasú, go bhfoilseofar Tuarascáil Bhliantúil gach bliain a bhaineann le líon na nochtadh cosanta a rinneadh sa bhliain roimhe sin agus aon ghníomhartha a rinneadh mar fhreagra ar nochtadh den sórt sin. Is féidir cóip den tuarascáil seo a fheiceáil nó a íoslódáil sa rannán um Nochtadh Cosanta ar shuíomh Gréasáin na GCC.

Deimhníonn an GCC nach ndearnadh aon nochtadh don GCC mar fhostóir, faoi Alt 6 den Acht le linn 2023.

Faoi Ionstraim Reachtúil Uimh. 339 de 2014, forordaítear d'Ard-Stiúrthóir na GCC a bheith ina fhaighteoir um nochtadh éagóracha iomchuí maidir le gach ábhar a bhaineann le cosaint an chomhshaoil sa Stát. Fuair Ard-Stiúrthóir na GCC, i gcomhthéacs a róil mar Dhuine Forordaithe, trí nochtadh déag ó pháirtí lasmuigh den GCC le linn 2023.





# 7 Aguisíní

# 7. AGUISÍNÍ


## 7.1 An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tagann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil faoi shainchúram an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002.

Is é polasaí na GCC ná a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Tá córais agus nósanna imeachta sonracha curtha i bhfeidhm le gur féidir sonraisc a rianú agus lena chinntiú go ndéantar íocaíochtaí roimh an dáta dlite.

Tá na rialuithe seo deartha chun cinnteacht réasúnta, ach ní dearbhú iomlán, a sholáthar i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta agus na Rialachán.

Ní raibh aon íocaíocht mhall in 2023, a raibh luach níos mó ná €317 aici.



**Laura Burke**
Ard-Stiúrthóir na GCC

31 Bealtaine 2024

## 7.2 Sainchomhairleoirí agus Comhairleoirí a Ceapadh

| | |
|---|---|
| Acustica Ltd | Evelyn Partners |
| AECOM Éire Teo | Greenville |
| Arup Consulting | Gartner Ireland Ltd. |
| CBEC eco-engineering | Geosyntec Consultants Ltd |
| CDM Smith | Go West |
| RPS Group | Réitigh Comhtháite Riosca |
| APEM Limited | Krisolis Ltd. |
| Wallingford Hydro Solutions | Mabbett |
| ByrneWallace | M-CO |
| Camp Dresser & McKee (Ireland) Ltd | Morrow Communications |
| Carr Communications Ltd | ReidyBrophy Teo. |
| An Lárionad Éiceolaíochta agus Hidreolaíochta, Ríocht Aontaithe | Qualcom |
| CERC (GBP) | Ricardo |
| Ionad na Teicneolaíochta Glaine | Sweco Éire Teo |
| Compass Informatics | Think HR |
| Dataworks | VITO (An Institiúid Phléimeannach um Thaighde Teicneolaíochta) |
| ERINN Innovation Ltd. | SLR Consulting |
| Eir evo | Woodrow Environmental Consultants (APEM group) |
| Ergo | |

# Foilseacháin 2023 na GCC

## Aer

Tá na *tuarascálacha aeir seo a leanas foilsithe ar láithreán gréasáin na GCC*:

- *Cáilíocht an Aeir in Éirinn 2022*
- *Bullaitín Bliantúil um Cháilíocht an Aeir 2023*

## Corparáideach

Tá *na tuarascálacha corparáideacha seo a leanas foilsithe ar shuíomh Gréasáin na GCC*:

- *Treochlár um Ghníomhú Aeráide na GCC 2022*
- *Tuarascáil Bhliantúil & Cuntais na GCC 2022*
- *Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2022*
- *EPA Year in Review 2022*
- *Athbhreithniú ar 2022*
- *Athbhreithniú ar an mBearna Phá idir na hInscní 2023*
- *Tuarascáil GCC ar Astaíochtaí Carbóin 2021*

## Údarás Poiblí

Tá *an tuarascáil seo a leanas ón Údarás Poiblí foilsithe ar shuíomh gréasáin na GCC*:

- *Focus on Local Authority Environmental Enforcement Activity report 2022*

## Geilleagar Ciorclach

Tá *na tuarascálacha seo a leanas ar gheilleagar ciorclach foilsithe ar shuíomh Gréasáin na GCC*:

- *Tuarascáil Staidéar Cáilíochtúil na GCC ar Éadaí Athláimhe 2022*
- *Teicstílí: Suirbhé Náisiúnta ar Tairiscintí Miondíola Ciorcláin 2022*
- *Tuarascáil Bhliantúil an Chláir Geilleagar Chiorclaigh 2022*
- *Staidéar comparáideach ar chánacha/tobhaigh aisghabhála dramhaíola san Eoraip*
- *Soláthar Poiblí Glas: Monatóireacht agus Tuairisciú ó Ranna Rialtais*
- *Tuarascáil Bhliantúil an Chláir Náisiúnta um Chosc Dramhaíola 2021*

## Cáilíocht an Uisce

Tá na *tuarascálacha seo a leanas ar cháilíocht uisce foilsithe ar shuíomh Gréasáin na GCC*:

- *Cáilíocht uisce in 2022: Tuarascáil Táscairí*
- *Cáilíocht an Uisce Snámha in Éirinn 2022*
- *Tuarascáil monatóireachta ar cháilíocht uisce ar thiúchan nítrigine agus fosfair in uiscí na hÉireann 2022*
- *Faisnéis tacaíochta don athbhreithniú eatramhach ar cháilíocht uisce de réir mar is gá mar choinníoll de mhaolú na hÉireann faoin Treoir Níotráití - Doiciméad Teicniúil*
- *12 fhoilseachán míosúla den 'Bullaitín Achoimre Hidreolaíochta' (Nollaig 2022 go Samhain 2023)*
- *Clár Monatóireachta Náisiúnta um Cháilíocht Uisce na hÉireann 2022–2027*
- *Cáilíocht uisce locha a mheas - bileog fíricí na GCC*
- *Cáilíocht uisce abhann a mheas - bileog fíricí na GCC*
- *Cáilíocht uisce mara a mheas - bileog fíricí na GCC*
- *Clár Astarraingthe Uisce na GCC - Nollaig 2023*
- *Clár na Stáisiúin Hidriméadrachta in Éirinn 2023*
- *Feasacháin Achoimre Hidreolaíochta Eanáir-Nollaig 2023*

## Uisce Óil

Tá *na tuarascálacha seo a leanas ar uisce óil foilsithe ar shuíomh Gréasáin na GCC*:

- *Cáilíocht Uisce Óil i Soláthairtí Poiblí 2022*

## Dramhuisce

Tá na *tuarascálacha seo a leanas ar fhuíolluisce foilsithe ar shuíomh Gréasáin na GCC*:

- *Cigireachtaí ar Chórais Chóireála Fuíolluisce Tí (CCCFT) 2022*
- *Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh in 2022*

## Measúnú

Tá *na tuarascálacha measúnaithe seo a leanas foilsithe ar shuíomh Gréasáin na GCC*:

- *Treoir Dhea-Chleachtais maidir le Measúnú Straitéiseach Timpeallachta (MST) agus Tírdhreach*
- *Treoir Dhea-Chleachtais maidir le MST don Earnáil Turasóireachta*
- *Bróisiúr Líonra EIONET Éireann 2023*
- *Treoir maidir le Ráitis agus Monatóireacht SEA*

## Athrú Aeráide

Tá na tuarascálacha seo a leanas ar athrú aeráide foilsithe ar shuíomh gréasáin na GCC:

- *An Staidéar ar Athrú Aeráide i Intinn na hÉireann Céim 1*
- *An Staidéar ar Athrú Aeráide in Intinn na hÉireann Céim 1 Tuairisc Léargais 1*
- *An Staidéar ar Athrú Aeráide in Intinn na hÉireann Céim 2 Tuairisc Léargais 2*
- *Astaíochtaí Sealadacha Gáis Cheaptha Teasa na hÉireann 1990-2022*
- *Réamh-mheastacháin astaíochtaí gáis ceaptha teasa na hÉireann 2022-2040*
- *Astaíochtaí Truailleán Aeir na hÉireann 2021 (1990-2030)*
- *Astaíochtaí Deiridh Gáis Cheaptha Teasa na hÉireann 1990-2021*

## Dramhaíl

Tá na tuarascálacha dramhaíola seo a leanas foilsithe ar shuíomh Gréasáin na GCC:

- *Tuarascáil Buaicphointí 2021 ar an nGeilleagar Ciorclach agus ar Staidreamh Dramhaíola*
- *2022 Leabhrán Tréithrithe Dramhaíola Bardasach Tráchtála*
- *2022 Leabhrán Tréithrithe Dramhaíola Bardasach Tí*
- *Treoir Dhea-Chleachtais maidir le láimhseáil aispeiste*

## Radaíocht

Foilsítear na tuarascálacha radaíochta seo a leanas ar shuíomh gréasáin na GCC:

- *EMF radaimhinicíochta i spásanna poiblí in Éirinn - tuarascáil agus bróisiúr*

## Tuarascálacha ar thaighde comhshaoil

Foilsíodh na tuarascálacha taighde seo a leanas in 2023 agus tá siad ar fáil ar shuíomh gréasáin na GCC:

## Aghaidh a thabhairt ar riachtanais fianaise maidir le hathrú aeráide

- Taighde 429: *Athléimneacht Chósta agus Mhuirí a Fhorbairt in Éirinn.*
- Taighde 436: *Acmhainneacht do Thaighde Comhtháite Atmaisféir an Atlantaigh Thuaidh a Mheas.*
- Taighde 437: *Feineolaíocht an tSeagalach Ilbhliantúil agus an Rannchuidiú Féideartha le Leithlisiú Carbóin ar Thalamh Féaraigh.*
- Taighde 445: *CROSSDRO: Tionchar tras-earnála triomach in Imchuacha Eorpacha casta.*

## Comhshaol sláintiúil a sheachadadh

- Taighde 428 Tástáil Síothlaithe Ithreacha le haghaidh Cóireála Fuíolluisce ar an Láithreán.
- Taighde 433: *Braith agus Íonaigh: Braith, Scrios agus Bain Truaillithe Uisce (SPy).*
- Taighde 434: *Ceimiceáin Orgánacha Mharthanacha i Sruth Dramhaíola na hÉireann,*
- Taighde 439: *Taighde ar an gComhshaol, Sláinte, Iompar Tomhaltóra agus an Geilleagar: Clár Taighde ITES ar Shocheacnamaíocht Comhshaoil 2020-2022.*
- Taighde 442: *Tionchar NO2 ar Shláinte le Béim ar leith ar Ghrúpaí Leochaileacha.*

## Geilleagar Ciorclach agus Glas a Éascú

- Tuarascáil Sintéise Fianaise 2: *Staidéar Ciorclach Réamhamhairc Bithgheilleagair 2030–2050 mar Thaca le Gníomhú ar son na hAeráide, Bia Inbhuanaithe agus Córais Bhithbhunaithe.*
- Taighde 431: *Táirgeadh Breosla Iompar Bithmheatán Gásach Ard i gCóras Ciorclach Comhtháite Bithfhuinnimh.*
- Taighde 432: *Roghanna Luachála Eile seachas Líonadh Talún d'Iarmhair Orgánach.*
- Taighde 435: *Uisce Tionsclaíoch 4.0 - Creat le haghaidh Maoirseacht Uisce Tionscail atá Comhtháite go Digiteach i nDobharcheantar.*
- Taighde 440: *Dul chun cinn i dTéarnamh Inbhuanaithe Cothaitheach chun Sruthanna Iarmhair Shaibhir Nítrigine a Bhainistiú.*

## Ár gcomhshaol nádúrtha a chosaint agus a athchóiriú

- Taighde 430: *Foinsí, Cosáin agus Cinniúint Chomhshaoil Mhicreaplaistigh.*
- Taighde 438: *Úsáid Breathnadóireachta na Cruinne agus Meaisín Foghlama le haghaidh Coireachta Tionscail agus Dramhaíola a Aithint agus a Chosc.*
- Taighde 441: *Cuntasaíocht Chaipiteal Nádúrtha na hÉireann do Chomhshaoil Inbhuanaithe (INCASE).*
- Taighde 443: *Cianbhraiteacht ar Uiscí Dromchla na hÉireann.*
- Taighde 444: *Tacsanomaíocht agus Fíleagrafaíocht Ruabhreac Artach na hÉireann.*
- Tuarascáil Sintéise Fianaise 3: *Athbhreithniú ar Úsáid Talún: Floscanna, Cásanna agus Cumas.*
- Tuarascáil Sintéise Fianaise 4: *Athbhreithniú ar Úsáid Talún: Floscanna, Cásanna agus Cumas Tuarascáil Sintéise.*





# 8 Ráitis Airgeadais

# 8. RÁITIS AIRGEADAIS

## 8.1 RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ 2023

### Rialachas

Bunaíodh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (an Ghníomhaireacht/GCC) faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, arna leasú (an tAcht). De réir Alt 19 den Acht tá an Ghníomhaireacht comhdhéanta d'Ard-Stiúrthóir agus de chúigear Stiúrthóirí.

Ceaptar an tArd-Stiúrthóir agus na Stiúrthóirí eile ag an Rialtas i gcomhréir le hAilt 21 agus 24 den Acht. Tá feidhmeanna GCC leagtha amach i gCuid III den Acht. Tá an tArd-Stiúrthóir agus na Stiúrthóirí freagrach don Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Tá an tArd-Stiúrthóir agus na Stiúrthóirí freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus comhlíonann siad an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir le gach príomh-shaincheist gnó. Tá an tArd-Stiúrthóir agus na Stiúrthóirí freagrach as bainistiú agus rialú rialta laethúil na GCC.

Ní bhaintear úsáid as an téarma 'Bord' san Acht chun comhlacht rialaithe na heagraíochta a ainmniú; ina ionad sin, tagraítear don 'Ghníomhaireacht' san Acht agus do 'Stiúrthóirí na Gníomhaireachta' mar atá ainmnithe. Comhlíonann an Ghníomhaireacht ceanglais ábhartha an bhoird sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Feidhmíonn an tArd-Stiúrthóir mar Chathaoirleach an Bhoird Fheidhmiúcháin agus mar phríomhfheidhmeannach oibriúcháin na GCC, agus róil rialachais agus bhainistíochta araon á gcomhlíonadh, agus é freagrach as an nGníomhaireacht a reáchtáil. Tá an tArd-Stiúrthóir freagrach don Oireachtas tríd an gCoiste um Chuntais Phoiblí.

Tugtar 'Baill an Bhoird Fheidhmiúcháin' ar Stiúrthóirí na Gníomhaireachta agus tugtar 'an Bord' ar chomhlacht rialachais na Gníomhaireachta. Comhlíonann an Bord róil bhainistíochta agus rialachais araon agus tá a chuid gníomhaíochtaí eagraithe i gcúig Oifig, agus freagracht oibríochtúil ag gach Stiúrthóir as Oifig.

### Freagrachtaí an Bhoird

Tá raon leathan cumhachtaí agus dualgas deonaithe don GCC faoin Acht don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, mar atá leasaithe agus reachtaíocht ábhartha eile i leith an chomhshaoil agus chosaint radaíochta.

Is é ról an Bhoird i gcomhlacht poiblí ná ceannaireacht straitéiseach, stiúradh, tacaíocht agus treoir a thabhairt don chomhlacht agus tiomantas dá chuid luachanna, beartais agus cuspóirí lárnacha a chur chun cinn. I dteannta le freagrachtaí speisialta an Bhoird atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (an Cód) agus san Acht, tá freagrachtaí sonracha rialachais agus bainistíochta ar Bhord Feidhmiúcháin na GCC mar Bhord Comhlachta Stáit, lena n-áirítear:

- déanamh cinnte go gcomhlíonann an comhlacht a chuid freagrachtaí mar atá leagtha amach le reacht nó in ord aireachta;
- ceannaireacht, fís agus treoir a thabhairt don chomhlacht;
- misean an chomhlachta a shainiú, cinneadh ar a chuspóirí straitéiseacha agus na beartais a fhorbairt a theastaíonn chun na spriocanna sin a bhaint amach;
- dea-bhainistíocht a chinntiú, monatóireacht a dhéanamh ar éachtaí na bainistíochta agus cinntiú go mbaintear amach cothrom ceart idir róil an bhoird agus ról na bainistíochta faoi seach;
- spriocanna feidhmíochta a shocrú, lena n-áirítear príomhspriocanna airgeadais agus, go háirithe, aontú ar an mbuiséad agus dlúthmhonatóireacht a dhéanamh air;
- déanamh cinnte go n-iompraíonn an comhlacht é féin go heiticiúil agus ar bhealach a réitíonn le luachanna lárnacha an chomhlachta;
- ról an chomhlachta sa phobal a shainiú agus a chur chun cinn trí mheicníochtaí a fhorbairt chun tuairimí custaiméirí agus páirtithe leasmhara a bhailiú agus trí dhaoine a choimeád ar an eolas ar bhealach oscailte, cuntasach agus freagrach.

Ó thaobh na reachtaíochta de, tá freagracht ar an mBord as bainistíocht na GCC, ach le haghaidh cuspóirí praiticiúla tá cumhacht aige freagracht a tharmligean do bhaill foirne eile le haghaidh cuspóirí oibriúcháin. Forálann Alt 25(6) den Acht, go bhféadfaidh an Ghníomhaireacht aon cheann dá feidhmeanna a chomhlíonadh nó a fheidhmiú trí aon stiúrthóir nó trí aon duine eile nó aon chomhlacht a bheidh údaraithe go cuí ag an nGníomhaireacht chun na críche sin.

Ó bunaíodh an GCC, tá cumhachtaí roghnacha tarmligthe ag an mBord do leibhéil éagsúla sa GCC. Leantar tarmligean na gcumhachtaí ar aghaidh ag méadú agus an Ghníomhaireacht ag sealbhú feidhmeanna reachtaíochta breise le himeacht ama.

Leagtar amach i bPlean Straitéiseach na GCC 2022-2026 na gníomhartha tosaíochta a nglacfaidh an GCC chun ár misean a chomhlíonadh i dtaca lenár gcomhshaol a chosaint, a fheabhsú agus a athchóiriú.

Tá obair agus freagrachtaí GCC leagtha amach: i bPlean Straitéiseach an GCC; i gClár Oibre an GCC; agus sa Chomhaontú Maoirseachta leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Gach mí, bíonn cruinniú tiomnaithe ag an mBord Feidhmiúcháin faoi cheisteanna rialachais agus bainistíochta a chuimsíonn, ach nach bhfuil teoranta do na rudaí seo a leanas:

- Leasanna a dhearbhú
- Tuarascálacha um dhul chun cinn ó Oifigí aonair
- Bainistíocht airgeadais
- Cur i bhfeidhm na Straitéise
- Bainistíocht cumarsáide
- Saincheisteanna rialachais chorparáidigh (iniúchadh inmheánach san áireamh)
- Acmhainní daonna agus saincheisteanna soláthair foirne
- Bainistíocht Riosca

Ceanglaítear le hAlt 50 den Acht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, arna leasú, go gcoimeádfaidh an GCC, in aon fhoirm a cheadódh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide le cead ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead a gheobhaidh agus a chaithfidh an GCC.

Agus an GCC ag ullmhú na ráiteas airgeadais sin, ní foláir dó:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais a thabhairt agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh sé ar aghaidh ag oibriú;
- dearbhú gur leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon neamhchomhlíonta ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá an GCC freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnta ag am ar bith, a staid airgeadais agus a ligeann dó a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 50 den Acht. Baineann an fhreagracht i dtaca le cothabháil agus iomláine na faisnéise corparáide agus airgeadais leis an Ard-Stiúrthóir agus na Stiúrthóirí.

Tá freagracht ar an mBord as an bplean bliantúil agus an buiséad a cheadú. Déantar monatóireacht ar bhonn míosúil ar fheidhmíocht na GCC trí thuairiscí ar an dul chun cinn maidir le Torthaí Straitéiseacha & Eatramhacha na GCC a chur faoi bhráid an Bhoird. Rinneadh meastóireacht ag deireadh na bliana ar Ghníomhaíochtaí Cláir Oibre na GCC in 2023 agus cuireadh an Tuairisc deiridh bliana ar Bhainistiú Airgeadais 2023 faoi bhráid an Bhoird i Mí Feabhra 2024.

Tá an GCC freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus céimeanna réasúnta a ghlacadh le calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Is í tuairim an Bhoird go dtugtar léargas fíor agus cóir ar fheidhmíocht agus staid airgeadais na GCC ar an 31 Nollaig 2023 i ráitis airgeadais na GCC.

## Struchtúr an Bhoird

Tá an Bord Feidhmiúcháin comhdhéanta d'Ard-Stiúrthóir agus cúigear Stiúrthóirí eile, duine amháin díobh a ghníomhaíonn mar Leas-Ardstiúrthóir, agus iad go léir ceaptha ag an Rialtas. Ceaptar an tArd-Stiúrthóir ar feadh tréimhse seacht mbliana agus ceaptar na Stiúrthóirí eile ar feadh tréimhse cúig bliana. Féadfar an tArd-Stiúrthóir agus na Stiúrthóirí faoi seach a athcheapadh ag an Rialtas ar feadh dara tréimhse oifige nó tréimhse oifige eile ina dhiaidh sin.

Leis na ceanglais a eascraíonn as an Iarscríbhinn a ghabhann le Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016, ar Chothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Cuimsiú, moltar go ndéanfaidh Boird Stáit ionadaíocht 40% idir mná agus fir a bhaint amach ar Bhoird Stáit. Leagtar amach in Ailt 21 agus 24 de Acht na GCC faoi seach na nósanna imeachta a bhaineann le hArd-Stiúrthóir agus le Stiúrthóirí na GCC a cheapadh. Roghnaíonn coiste, de réir mar atá forordaithe in Acht na GCC, Ard-Stiúrthóir agus Stiúrthóirí na GCC agus ceapann an Rialtas iad trí phróiseas earcaíochta oscailte. Agus na hiarrthóirí á roghnú, cuireann an coiste eolas agus taithí san áireamh, lena n-áirítear taithí ábhartha maidir le hábhair chomhshaoil agus raideolaíocha. Amhail an 31 Nollaig 2023, ba é cothromaíocht inscne an Bhoird ná 33% mná, agus 67% fir.

Tháinig an Bord le chéile le haghaidh cruinnithe ginearálta Boird dhá huair déag in 2023. Tugtar mionsonraí sa tábla thíos maidir leis an dáta ar ceapadh baill a bhí ar an mBord le linn 2023.

| Ball den Bhord | Ról | Dáta Ceaptha |
|---|---|---|
| Laura Burke Uasal | Ard-Stiúrthóir | 8 Samhain 2011* |
| Gerard O'Leary Uasal | Leas-Ardstiúrthóir | 8 Bealtaine 2012** |
| An Dr Micheál Lehane | Stiúrthóir | 1 Bealtaine 2016* |
| An Dr Eimear Cotter | Stiúrthóir | 1 Meán Fómhair 2017* |
| An Dr Tom Ryan | Stiúrthóir | 25 Lúnasa 2018* |
| Sharon Finegan Uasal | Stiúrthóir | 19 Aibreán 2021*** |
| David Flynn Uasal | Stiúrthóir | 23 Deireadh Fómhair 2023 |

* Dara téarma

** Tríú téarma

*** D'éirigh siad as an 12 Aibreán 2023

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) bunaithe ag an GCC ar a bhfuil seisear comhaltaí seachtracha agus aon chomhalta amháin ó Bhainistíocht Shinsearach GCC. Ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ná tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir lena chuid freagrachtaí as ceisteanna riosca, rialaithe agus rialachais, agus an chinnteacht a bhaineann leo. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go sonrach, cinntíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar chórais rialaithe inmheánacha, gníomhaíochtaí iniúchóireachta san áireamh. Bíonn cruinnithe rialta ag Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an tArd-Stiúrthóir agus tugann an Cathaoirleach tuairisc don Bhord ar fheidhmíocht an choiste uair amháin sa bhliain ar a laghad.

Bhí cúig chruinniú ag an CIR in 2023. Tá ballraíocht an CIR ag deireadh 2023 leagtha amach sa tábla seo a leanas:

| Ball CIR | Ról | Dáta Ceaptha |
|---|---|---|
| Tom Barry Uasal | (An Cathaoirleach atá ag dul as Oifig) | 12 Feabhra 2016* |
| Caroline Bocquel Uasal | (Cathaoirleach) | 28 Samhain 2017** |
| An tOllamh Áine Ryall | Ball | 20 Deireadh Fómhair 2020** |
| Raymond Smith Uasal | Ball | 20 Deireadh Fómhair 2020** |
| Harvey Bradshaw Uasal | Ball | 1 Márta 2022 |
| David Owens Uasal | Ball | 13 Nollaig 2022 |
| Damian Allen Uasal | Ball | 25 Iúil 2023 |
| Colette Byrne Uasal | Ball | 1 Deireadh Fómhair 2023 |

* Téarma críochnaithe mar Chathaoirleach i mí Eanáir 2023

** Dara téarma

## Fochoistí an Bhoird

Tá dhá Fhochoiste Boird bunaithe ag an mBord.

1. **Fochoiste TFC an Bhoird** ar a bhfuil beirt bhaill den Bhord agus a fhaigheann tacaíocht ó Chlárbhainisteoirí, an fhoireann shinsearach TFC agus ionadaí ón bhFoireann shinsearach anailísíochta. Is iad baill an Bhoird den choiste seo ná an Dr Micheál Lehane (Cathaoirleach), agus Gerard O'Leary Uasal. Bhí deich gcruinniú ag Fochoiste an Bhoird TFC le linn 2023.
2. Tá triúr ball den Bhord ar **Fhochoiste an Bhoird um Dhaoine agus Cultúr**. Is é ról Fhochoiste an Bhoird um Dhaoine agus Cultúr ná maoirseacht straitéiseach Acmhainní Daonna a sholáthar le gur féidir leis an GCC an toradh straitéiseach "cultúr barr feabhais ina ndéanann daoine a ndícheall a bhaint amach". Is iad baill an Bhoird den choiste seo ná Gerard O'Leary Uasal (Cathaoirleach), An Dr Tom Ryan agus An Dr Eimear Cotter. Bhí ceithre chruinniú ann le linn 2023.

## Coistí Comhairleacha/Comhairliúcháin Seachtracha

Chomh maith leis sin, cuirtear comhairle ar an mBord ag na coistí seachtracha lárnacha seo a leanas, ar bunaíodh gach ceann díobh faoi reachtaíocht:

- Coiste Comhairleach na GCC
- Coiste Comhairleach maidir le Dumpáil ar Farraige
- An Coiste Comhairleach ar Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe (OGM)*

- An Coiste Comhairleach um Shláinte
- An Coiste Comhairleach um Chosaint Raideolaíoch

## Sceideal an Fhreastail, na dTáillí agus na Speansas

Tionóladh 12 chruinniú den Bhord Ginearálta le linn 2023. Leagtar amach thíos sceideal an fhreastail ar chruinnithe den Bhord Ginearálta do 2023. Tionóladh 11 as na 12 chruinniú den Bhord Ginearálta i gCeanncheathrú GCC agus tionóladh 4 chruinniú eile i gCigireacht na GCC, Baile Átha Cliath:

| Líon cruinnithe | An Bord<br>I láthair/as a d'fhéadfadh bheith i láthair | Táillí 2023 € | Costais 2023 € |
|---|---|---|---|
| Laura Burke Uasal | 12/12 | 0 | 77 |
| Gerard O'Leary Uasal | 12/12 | 0 | 147 |
| An Dr Micheál Lehane | 12/12 | 0 | 0 |
| An Dr Eimear Cotter | 10/12 | 0 | 160 |
| An Dr Tom Ryan | 12/12 | 0 | 0 |
| Sharon Finegan Uasal | 2/3 | 0 | 0 |
| David Flynn Uasal | 3/3 | 0 | 391 |
| **Iomlán** | | **0** | **775** |

Leagtar amach thíos sceideal an fhreastail ar chruinnithe an ARC do 2023, lena n-áirítear na táillí agus na costais a fhaigheann gach ball:

| Líon na gcruinnithe | An Coiste um Iniúchóireacht & Riosca<br>I láthair/as a d'fhéadfadh bheith i láthair | Táillí 2023 € | Costais 2023 € |
|---|---|---|---|
| Tom Barry Uasal (Cathaoirleach ag dul as Oifig) | 1/1 | 855 | 286 |
| Caroline Bocquel Uasal (Cathaoirleach) | 5/5 | 0 | 1096 |
| An tOllamh Áine Ryall | 5/5 | 0 | 0 |
| Raymond Smith Uasal | 5/5 | 0 | 0 |
| Harvey Bradshaw Uasal | 4/5 | 0 | 377 |
| David Owens Uasal | 4/5 | 0 | 184 |
| Damian Allen Uasal | 1/1 | 0 | 0 |
| Colette Byrne Uasal | 1/1 | 0 | 33 |
| **Iomlán** | | **855** | **1976** |

## Nochtuithe a éilíonn an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an GCC riachtanais uile an Chóid, mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilíonn an Cód na nochtuithe seo a leanas:

## Mionsonrú ar Shochair na bhFostaithe Gearrthéarmacha

Tá sochair ghearrthéarmacha fostaithe a sháraíonn €60,000 leagtha amach i Nóta 8 (c) leis na ráitis airgeadais.

## Costais Sainchomhairliúcháin

Cuimsíonn costais chomhairliúcháin costas na comhairle eachtraí a thugtar don bhainistíocht ach ní chuimsíonn siad feidhmeanna 'gnó mar is gnách', oiliúint foirne agus soláthraithe forbartha.

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí, Soláthar Airgeadais Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe san áireamh. | 1,560,938 | 1,228,728 |
| Luacháil Achtúireach ar Scéim na bPinsean | 5,166 | 4,859 |
| Comhairleachtaí Acmhainní Daonna | 14,590 | 8,856 |
| Caidrimh Phoiblí | 153,693 | 150,601 |
| Iniúchadh Inmheánach & Rialachas Corparáideach | 90,606 | 73,099 |
| Comhairleacht agus Comhairle maidir le Soláthar | 40,152* | 21,181 |
| Straitéis & Comhairliúchán Boird | 26,265 | 58,794 |
| **Costais Chomhairliúcháin Iomlána** | **1,891,410** | **1,546,118** |

*Áirítear leis seo forbairt ar chomhairle Soláthair Phoiblí Ghlais don Earnáil Phoiblí

## Costais Dlíthiúla agus Socruithe

Tugann an tábla thíos mionsonrú ar na méideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse thuairiscithe maidir le costais dhlíthiúla, socraíochtaí agus nósanna imeachta idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní chuimsíonn sé seo speansais a thabhaítear maidir le comhairle dlíthiúil ghinearálta a fuair an GCC a nochtar sna costais Shainchomhairleoireachta thuas.

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|
| Táillí dlí – imeachtaí dlí | 408,490 | 557,774 |
| Íocaíochtaí idir-réitigh agus eadrána | 0 | 0 |
| Socraíochtaí | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **408,490** | **557,774** |

## Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a aicmiú mar seo a leanas:

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|
| Intíre | | |
| – Bord | 63,459 | 59,853 |
| - Fostaithe | 1,231,903 | 913,928 |
| Idirnáisiúnta | | |
| – Bord | 17,350 | 16,889 |
| - Fostaithe | 171,243 | 142,148 |
| **Iomlán** | **1,483,955** | **1,132,818** |

## Caiteachas Fáilteachais

Cuimsítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|
| Fáilteachas foirne* | 12,094 | 15,799 |
| Fáilteachas eile | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **12,094** | **15,799** |

* Áirítear ann Clár Cúnaimh d'Fhostaithe agus ranníocaíochtaí le clubanna Spóirt agus Sóisialta foirne.

## Ráiteas Comhlíontachta

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016), agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun a chinntiú go gcomhlíontar an Cód. Chloígh an GCC leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit le haghaidh 2023.

Sínithe thar ceann an Bhoird.



**Laura Burke**
Ard-Stiúrthóir

Dáta sínithe: An 31 Bealtaine 2024

# 8.2 RÁITEAS AR AN GCÓRAS UM RIALÚ INMHEÁNACH 2023

## 1. Scóip na Freagrachta

Thar ceann Stiúrthóirí na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), aithním an chomhfhreagracht atá ar na Stiúrthóirí as a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear go hinmheánach córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh maidir le cuntais GCC a ullmhú agus gach dualgas reachtúil a bhaineann leis an GCC a chomhlíonadh. Cuireann an fhreagracht seo san áireamh riachtanais Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit a chomhlíonadh (2016).

## 2. Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú ag leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis. Mar sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint agus idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go mbraitear iad go tráthúil. Cé gur féidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh athrú le himeacht ama, déanann an GCC athbhreithniú agus uasdátú ar na córais sin mar is gá.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht le treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa GCC don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus suas go dtí an dáta a rinneadh na ráitis airgeadais a fhaomhadh.

## 3. Príomhnósanna Imeachta Rialaithe chun Rialú Inmheánach Éifeachtach a Sholáthar

### i) Athbhreithniú Bliantúil ar Éifeachtacht an Rialaithe

Rinne an Bord Feidhmiúcháin (an Bord) athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha a tháinig chun críche i bhFeabhra 2024. Agus iad ag tabhairt faoin athbhreithniú seo rinne na Stiúrthóirí an méid seo a leanas a phlé:

- Sonraí maidir leis an gcóras rialaithe inmheánacha le linn 2023, lena n-áirítear Bainistiú Riosca, Bainistiú Airgeadais, Iniúchóireacht Inmheánach, Eitic, Córais Faisnéise, Pleanáil agus Tuairisciú Gnó.
- Tuarascáil Chomhlíonta TFC 2023.
- Tuarascáil Bhliantúil ar Chomhlíonadh Reachtaíocht Chorparáideach 2023.
- Tuairisc ar Shábháilteacht, Sláinte agus Leas 2023.
- Ráitis Dhearbhaithe ar Bhainistíocht Riosca 2023.
- Tuarascáil Chathaoirleach an Coiste um Iniúchóireacht & Riosca 2023.

Cuireadh Ráitis Bhliantúla Urrúis maidir le Freagrachtaí Buiséadacha 2023 faoi bhráid Bhord na GCC ag a gcruinniú i mí Eanáir 2024, agus síníodh agus cuireadh faoi bhráid an Ard-Stiúrthóra iad, i gcomhréir le forálacha Lámhleabhar Airgeadais na GCC.

### ii) Sáruithe maidir le Rialú

Tuairiscíodh cás amháin de shárú rialaithe in 2023, a shonraítear i gcuid 3(vii) den doiciméad seo.

### iii) Caillteanais Ábhartha nó Calaois

Níor tuairiscíodh aon chaillteanais ábhartha ná calaois in 2023.

### iv) Athbhreithniú ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Rinne an Coiste um Iniúchóireacht & Riosca (ARC) na GCC agus na Stiúrthóirí athbhreithniú ar an Ráiteas seo ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh 2023 i mí Feabhra 2024 lena chinntiú go léiríonn sé go cruinn an córas rialaithe atá i bhfeidhm le linn 2023.

### v) Céimeanna tógtha chun timpeallacht chuí rialaithe a chinntiú

Tá céimeanna glactha ag Stiúrthóirí na GCC chun timpeallacht chuí rialaithe a chinntiú laistigh den GCC leis na nithe seo a leanas:

- Plean Straitéiseach GCC 2022 –2026 a fhorbairt agus a fhoilsiú. Sa straitéis seo, an séú ceann de chuid na GCC, a foilsíodh i Mí na Bealtaine 2022, leagtar amach an méid atá beartaithe againn a bhaint amach sna cúig bliana atá amach romhainn chun ár sainordú agus ár gcuspóir a chur chun feidhme maidir leis an gcomhshaol a chosaint, a fheabhsú agus a athchóiriú trí rialúchán, eolas eolaíochta agus obair le dreamanna eile.
- Cur chun feidhme na moltaí a bhí in athbhreithniú ECFE ar leagan amach institiúideach agus eagraíochtúil GCC. Rinneadh scrúdú san athbhreithniú ar struchtúir, cuntasacht, próisis ghnó, tuairisciú agus bainistíocht feidhmíochta na GCC chomh maith le soiléireacht róil, caidrimh agus dáileadh cumhachtaí agus freagrachtaí le comhlachtaí rialtais agus neamhrialtais eile. Ba é toradh iomlán an athbhreithnithe ná gur "bhunaigh an GCC í féin mar ghníomhaireacht iontaofa a bhfuil ardmheas uirthi maidir le cosaint an chomhshaoil agus cosaint raideolaíoch agus aithnítear í de dheasca a sláine eolaíochta"

- Clár oibre mionsonraithe a chomhaontú gach bliain agus monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh go míosúil ar dhul chun cinn in aghaidh an chláir oibre sin.
- Cruinnithe Boird a reáchtáil go rialta, lena n-áirítear cruinnithe bainistíochta míosúla ina mbíonn ceisteanna straitéiseacha ar an gClár Oibre, amhail Rialachas Corparáideach, Bainistíocht Airgeadais, Straitéis Chorparáideach agus gnóthaí foirne.
- Lámhleabhar Airgeadais GCC agus sraith de bheartais agus nósanna imeachta airgeadais a chothabháil agus a chur i bhfeidhm chun gnéithe suntasacha airgeadais de ghnó na GCC a rialú.
- Cloí le Creat Rialachais Chorparáidigh a sholáthraíonn achoimre shoiléir chuimsitheach ar na príomhghnéithe de rialachas corparáideach le haghaidh na Stiúrthóirí agus na bainisteoirí sinsearacha.
- Sceideal cuimsitheach ar shocruithe árachais a choimeád chun leasanna na GCC a chosaint.
- Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a bhunú agus a chothabháil. (Féach ar Chuid 3(ix) Monatóireacht ar Éifeachtacht an Chórais um Rialú Inmheánach)
- Beartas agus Creat Bainistíochta Riosca a chur i bhfeidhm, Coiste Feidhmiúcháin Riosca (CFR) agus Príomhoifigeach Riosca a cheapadh. (Féach ar Chuid 3(vi) Creat Riosca agus Rialaithe)
- Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chloí le reachtaíocht chorparáideach i gcomhréir le Beartas GCC.
- Freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú, feidhmeanna oiriúnacha a tharmligean, agus polasaithe agus nósanna imeachta uile GCC a athbhreithniú agus a fhaomhadh.
- Cód Iompraíochta Gnó maidir le Stiúrthóirí agus Baill Foirne a ghlacadh de réir na gceanglas sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.
- Cinntiú go gcomhlíontar ceanglais na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí agus Ailt 37 agus 38 d'Acht na GCC, 1992, a bhaineann le Leasanna a Dhearbhú agus a Nochtadh.
- Meicníochtaí a bhunú lena háirithiú go bhfuil sláine na gcóras GCC um theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC) leordhóthanach, lena n-áirítear;
  - bunú beartas cuí agus nósanna imeachta cuí um rialú,
  - struchtúir eagraíochtúla éifeachtacha lena n-áirítear dealú cúraimí
  - freagracht as athbhreithnithe agus measúnachtaí sonracha ar chórais TFC a tharmligean chuig an aonad iniúchta inmheánaigh trí phróiseas na bPleananna Bliantúla um Iniúchadh Inmheánach.

Ó thaobh na reachtaíochta, tá freagracht ar an mBord as bainistíocht GCC, ach tá cumhacht aige freagracht a tharmligean do chomhaltaí foirne eile le haghaidh cuspóirí oibriúcháin. Faoi réir alt 25(6) den Acht GCC féadfaidh an Ghníomhaireacht aon cheann dá feidhmeanna a chomhlíonadh nó a fheidhmiú trí aon stiúrthóir nó trí aon duine eile nó aon chomhlacht a bheidh údaraithe go cuí ag an GCC chun na críche sin. Tarmligtear freagracht oibriúcháin as obair GCC a dhéanamh ar na Bainisteoirí Cláir atá i gceannas ar fheidhmeanna éagsúla.

Ó bunaíodh an GCC, tá cumhachtaí roghnacha tarmligthe ag Bord na nGníomhaireachta do leibhéil éagsúla sa GCC. Tá fás leanúnach ag teacht ar tharmligean cumhachtaí de réir is a shanntar tuilleadh freagrachtaí reachtúla don GCC le himeacht ama. Coimeádann an GCC clár cuimsitheach de reachtaíocht chomhshaoil ábhartha, clár de chumhachtaí tarmligthe ag an mBord agus Feidhmeanna Forchoimeádta an Bhoird. Déanann an Bord athbhreithniú agus formheas ar na cláir seo de réir mar is gá.

### vi) Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an GCC a aithníonn agus a thugann tuairisc ar phríomhrioscaí agus ar na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ghlacadh chun déileáil leo agus, a oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

D'fhoilsigh an GCC a Dréachtbheartas Bainistíochta Riosca in 2022 i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar a próisis bhainistíochta riosca. Mar thoradh ar phróiseas an athbhreithnithe, rinneadh leasuithe ar na Cláir Rioscaí Oifige agus ar an gClár Riosca Chorparáidigh, agus anois tá próiseas bainistíochta riosca againn atá níos dinimiciúla agus níos fearr ag freastal ar riachtanais na GCC. Le linn 2023, chuir an Coiste Riosca Feidhmiúcháin tús le measúnú riosca cuimsitheach ar Phlean Straitéiseach 2022-2026 na GCC, chun aon rioscaí suntasacha a aithint maidir lenár Straitéis a bhaint amach.

I mBeartas Bainistíochta Riosca na GCC, leagtar amach an méid riosca a nglacann sí leis agus an próiseas bainistíochta riosca atá i bhfeidhm, agus ina dtugtar mionsonraí faoi róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Tá Beartas agus Struchtúir Bainistíochta Riosca na GCC fós ag comhlíonadh an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016.

Aithnítear sa Chlár Rioscaí Corparáideacha na rioscaí lárnacha atá os comhair na GCC agus tugtar sonraí ann faoi na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú, chomh maith leis an bhfreagracht as oibriú rialuithe a shanntar do bhaill foirne shonracha. Déantar an Clár Rioscaí Corparáideacha a fhorbairt agus

a bhainistiú ag an gCoiste Feidhmiúcháin Riosca agus a athbhreithniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, agus cuirtear i láthair do Bhord na GCC é lena cheadú. Chomh maith leis sin, rinneadh measúnú riosca ar sheirbhísí criticiúla mar chuid de Thionscadal um Leanúnachas Gnó.

Cuireann gach Stiúrthóir ráitis urrúis leathbhliantúla ar fáil don Bhord ina nglactar le freagracht as nuashonrú, monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach ar an gClár Rioscaí dá nOifig féin agus as a chinntiú go gcuirtear an Beartas Bainistíochta Riosca i bhfeidhm.

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht smacht ag coinneáil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:

- Tá taifead déanta ar nósanna imeachta um phróisis ghnó lárnacha.
- Tá freagrachtaí airgeadais tar éis a bheith ceaptha ag leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil atá coinnithe faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach.
- Tá córais ann a bhfuil mar aidhm leo slándáil chórais theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide a chinntiú.
- Tá córais i bhfeidhm chun cosaint a thabhairt do na sócmhainní.
- Córas um rialú ar chaiteachas clár lena n-áirítear nósanna imeachta um cheadú agus íocaíocht deontas agus próisis chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis na cuspóirí a bhaint amach.

### vii) Faisnéis Airgeadais & Bhuiséadach

Tá córas na rialuithe inmheánacha airgeadais bunaithe ar chreat oibre d'fhaisnéis bainistíochta rialta, ar chóras tarmligin agus cuntasachta, agus ar thacar nósanna imeachta airgeadais agus riaracháin lena n-áirítear deighilt na ndualgas. Áirítear leis go háirithe:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach ina bhfuil buiséad bliantúil, a dhéanann an Bord é a athbhreithniú agus a cheadú. Cuimsítear sa chóras buiséadaithe freisin dhá bhuiséad athbhreithnithe foirmiúla a ullmhú i mí an Mheithimh agus mí Mheán Fómhair, is cuirtear an dá cheann acu faoi bhráid an Bhoird le faomhadh.
- Buiséid agus údarás buiséadach agus freagracht as feidhmeanna sonracha a shannadh do bhainisteoirí áirithe.
- Socruithe chun an ceannach ar fad a bheith déanta agus rialaithe trí chóras agus nósanna imeachta bainistíochta airgeadais GCC.
- Athbhreithnithe míosúla ag an mBord ar thuarascálacha bainistíochta airgeadais.
- Glacadh le Plean Soláthair Chorparáidigh bliantúil agus Oifigeach Soláthair a cheapadh.

Lean rialuithe ionsuite laistigh de na Córais Airgeadais ag feidhmiú mar is gnáth le linn 2023.

Le linn 2023, aithníodh go raibh rangú ÁSPC beirt daoine aonair mícheart. Rinne an GCC teagmháil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí chun an fhadhb seo a chur ina cheart. Íocadh €197,957 san iomlán i Márta 2024 agus níor tháinig aon phionóis nó ús chun cinn.

### viii) Nósanna imeachta chun aghaidh a thabhairt ar na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le rioscaí móra gnó

Rinneadh staidéar ar na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le rioscaí gnó tríd an bpróiseas foirmiúil chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí gnó agus maidir le Pleananna Iniúchóireachta Inmheánaí GCC a ullmhú. Déantar iad seo a iniúchadh agus a mheasúnú a thuilleadh le cur i bhfeidhm céimnithe Phlean Iniúchóireachta Inmheánaí na GCC.

### ix) Monatóireacht ar éifeachtacht an Chórais um Rialú Inmheánach

Bhunaigh agus choimeád an GCC Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, atá comhdhéanta de sheisear baill sheachtracha, duine amháin díobh atá ina Chathaoirleach, agus bainisteoir sinsearach GCC amháin, mar chuid den athbhreithniú córasach leanúnach ar an timpeallacht rialaithe agus ar nósanna imeachta rialachais laistigh den GCC. Rinneadh é sin chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhm na hiniúchóireachta inmheánaí agus chun comhairle a thabhairt don Bhord maidir le feidhmiú agus forbairt na feidhme sin.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ag an GCC ag a bhfuil dóthain acmhainní agus a chuireann clár oibre i gcrích a n-aontaítear air leis an CIR. Fostaíonn an GCC saineolaithe seachtracha chun iniúchtaí inmheánacha a dhéanamh.

Cuireadh Plean Iniúchóireachta Inmheánaí 2023-2024 de chuid na GCC i bhfeidhm i rith na bliana agus rinneadh athbhreithniú go tréimhsiúil ar an dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na ngníomhartha a theastaíonn de thoradh gach iniúchta, agus tugadh tuairisc don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ag gach ceann de chruinnithe CIR agus don Bhord maidir leis sin.

Rinneadh an Plean Iniúchóireachta Inmheánaí 2024–2025 a fhorbairt le linn 2023 agus tugann sé léargas ar na rioscaí corparáideacha a shainaithin an Coiste Feidhmiúcháin Riosca don GCC, ar na hiniúchtaí a shainaithin Bainistíocht na GCC agus an Coiste

Iniúchóireachta agus Riosca, agus ar na forbairtí agus na ceisteanna i dtaca le Rialachas Corparáideach atá tagtha chun cinn san Earnáil Phoiblí go ginearálta. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar an bPlean Iniúchóireachta Inmheánaí agus rinne Bord na GCC an plean a cheadú i nDeireadh Fómhair 2023.

## 4. Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an GCC chun déanamh cinnte go gcloítear le rialacha agus treoirlínte reatha i leith an tsoláthair. Ní raibh aon chásanna ann a bhí bainteach le soláthar neamhchomhlíontach in 2023.

## 5. Maoiniú Taighde

I gCiorclán 13/2014 ón Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, Bainistíocht agus Cuntasacht i leith Deontas ó Fhoinsí Státchiste (an Ciorclán), leagtar amach na prionsabail phoiblí, na nósanna imeachta agus na ceanglais tuairiscithe bhreise um bainistíocht airgeadais atá le comhlíonadh agus maidir le maoiniú deontais a sholáthraítear ó airgead poiblí á bhainistiú.

Cloíonn an GCC leis an gCiorclán seo agus tá nósanna imeachta aici um cheadú agus íocaíocht deontas agus tá próisis aici chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le cuspóirí taighde a bhaint amach.

Gach bliain, cuireann an Roinn Chomhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide in iúl don GCC gur féidir leanúint leis na socruithe réamh-mhaoinithe a bhí ann cheana faoi Chlár Taighde GCC, ag brath ar fhormheas foirmiúil a fháil ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

## 6. Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an GCC chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Le monatóireacht agus athbhreithniú GCC ar éifeachtúlacht chóras an rialaithe inmheánaigh cuirtear san áireamh obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus na hardbhainistíochta sinsearaí sa GCC atá freagrach as forbairt agus cothabháil chreat an rialaithe inmheánaigh.

Deimhním go ndearna na Stiúrthóirí athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha do 2023 in Eanáir agus i bhFeabhra 2024 araon, agus go bhfuil siad sásta go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh iontaofa.

Sna blianta roimhe seo, rinne an GCC Iniúchadh Inmheánach ar an Athbhreithniú ar Éifeachtacht na Rialuithe Airgeadais Inmheánacha. Cheadaigh an Bord Plean Iniúchóireachta Inmheánaí don bhliain 2023 ina raibh trí iniúchadh airgeadais maidir le Bailiú Fiachais, Taisteal & Cothú, agus Tuarastail & Liúntais. Rinne na hiniúchtaí seo anailís chríochnúil agus mhionsonraithe ar an réimse ábhair, a léiríonn gur féidir cinnteacht réasúnta a chur ar leordhóthanacht agus éifeachtacht oibriúcháin na rialuithe chun rioscaí airgeadais a bhaineann le gach réimse iniúchta a mhaolú agus/nó a bhainistiú.

## 7. Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach

Seachas an mhír a aithníodh i Rannóg 3 níor aithníodh aon sáruithe ar rialuithe inmheánacha maidir le 2023 a bhfuil gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Sínithe thar ceann an Bhoird.



**Laura Burke**
Ard-Stiúrthóir

Dáta sínithe: An 31 Bealtaine 2024

# 8.3 TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LENA CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

## Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 de réir mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 50 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992. Cuimsíonn na ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas faoi staid airgeadais
- an ráiteas ar shreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta thábhachtacha.

I mo thuairimse, tugtar léargas fíor agus cruinn sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil amhail an 31 Nollaig 2023 agus ar a hioncam agus a caiteachas le haghaidh 2023 i gcomhréir leis an gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (CTA) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann.*

## Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (CIInna) mar a chuirtear i bhfeidhm ag an International Organisation of Supreme Audit Institutions. Cuirtear síos san aguisín leis an tuarascáil seo mo chuid freagrachtaí de réir na gcaighdeán sin. Táim neamhspleách ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam le bheith mar bhonn do mo thuairim.

## Tuairisc ar Fhaisnéis eile seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i dteannta leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn an fhaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil na Stiúrthóirí agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí as tuairiscí i leith na faisnéise sin, agus ar ábhair áirithe eile a dtugaim tuairisc orthu trí heisceacht, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon ní le tuairisciú agam chuige sin.



**Andrew Harkness**

Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

12 Meitheamh 2024

# 8.4 AGUISÍN A GHABHANN LEIS AN TUARASCÁIL

## Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil na Stiúrthóirí, tá na Stiúrthóirí freagrach as

- na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 50 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992
- déanamh cinnte go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cóir i gcomhréir le CTA 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cibé acu an cuí bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid, agus
- pé rialú inmheánach a mheasann siad gur cuí é le go mbeidh siad in ann ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de thoradh calaoise nó earráide.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 50 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus tuairisciú air sin do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomlán saor ó mhíráiteas airgeadais de thoradh calaoise nó earráide. Leibhéal ard dearbhaithe atá i gceist le dearbhú réasúnta, ach ní hionann é agus gealltanas go mbraithfear i gcónaí míráiteas ábhartha más ann dó in iniúchadh arna dhéanamh i gcomhréir leis na CIInna. Féadann míráitis teacht chun cinn de thoradh calaoise nó earráide agus meastar gur míráitis ábhartha iad más féidir a bheith ag súil go réasúnta go mbeadh tionchar acu, ina n-aonar nó le chéile, ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir le CIInna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim amhras gairmiúil le linn an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh,

- Aithním agus déanaim measúnú ar rioscaí an mhíráitis ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais cibé acu de thoradh calaoise nó earráide iad; déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh agus a fheidhmiú mar fhreagra ar na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta ar leor agus ar cuí í chun bonn a sholáthar do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de thoradh calaoise seachas míráiteas de thoradh earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a cheapadh atá cuí sna cúinsí, ach ní dhéantar é chun críocha tuairim a chur in iúl faoi éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta arna n-úsáid agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara.
- Tugaim conclúid faoi oiriúnacht úsáid bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise cuntasaíochta arna fáil, faoi cibé acu gurb ann d'éiginnteacht ábhartha maidir le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an gconclúid gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe bainteacha sna ráitis airgeadais nó, murar leor na nochtuithe sin, mo thuairim a leasú. Tá mo chuid conclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta arna fáil suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh, mar gheall ar imeachtaí nó ar choinníollacha sa todhchaí, áfach, go stadfadh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil de bheith ina gnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe agus cibé acu an léirítear na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha sna ráitis airgeadais ar bhealach ina mbaintear amach cur i láthair cóir.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil cúram leagtha orthu as rialachas maidir le, i measc ábhar eile, scóip agus tráthú beartaithe an iniúchta agus fionnachtana tábhachtacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh mhóra sa rialú inmheánach a aithním le linn m'iniúchta.

Tugaim tuairisc trí eisceacht más rud é, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nárbh leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart, nó
- mura réitíonn na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.

## Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais

Ní chuimsíonn mo thuairim an fhaisnéis eile arna cur i láthair in éineacht leis sna ráitis sin, agus ní thugaim aon chonclúid dhearbhaithe maidir leis sin.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi CIInna an fhaisnéis eile a léamh atá curtha i láthair agus, é sin á dhéanamh agam, a mheas cibé acu an bhfuil neamhréir ábhartha idir an fhaisnéis eile agus na ráitis airgeadais nó le faisnéis arna fáil le linn iniúchta, nó má tá cuma air ar bhealach eile go bhfuil sí míshonraithe go hábhartha. Má thagaim ar an gconclúid, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil an fhaisnéis eile sin míshonraithe go hábhartha, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

## Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh agus aird á tabhairt ar na comaoineacha speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú. Tugaim tuairisc má aithním ábhair ábhartha maidir leis an mbealach ina ndearnadh gnó poiblí.

Féachaim chuig fianaise a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tugaim tuairisc má aithním aon chás ábhartha, áit nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm do na cuspóirí dá raibh sé beartaithe nó áit nár chloígh idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

# 8.5 CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | **Nóta** | **€'000** | **€'000** |
| Deontais Oireachtais – RCAC | 2(a) | 56,048 | 51,480 |
| Deontais Oireachtais – RTRÁO | 2(b) | 7,418 | 6,094 |
| Costais Aisghafa maidir le Trádáil ina Astúcháin | 3 | 1,813 | 1,579 |
| Ioncam ó Ghníomhaíochtaí Raideolaíocha | 4 | 792 | 772 |
| Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe | 5 | 766 | 599 |
| Gníomhaíochtaí Forfheidhmithe | 6 | 10,602 | 9,777 |
| Fáltais Ilghnéitheacha | 7 | 628 | 503 |
| Glan Chistiú Shochair Iarchurtha | 23(c) | 10,523 | 10,648 |
| **Ioncam Iomlán** | | **88,590** | **81,452** |
| | | | |
| **Caiteachas** | | | |
| Luach Saothair | 8 | 32,687 | 30,287 |
| Costais Sochair Scoir | 23(a) | 13,723 | 13,795 |
| Speansais Taistil | 9 | 1,619 | 1,261 |
| Costais Saotharlainne agus Allamuigh | 10 | 1,687 | 1,785 |
| Costais Chóiríochta | 11 | 2,281 | 2,280 |
| Costais Riaracháin | 12 | 11,542 | 10,199 |
| Sainchomhairleoirí | 13 | 421 | 380 |
| Deontais, Conraitheoirí agus Soláthraithe Seirbhíse Seachtracha | 14 | 9,438 | 8,465 |
| Íocaíochtaí maidir leis an gClár Taighde Comhshaoil | 15 | 10,574 | 9,090 |
| Dímheas | 16 | 5,614 | 5,552 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **89,586** | **83,094** |
| | | | |
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain roimh leithghabhálacha** | | **(996)** | **(1,642)** |
| Aistriú go dtí/(ó) an Cuntas Caipitil | 17 | (82) | 142 |
| Barrachas / (Easnamh) ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta | | (4) | 7 |
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain tar éis leithghabhálacha** | | **(1,082)** | **(1,493)** |
| | | | |
| Barrachas amhail an 1 Eanáir | | 3,242 | 4,735 |
| Barrachas amhail an 31 Nollaig | | **2,160** | **3,242** |

Baineann an t-ioncam agus an caiteachas ar fad don bhliain le gníomhaíochtaí leanúnacha ag an dáta tuairiscithe.
Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go 27.
Thar ceann Bhord na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil:

**Laura Burke**
Ard-Stiúrthóir
Dáta sínithe: An 31 Bealtaine 2024

**Gerard O'Leary**
Leas-Ardstiúrthóir

# 8.6 RÁITEAS MAIDIR LE HIONCAM CUIMSITHEACH DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023

| | Nóta | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Barrachas/(easnamh) tar éis leithghabhálacha** | | **(1,082)** | **(1,493)** |
| Gnóthachain / (caillteanais) ar oibleagáidí sochair scoir | 23(d) | 4,182 | (5,489) |
| Athruithe ar an mbonn tuisceana maidir le luach reatha oibleagáidí sochar scoir | | (6,934) | 117,105 |
| **(Caillteanas)/Gnóthachan Achtúireach le linn na bliana** | | **(2,572)** | **111,616** |
| **Coigeartú ar Mhaoiniú Sochar Scoir Iarchurtha** | | **2,572** | **(111,616)** |
| **Ioncam Cuimsitheach Eile don Bhliain** | | **(1,082)** | **(1,493)** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go 27.

Thar ceann Bhord na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil:

**Laura Burke**
Ard-Stiúrthóir

**Gerard O'Leary**
Leas-Ardstiúrthóir

Dáta sínithe: An 31 Bealtaine 2024

# 8.7 RÁITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2023


| | Nóta | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta – Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh** | 19 | **37,822** | **37,740** |
| Sócmhainní Reatha | | | |
| Infháltais | 20 | 4,144 | 3,683 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim | 21 | 8,676 | 8,462 |
| | | **12,820** | **12,145** |
| **Dliteanais Reatha (Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)** | | | |
| Suimeanna iníoctha | 22 | **(10,666)** | **(8,909)** |
| Glansócmhainní Reatha | | **2,154** | **3,236** |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha roimh Shochair Scoir** | | **39,976** | **40,976** |
| **Sochair Scoir** | | | |
| Oibleagáidí sochar scoir | 23(b) | **(247,114)** | **(233,839)** |
| Sócmhainní maoinithe sochar scoir iarchurtha | 23(c) | **247,114** | **233,839** |
| | | **0** | **0** |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | **39,976** | **40,976** |
| **Lena léirítear** | | | |
| **Cuntas caipitil** | 17 | **37,816** | **37,734** |
| **Cúlchistí ioncaim coinnithe** | | **2,160** | **3,242** |
| | | **39,976** | **40,976** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go 27.

Thar ceann Bhord na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil:



**Laura Burke**
Ard-Stiúrthóir



**Gerard O'Leary**
Leas-Ardstiúrthóir

Dáta sínithe: An 31 Bealtaine 2024

# 8.8 RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| (Easnamh) / Barrachas d'Ioncam thar Chaiteachas | (1,082) | (1,493) |
| | | |
| Dímheas agus Bearnúchán ar Shócmhainní Seasta | 5,614 | 5,552 |
| (Méadú) ar Infháltais | (461) | (431) |
| Ardú / (Laghdú) i Suimeanna iníoctha | 1,757 | 36 |
| Ús Íoctha | 0 | 52 |
| (Easnamh)/Barrachas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta | 4 | (7) |
| Aistriú (ón) / chuig an gCuntas Caipitil | 82 | (142) |
| **Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **5,914** | **3,567** |
| | | |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a fháil | (5,702) | (5,410) |
| Fáltais ó dhiúscairt sócmhainní seasta | 2 | 7 |
| **Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | **(5,700)** | **(5,403)** |
| | | |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais** | | |
| Ús Bainc Íoctha | 0 | (52) |
| **Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais** | **0** | **(52)** |
| | | |
| **Glan ardú / (Laghdú) in Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim** | **214** | **(1,888)** |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 1 Eanáir | 8,462 | 10,350 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim ar 31 Nollaig** | **8,676** | **8,462** |

# 8.9 NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023

## 1 Beartais Chuntasaíochta

Tá na boinn chuntasaíochta agus na bearta suntasacha cuntasaíochta a ghlacann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chuici féin leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm iad ar fad go seasta i rith na bliana agus don bhliain roimhe seo.

### a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, lena cheanncheathrú ag Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Co. Loch Garman.

Príomhchuspóirí - tá cur síos ar oibríochtaí agus ar phríomhghníomhaíochtaí na GCC leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil atá leis na Ráitis Airgeadais seo.

Is Aonán Sochair Poiblí (ASB) í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

### b) Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 de réir CTA 102, an caighdeán um thuairisciú airgeadais atá infheidhme sa RA agus in Éirinn, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (CTA).

### c) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus ar an mbealach atá ceadaithe ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe faoi Alt 50 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasta nuair a bhíothas ag déileáil le míreanna a cheaptar a bheith ábhartha.

### d) Ioncam

**Deontais Stáit**

Aithnítear ioncam go ginearálta ar bhonn fabhraithe; eisceacht amháin air seo is ea Deontais Stáit, a aithnítear ar bhonn fháltais airgid thirim.

**Ioncam Gníomhaíochta Ceadúnais**

Ceanglaítear ar iarratasóirí ar cheadúnais chomhshaoil táille iomlán an iarratais ar cheadúnas a íoc nuair a dhéantar an t-iarratas. Cionroinntear na suimeanna a fhaightear don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus do Chúlchistí Ioncaim Choinnithe nuair a thugtar na céimeanna seo a leanas den phróiseas ceadúnaithe chun críche:

**An Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, Ceadúnais um Chosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú agus Ceadúnas Bainistithe Dramhaíola:**

| | |
|---|---|
| Iarratas | 30% |
| Cinneadh Beartaithe | 50% |
| Eisiúint Ceadúnais | 20% |

**Ceadúnais um Scaradh Dramhuisce:**

| | |
|---|---|
| Iarratas | 10% |
| Admháil an iarratais iomláin | 40% |
| Cinneadh a Eisiúint faoi Cheadúnas | 50% |

**Ioncam eile**

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhraithe.

### e) An tAonad Trádála in Astúcháin

Bunaíodh Aonad Trádála Astaíochtaí (ATA) laistigh den Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil in 2003. Déanann an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide na costais a bhaineann leis an scéim trádála astaíochtaí a riaradh a aisíoc le GCC, ó fháltais díol lamháltas a íoctar go díreach leis an Roinn.

### f) Íocaíochtaí um Dheontais Taighde

Glacann an GCC gealltanais ar láimh maidir le tionscadail taighde dá ndéantar maoiniú a bhronnadh. Gearrtar caiteachas i leith na dtionscadal taighde seo sna ráitis airgeadais ar bhonn na n-íocaíochtaí tosaigh a rinneadh ar shíniú dhámhachtain an deontais, ar bhonn na n-íocaíochtaí eatramhacha a d'fhéadfadh a bheith faoi réir ag feidhmíocht shásúil agus ar bhonn íocaíochtaí breise arna n-eisiúint ar ghlacadh agus ar fhíorú éileamh maidir le hobair a críochnaíodh. Gearrtar costais a thabhaíonn an GCC i bhfeidhmiú na gclár taighde sna ráitis airgeadais de réir mar a thabhaítear iad.

### g) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Déantar réadmhaoin, gléasra agus trealamh a shonrú ag costas lúide dímheas carntha, agus é coigeartaithe d'aon fhoráil le haghaidh bearnúcháin. Soláthraítear dímheas ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag rátaí a mheastar go nglanfaidh siad na costais lúide an luach iarmharach measta ar gach sócmhainn ar bhonn líne dhíreach thar a saol úsáideach measta, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh | 2% in aghaidh na bliana |
| Troscán agus Feistis | 10% in aghaidh na bliana |
| Trealamh Saotharlainne agus Allamuigh | 15% in aghaidh na bliana |
| Trealamh | 20% in aghaidh na bliana |
| Trealamh TF agus Ríomhaireachta | 25% in aghaidh na bliana |
| Mótarfheithiclí | 20% in aghaidh na bliana |

Déantar dímheas ar fheabhsuithe léasacha i rith shaol an léasa.

Is ionann an luach iarmharach agus an méid measta a d'fheadfaí a fháil faoi láthair ó dhiúscairt na sócmhainne, tar éis costais mheasta a bhaint as, á mbeadh an tsócmhainn ar an aois agus sa staid a mbeifí ag súil leis ag deireadh a shaoil úsáideach.

### h) Caipitliú Bogearraí arna bhForbairt go hInmheánach

Déantar caipitliú ar chostais sheachtracha na mbogearraí a fhorbraíonn an Ghníomhaireacht, áit ar féidir iad a aithint go leithleach mar bhogearraí ar féidir leis an GCC úsáid a bhaint astu agus áit a bhfuil súil go mbeidh buntáistí gnó ag eascairt astu ar feadh roinnt blianta amach anseo. Déantar costais tuarastail foirne fhorbairt an bhogearra a chaipitliú freisin.

### i) Maoiniú Caipitil

Comhlíontar sócmhainní seasta na GCC agus céimeanna chun cinn chun obair atá ar siúl, agus ceannachán sócmhainní, a mhaoiniú ó mheascán de dheontais chaipitil, iasachtaí ceadaithe agus leithroinntí as ioncam reatha. Aistrítear maoiniú a thagann ó dheontais (lena n-áirítear iad sin a úsáidtear le hiasachtaí a aisíoc) chuig cuntas caipitil a amúchtar de réir dímheas na sócmhainní gaolmhara.

### j) Fardal

Díscríobhtar iomlán na bhfardal, lena n-áirítear stoic inchaite, sa bhliain ina gceannaítear iad.

### k) Infháltais

Déantar suimeanna infhaighte a thomhas ar phraghas idirbhirt ar dtús agus ansin tugtar anonn iad ag an méid sin, lúide soláthar d'aon fhiacha amhrasacha. Bunaítear soláthar d'fhiacha amhrasacha nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil in ann na méideanna go léir atá ag dul di a bhailiú. Aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Choinnithe na gluaiseachtaí go léir ar sholáthar d'fhiacha amhrasacha.

### l) Léasanna Oibríochta

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Coinnithe Ioncaim thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne dhíreach thar thréimhse an léasa, ach amháin nuair atá arduithe léasa ceangailte le ráta ionchais boilscithe, sa chás sin aithnítear na harduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasacht léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

### m) Sochair Fhostaí

#### Sochair Gearrthéarma

Aithnítear sochair gearrthéarma ar nós pá saoire tríd an bhliain, agus cuimsítear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana i bhfigiúr na Suimeanna iníoctha sa Ráiteas Staid Airgeadais.

#### Sochair Scoir

Bhunaigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil a cuid scéimeanna pinsin féin le sochar sainithe roimhe seo, scéimeanna a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn 'íoc mar a thuillir' ó shuimeanna airgid atá ar fáil di, lena n-áirítear airgead arna sholáthar ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, agus ó ranníocaíochtaí a bhaintear de thuarastail foirne agus comhaltaí. Oibríonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil Scéim Pinsin Aonair na Seirbhísí Poiblí ("Scéim Aonair"), ar scéim le sochar sainithe é d'fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis An Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (RCPA).

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a bhíonn tuillte ag fostaithe agus taispeántar iad mar ghlanmhéid ranníocaíochtaí pinsin foirne i gcás fostaithe. Glactar le méid a chomhfhreagraíonn don táille pinsin mar ioncam sa mhéid is gur féidir é a aisghabháil, agus go ndéanann deontais a fhaightear i rith na bliana é a fhritháireamh sa chaoi gur féidir íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid in-aisghabhála ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Léiríonn na ráitis airgeadais, ag luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais is toradh ar oibleagáidí pinsin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus aon mhaoiniú gaolmhar, agus aithníonn siad na costais a bhaineann le sochair phinsin a chur ar fáil sna tréimhsí cuntasaíochta ina saothraíonn na fostaithe iad. Déantar dliteanais na Scéime Pinsean a thomhas ar bhonn achtúireach agus modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa á úsáid.

Is ionann na dliteanais phinsin agus luach láithreach na n-íocaíochtaí pinsin todhchaí atá tuillte ag baill foirne go dtí seo. Is éard atá i maoiniú pinsin iarchurtha ná an tsócmhainn chomhfhreagrach a dhéanfar a aisghabháil amach anseo ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

### n) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Chriticiúla

Ceanglaíonn ullmhúchán na ráiteas airgeadais ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a mbeidh tionchar acu ar na méideanna a tuairiscíodh mar shócmhainní agus dliteanais amhail dáta an Ráitis ar an Staid Airgeadais agus na méideanna a tuairiscíodh mar ioncam agus speansais le linn na bliana. Mar sin féin, is é an nádúr atá le meastacháin go bhféadfadh an toradh iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin. Tá an toradh is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

### Oibleagáid sochair scoir

Déantar nuashonrú go bliantúil ar na boinn tuisceana atá mar bhunús ag na luachanna achtúireacha trína gcinntítear na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (ar a n-áirítear rátaí lascaine, rátaí ardaithe i leibhéil cúitimh amach anseo, rátaí báis agus treocht sa ráta costais chúram sláinte) bunaithe ar thosca eacnamaíocha reatha, agus ar aon athrú cuí ar théarmaí agus ar choinníollacha an phinsin agus ar phleananna iar-scoir.

D'fhéadfadh tionchar a bheith acu seo a leanas ar na boinn tuisceana:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta brabúis ar bhannaí ardchaighdeáin corparáideacha.
(ii) leibhéil chúitimh sa todhchaí, tosca mhargadh an lucht oibre sa todhchaí.

## 2 Deontais Stáit

| | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | | €'000 | €'000 |
| **Deontais ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide:** | | | | |
| **(a) Deontas Oireachtais – Deontais ó Vóta na Roinne:** | | | | |
| | Reatha | Fotheideal – E3 | 38,622 | 35,167 |
| | Caipiteal | Fotheideal – E3 | 16,404 | 15,537 |
| | Cláir Eile | Fotheideal – E3 | 1,022 | 776 |
| | **Deontais Iomlána Oireachtais ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide** | | **56,048** | **51,480** |

**Tá an Deontas reatha atá léirithe glan ar ranníocaíochtaí fostaithe sa scéim aonair de €481K (2022: €420K) a íocadh leis an RCPA.**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Deontais ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta:** | | | | |
| **(b) Deontas Oireachtais – Deontais ó Vóta na Roinne:** | | | | |
| | Reatha | Fo-cheannteideal - B3 | 5,901 | 5,358 |
| | Caipiteal | Fo-cheannteideal - B3 | 1,517 | 736 |
| | **Deontais Iomlána Oireachtais ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta** | | **7,418** | **6,094** |
| **Iomlán na nDeontas ón Stát** | | | **63,466** | **57,574** |

Maoiniú Taighde de €12.1M (2022: €10.3M) arna chur ar fáil ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide mar leithdháileadh speisialta chun freastal ar chostas taighde comhshaoil. Caitheadh €13.25M ar na gníomhaíochtaí taighde seo in 2023 (2022: €11.404M). Féach Nóta 15.

## 3 Gníomhaíochtaí Ionad Trádála Astaíochtaí

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Costais an Aonaid Trádála in Astaíochtaí a aisghabhadh ó Chistí Ceantála, etc. | 1,813 | 1,579 |
| Maoiniú Iomlán Chostais an ETU | **1,813** | **1,579** |

## 4 Ioncam ó Ghníomhaíochtaí Raideolaíocha

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Seirbhís Chalabrúcháin | 31 | 26 |
| Seirbhís Mhonatóireachta ar Radaíocht | 182 | 212 |
| Ceadúnú agus Forfheidhmiú Raideolaíoch | 563 | 512 |
| Ilghnéitheach | 16 | 22 |
| Ioncam Iomlán ó Ghníomhaíochtaí Raideolaíocha | **792** | **772** |

## 5 Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe - Ceadúnú maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, Rialú Comhtháite ar Thruailliú, Dramhaíl agus Sceitheadh Fuíolluisce

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Táillí Ceadúnais réamhíoctha amhail an 1 Eanáir | 1,765 | 1,441 |
| Táillí a Fuarthas | 953 | 965 |
| Lúide Aisíocaíochtaí Íoctha | (12) | (42) |
| Táillí Ceadúnais réamhíoctha ar an 31 Nollaig (féach Nóta 22) | (1,940) | (1,765) |
| An tsuim a cuireadh chun sochair don Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus do na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | **766** | **599** |

### Ceadúnú: An Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha (TAT), Cosc Comhtháite ar Thruailliú (CCT) agus Dramhaíl

Faoi Alt 83 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 tá an GCC freagrach as ceadúnú a dhéanamh ar phróisis thionsclaíocha mhóra/chasta nó eile a bhféadfadh truailliú mór tarlú dá mbarr. Faoi Alt 40 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 tá an GCC freagrach as ceadúnú a dhéanamh ar gach mórghníomhaíocht aisghabhála dramhaíola agus diúscartha atá á bhfeidhmiú ag na húdaráis áitiúla agus ag fiontair phríobháideacha.

### Ceadúnú: Scaradh Dramhuisce (WWD)

Déantar foráil sna Rialacháin um Sceitheadh Fuíolluisce (Údarú) 2007 chun sceitheadh fuíolluisce uirbigh a cheadúnú. Ní mór ceadúnas a fháil ón GCC i gcás sceitheadh i gceantair a fhreastalaíonn ar choibhéis daonra de bhreis is 500. Ní mór do cheantair a fhreastalaíonn ar choibhéis daonra de níos lú ná 500 a bheith deimhnithe ag an GCC. Is as táillí a ghearrtar maidir le próiseáil iarratas ar cheadúnais den sórt sin a fhaigheann an GCC a hioncam ceadúnaithe.

## 6 Gníomhaíochtaí Forfheidhmiúcháin - Astaíochtaí Tionsclaíocha, Rialú Comhtháite ar Thruailliú, Dramhaíl, Sceitheadh Fuíolluisce agus Uisce Óil

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Muirir Fhorfheidhmithe ar gearradh sonrasc orthu | 10,310 | 9,591 |
| Ioncam Forfheidhmithe ó Ionchúisimh | 292 | 186 |
| **Ioncam Iomlán ó Ghníomhaíochtaí Forfheidhmithe** | **10,602** | **9,777** |

Faoi Alt 96 d'Acht na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, tá an GCC freagrach as rialú a dhéanamh ar phróisis tionsclaíocha mhóra/chasta nó eile a bhféadfadh mórthruailliú tarlú dá mbarr. Faoi Alt 15 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, tá an GCC freagrach as rialú a dhéanamh ar gach mórghníomhaíocht aisghabhála dramhaíola agus diúscartha a bhíonn ar siúl ag na húdaráis áitiúla agus ag fiontair phríobháideacha. Faoi na Rialacháin um Sceitheadh Fuíolluisce (Údarú) 2007, tá an GCC freagrach as sceitheadh fuíolluisce a rialú. Faoi rialacháin (Uisce Óil) an Aontais Eorpaigh 2014, is féidir leis an GCC táille a ghearradh as monatóireacht a dhéanann sé ar cháilíocht sholáthair uisce óil an phobail. Is as táillí a ghearrtar maidir leis an obair fhorfheidhmithe seo a bhfaigheann an GCC a ioncam forfheidhmithe.

## 7 Fáltais Ilghnéitheacha

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Ilghnéitheach | 628 | 503 |
| | **628** | **503** |

## 8 Luach Saothair

### (a) Sochair Chomhiomlána Fostaí

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Sochair ghearrthéarmacha do bhaill foirne | 29,633 | 27,681 |
| Sochair foirceanta | 0 | 0 |
| Ranníocaíocht an fhostóra le leas sóisialta ÁSPC | 3,129 | 2,680 |
| **Costais Iomlána Tuarastal** | **32,762** | **30,361** |
| Costais Tuarastail Fhorbairt TF caipitlithe | (75) | (74) |
| **Gearrtar Costais Tuarastail ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus ar na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe** | **32,687** | **30,287** |

Áirítear le costas iomlán an tuarastail €32.8M fabhrú de €1,057,000 (2022: €958,000) maidir le teidlíochtaí carntha i dtaca le saoire bhliantúil foirne. Le linn 2023, bhí sé d'aithin go raibh rangú ÁSPC beirt daoine aonair mícheart. Rinne an GCC teagmháil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí chun an fhadhb seo a chur ina cheart. Íocadh €197,957 san iomlán i Márta 2024 agus níor tháinig aon phionóis nó ús chun cinn. €481,000 (2022: €420,000) de ranníocaíochtaí pinsin bhaill na Scéime aonair a rinneadh a bhaint agus a íoc leis An Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Ba é líon iomlán na mball den Scéim Aonair ag deireadh na bliana ná 217 (2022: 184).

Le linn 2023, €1,117,000 de Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (2022: €1,066,000) a asbhaineadh de bhaill foirne agus a íocadh leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

## (b) Anailís foirne de réir láthair:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| Ceanncheathrú | 205 | 183 |
| Cigireacht Réigiúnach Caisleán an Bharraigh | 29 | 27 |
| Cigireacht Réigiúnach Corcaigh | 64 | 57 |
| Cigireacht Réigiúnach Baile Átha Cliath | 138 | 139 |
| Cigireacht Réigiúnach Cill Chainnigh | 22 | 26 |
| Cigireacht Réigiúnach Muineachán | 16 | 16 |
| Oifigí Réigiúnacha | 2 | 6 |
| | **476** | **454** |

Sannfar 44 post ceadaithe eile do láithreacha GCC le linn 2024.

## c) Anailís ar chostais tuarastail foirne níos mó ná €60,000:

| Is iad seo a leanas líon na bhfostaithe ar thit a gcuid sochar fostaí laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000: | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| €60,000 go €70,000 | 106 | 85 |
| €70,000 go €80,000 | 57 | 51 |
| €80,000 go €90,000 | 26 | 42 |
| €90,000 go €100,000 | 29 | 24 |
| €100,000 go €110,000 | 4 | 6 |
| €110,000 go €120,000 | 8 | 5 |
| €120,000 go €130,000 | 2 | 0 |
| €150,000 go €160,000 | 3 | 4 |
| €160,000 go €170,000 | 1 | 1 |
| €180,000 go €190,000 | 0 | 1 |
| €190,000 go €200,000 | 1 | 0 |

Ba é líon iomlán na mball foirne a bhí fostaithe ag deireadh na bliana ná 460.5 (2022: 434.5).

## (d) Sochair Ghearrthéarmacha do Bhaill Foirne

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Pá Bunúsach | 29,571 | 27,609 |
| Ragobair | 0 | 0 |
| Liúntais | 62 | 72 |
| | **29,633** | **27,681** |

## (e) Príomhphearsanra bainistíochta

Is Ard-Stiúrthóir agus cúigear baill den Bhord Stiúrthóirí atá mar phríomhphearsanra bainistíochta ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Is Stiúrthóirí feidhmiúcháin lánaimseartha iad Stiúrthóirí na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Íoctar tuarastal cuimsitheach leo agus dá bharr sin ní íoctar aon táillí Stiúrthóirí ná Boird leo. Tá luach iomlán na sochar fostaí don phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Tuarastal | 886 | 935 |
| Liúntais | 14 | 17 |
| | **900** | **952** |

Ní áirítear leis sin luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse sin. Tá an príomhphearsanra bainistíochta ina mbaill de scéim pinsin foirne na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus ní shíneann a gcuid teidlíochtaí chuige sin thar théarmaí shamhail scéim na bpinsean seirbhíse poiblí.

### (f) Tuarastal agus Sochair an Ard-Stiúrthóra

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| Seo a leanas pacáiste luach saothair an Ard-Stiúrthóra don tréimhse airgeadais: | €'000 | €'000 |
| Tuarastal | **191** | **182** |

Ní áirítear leis sin luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse sin. Tá an tArd-Stiúrthóir ina bhall de scéim pinsin foirne na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (Ard-Stiúrthóir agus Stiúrthóir) agus ní shíneann a theidlíochtaí chuige sin thar théarmaí shamhail an scéim pinsean seirbhíse poiblí.

## 9 Speansais Taistil

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Taisteal agus Cothú | 1,484 | 1,133 |
| Speansais Mhótarfheithiclí | 135 | 128 |
| | **1,619** | **1,261** |

Áirítear leis sin caiteachas taistil an Bhoird Feidhmiúcháin de €80,809 (2022: €76,741).

## 10 Costais Saotharlainne agus Allamuigh

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Speansais Saotharlainne agus Allamuigh | 940 | 1,053 |
| Deisiúcháin ar Threalamh agus Cothabháil | 685 | 689 |
| Éadaí Cosanta | 62 | 43 |
| | **1,687** | **1,785** |

## 11 Costais Chóiríochta

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Cíos agus Rátaí | 690 | 735 |
| Cumhacht, Solas agus Téamh, Glantóireacht | 912 | 889 |
| Deisiúcháin, Cothabháil, Slándáil | 679 | 656 |
| | **2,281** | **2,280** |

## 12 Costais Riaracháin

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Teileafón agus Postas | 496 | 430 |
| Cló Foilseachán agus Soláthairtí Stáiseanóireachta | 459 | 310 |
| Árachas | 228 | 222 |
| Caiteachas TFC | 5,379 | 4,354 |
| Táillí Iniúchóireachta | 29 | 29 |
| Rialachas Corparáideach agus Costais Iniúchóireachta Inmheánaí | 101 | 78 |
| Táillí dlí, comhairle agus costais a bhaineann leo | 1,969 | 1,791 |
| Speansais Cruinnithe, Coiste Sheachtraigh agus Aoi-chainteoirí | 530 | 496 |
| Ceapachán Foirne agus costais ghaolmhara eile | 260 | 229 |
| Ús agus Muirir Bhainc | 13 | 63 |
| Leabhair, Tréimhseacháin, agus Leabharlann | 103 | 95 |
| Costais Forbartha agus Oiliúna Foirne | 475 | 495 |
| Fógraíocht | 89 | 54 |
| Cumarsáid | 1,168 | 1,256 |
| Ilghnéithigh | 243 | 297 |
| | **11,542** | **10,199** |

## 13 Costais Sainchomhairliúcháin

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Sainchomhairleoirí | 421 | 380 |
| | **421** | **380** |

| | | |
|---|---|---|
| Ar na hOifigí GCC a bhain leas as na comhairliúcháin seo, bhí: | €'000 | €'000 |
| An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha | 67 | 35 |
| An Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil | 0 | 7 |
| An Oifig um Fhianaise agus Measúnú | 261 | 232 |
| An Oifig um Chosaint ar Radaíocht agus Monatóireacht Comhshaoil | 67 | 47 |
| Oifig an Ard-Stiúrthóra / Trasoifig | 26 | 59 |
| | **421** | **380** |

## 14 Deontais, Conraitheoirí agus Soláthraithe Seirbhíse Seachtracha

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Conraitheoirí agus Soláthraithe Seirbhísí Seachtracha | 7,956 | 6,873 |
| Deontais | 1,482 | 1,592 |
| | **9,438** | **8,465** |

| | | |
|---|---|---|
| Seo a leanas na hOifigí GCC inar tabhaíodh costais faoin gceannteideal seo: | €'000 | €'000 |
| An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha | 677 | 705 |
| An Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil | 2,028 | 2,989 |
| An Oifig um Fhianaise agus Measúnú | 4,148 | 2,940 |
| An Oifig Forfheidhmithe i leith Cúrsaí Comhshaoil | 665 | 692 |
| An Oifig um Chosaint ar Radaíocht agus Monatóireacht Comhshaoil | 1,920 | 1,139 |
| | **9,438** | **8,465** |

## 15 Taighde Comhshaoil

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| Clár Taighde an EPA | Íocaíochtaí Deontais | 12,123 | 10,320 |
| Clár Taighde an EPA | Aisíocaíochtaí Deontais | (199) | (201) |
| Ioncam Taighde Cómhaoinithe | | (1,350) | (1,029) |
| Íocaíochtaí maidir leis an gClár Taighde | | **10,574** | **9,090** |

Seoladh clár reatha na GCC um thaighde comhshaoil in 2021. Tá sé á chómhaoiniú le meascán de mhaoiniú ón Státchiste agus cómhaoiniú a sholáthraíonn eagraíochtaí maoinithe taighde eile. Tá sé mar aidhm ag Clár Taighde na GCC an eolaíocht agus an nuálaíocht a chur i gceartlár chosaint an chomhshaoil in Éirinn agus feasacht á forbairt agus á haistriú go réamhghníomhach.

| **Cómhaoiniú Taighde** | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| De bhreis ar an maoiniú a chuir an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ar fáil, fuarthas an comh-mhaoiniú seo a leanas: | €'000 | €'000 |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | 364 | 509 |
| Met Éireann/An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta | 245 | 73 |
| An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra | 170 | 19 |
| Agence Nationale de la Recherche | 160 | 0 |
| Foras na Mara | 139 | 108 |
| JPI Climate | 71 | 0 |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 66 | 44 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 36 | 36 |
| Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann | 35 | 113 |
| Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann | 26 | 6 |
| An Roinn Iompair | 17 | 56 |
| Oifig an Rialálaí Pleanála | 0 | 50 |
| Ilghnéitheach / Eile | 21 | 15 |
| **Cómhaoiniú Iomlán** | **1,350** | **1,029** |

Le linn 2023, ba é caiteachas na GCC ar Chláir Taighde ná €13.25M lenar áiríodh Íocaíochtaí Deontais de €12.123M, mar a thaispeántar thuas, agus costais um chur i bhfeidhm agus gníomhaíochta de €1,326K, atá tuairiscithe faoi na cinnteidil chostais seo a leanas: Taisteal, Saotharlann agus Allamuigh, Riarachán agus Conraitheoirí.

Le linn 2022, ba é caiteachas na GCC ar Chláir Taighde ná €11.404M lenar áiríodh Íocaíochtaí Deontais de €10.337M, mar a thaispeántar thuas, agus costais um chur i bhfeidhm agus gníomhaíochta de €1,067K, atá tuairiscithe faoi na ceannteidil costais seo a leanas: Taisteal, Saotharlann agus Allamuigh, Riarachán agus Conraitheoirí.

Tá €493K d'íocaíochtaí deontais breise (2022: €269K) le haghaidh cláir taighde san áireamh san fhigiúr a bhaineann le Deontais i Nóta 14.

Ar an 31 Nollaig 2023, b'ionann na gealltanais a bhí déanta ach nach raibh gearrtha go fóill ar na ráitis airgeadais maidir le Tionscadail taighde agus €34,869K (2022: €28,886K) leis an miondealú seo a leanas:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Gealltanais Deontais le híoc amhail an 1 Eanáir | 28,868 | 24,841 |
| Deontais a Ceadaíodh le linn na bliana | 19,151 | 15,758 |
| Deontais Dídhílsithe le linn na bliana | (932) | (1,328) |
| Íocaíochtaí Deontais a rinneadh sa bhliain | (12,417) | (10,604) |
| Aisíocaíochtaí íocaíochtaí Deontais a fuarthas sa bhliain | 199 | 201 |
| Gealltanais le híoc amhail an 31 Nollaig | **34,869** | **28,868** |

Níl costais feidhmiúcháin na GCC maidir leis na Cláir thaighde san áireamh sna figiúirí seo.

## 16 Dímheas ar Shócmhainní Seasta

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Dímheas Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh (Nóta 19) | 5,614 | 5,552 |
| | **5,614** | **5,552** |

## 17 Cuntas Caipitil

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | | | **37,734** |
| Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais: | | | |
| Ioncam Leithdháilte chun críche Caipitil | - Breiseanna Sócmhainní Seasta | 5,702 | |
| Lúide: | | | |
| Diúscairtí ar chostas | | (1,539) | |
| Lúide dímheas roimhe sin ar dhiúscairtí | | 1,533 | |
| | | (6) | |
| Muirear dímheasa don bhliain | | (5,614) | |
| Aistriú glan (go dtí)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais | | | 82 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | | | **37,816** |

Amhail an 31 Nollaig 2023, cuimsíonn iarmhéid an Chuntais Caipitil €14,175 (2022: €14,175) maidir le réamhíocaíochtaí as sócmhainní seasta (féach Nóta 20 – Infháltais).

## 18 Cánachas

Tá an GCC díolmhaithe go sonrach faoi fhorálacha Alt 32, agus Sceideal 2, den Acht Airgeadais, 1994. Dá réir sin, níl aon mhuirir chánachais curtha san áireamh sna cuntais.

## 19 Sócmhainní Seasta – Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

| | Iomlán | Foirgnimh | Troscán & Feistis | Trealamh TF agus CE | Trealamh Saotharlainne agus Allamuigh | Mótar-fheithiclí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | **98,413** | **45,401** | **6,914** | **31,267** | **13,554** | **1,277** |
| Breiseanna | 5,702 | 1,395 | 340 | 2,770 | 1,197 | 0 |
| Diúscairtí | (1,539) | 0 | (34) | (1,140) | (343) | (22) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **102,576** | **46,796** | **7,220** | **32,897** | **14,408** | **1,255** |
| **Dímheas** | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | **60,673** | **16,956** | **5,310** | **27,270** | **9,976** | **1,161** |
| Muirear don Bhliain | 5,614 | 904 | 673 | 2,759 | 1,224 | 54 |
| Ar Dhiúscairtí | (1,533) | 0 | (32) | (1,136) | (343) | (22) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **64,754** | **17,860** | **5,951** | **28,893** | **10,857** | **1,193** |
| **Glanluach de Réir na Leabhar** | | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | **37,822** | **28,936** | **1,269** | **4,004** | **3,551** | **62** |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | **37,740** | **28,445** | **1,604** | **3,997** | **3,578** | **116** |

Thóg Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) foirgneamh cigireachta réigiúnaí GCC ag Lóiste Seville, Cill Chainnigh ar láithreán a fuarthas don GCC. Tá aistriú dlíthiúil an láithreáin chuig an GCC á phróiseáil ag an OOP trí Oifig an Phríomh Aturnae Stáit.

in 2023, rinne an GCC caipitliú de €2.5M (2022: €2.088M) maidir leis an gcostas seachtrach agus €75K (2022: €74K) maidir le costas an tuarastail inmheánaigh a bhain le forbairt bogearraí ar mhaithe le húsáid inmheánach. Tá sé seo ag teacht lenár bPolasaí Cuntasaíochta maidir le Caipitliú Bogearraí a Forbraíodh go hInmheánach.

## 20 Infháltais

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Féichiúnaithe | 2,011 | 1,707 |
| Réamhíocaíochtaí | 2,119 | 1,962 |
| Réamhíocaíochtaí i leith Sócmhainní Seasta | 14 | 14 |
| | **4,144** | **3,683** |

## 21 Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Airgead Tirim agus Iarmhéideanna Bainc | **8,676** | **8,462** |

## 22 Suimeanna Iníoctha

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin: | €'000 | €'000 |
| Táillí Ceadúnas Réamhíoctha | 1,940 | 1,765 |
| Ioncam Iarchurtha Eile | 376 | 309 |
| Trádáil agus Speansais Eile | 8,350 | 6,835 |
| | **10,666** | **8,909** |
| Tá na suimeanna seo a leanas atá dlite do na Coimisinéirí Ioncaim san áireamh i dTrádáil agus Speansais Eile thuas: | | |
| Cáin Shiarchoinneálach i leith Seirbhísí Gairmiúla | 364 | 381 |
| ÍMAT/ÁSPC/MSU | 926 | 897 |
| CBL | 318 | 317 |
| Cáin Chonarthaí Iomchuí | 9 | 0 |
| | **1,617** | **1,595** |

## 23 Costais Sochair Scoir

### (a) Anailís ar chostais iomlán sochair scoir a ghearrtar ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus ar Chúlchistí Coinnithe Ioncaim

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Costas Seirbhíse Reatha | 6,935 | 11,293 |
| Ús ar dhliteanais scéime sochair scoir | 8,326 | 3,989 |
| Ranníocaíochtaí Fostaí | (1,538) | (1,487) |
| | **13,723** | **13,795** |

### (b) Gluaiseacht sna glanoibleagáidí sochair scoir le linn na bliana airgeadais

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Glanoibleagáid shochair scoir ar 1 Eanáir | 233,839 | 334,807 |
| Costais seirbhíse reatha | 6,935 | 11,293 |
| Costais Úis | 8,326 | 3,989 |
| (Gnóthachan)/Caillteanas Achtúireach | 2,752 | (111,616) |
| Pinsin a íocadh sa bhliain | (4,738) | (4,634) |
| Glanoibleagáid shochair scoir ar 31 Nollaig | **247,114** | **233,839** |

### ( c) Maoiniú Iarchurtha le haghaidh Sochar Scoir

Aithníonn an GCC gur sócmhainní a fhreagraíonn do dhliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh sochair scoir atá sna suimeanna sin ar bhonn na mbonn tuisceana a ndéantar cur síos orthu thíos agus roinnt teagmhas san am atá thart. Ar na himeachtaí seo tá an bonn reachtúil um bunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le maoiniú pinsean na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas bliantúil meastacháin. Níl aon fhianaise ag an GCC nach leanfaidh leis an mbeartas maoinithe sin chun suimeanna den chineál sin a chlúdach i gcomhréir le cleachtas reatha.

Ba é seo a leanas an glanmhaoiniú iarchurtha i gcomhair aoisliúntais a aithníodh sna Cuntais Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Maoiniú In-aisghabhála maidir le costais aoisliúntais na bliana reatha | 15,261 | 15,282 |
| Acmhainní curtha i bhfeidhm chun sochair scoir a íoc | (4,738) | (4,634) |
| | **10,523** | **10,648** |

B'ionann agus €247.1M an tsócmhainn mhaoiniúcháin iarchurtha le haghaidh sochair scoir amhail an 31 Nollaig 2023 (2022: €233.8M).

### (d) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe

| | 2023 | 2022 | 2021 | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | € M | € M | € M | € M | € M |
| Oibleagáidí sochar sainithe | 247 | 234 | 335 | 307 | 280 |
| Gnóthachain / (caillteanais) ó thaithí ar dhliteanais shonraithe scéime sochair: | | | | | |
| Méid (€ M) | 4.182 | (5.489) | 3.143 | 3.606 | 7.264 |
| Céatadán na nDliteanas Scéime | 1.7% | -2.3% | 0.9% | 1.2% | 2.6% |

Is ionann an caillteanas achtúireach carnach a aithnítear sa Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach agus **€90.9M** (2022: **€88.2M**).

### (e) Tuairisc Ghinearálta ar an Scéimeanna

Is socruithe pinsin sochair shainithe bunaithe ar an tuarastal deiridh iad na scéimeanna, ina sainítear na sochair agus na ranníocaíochtaí a bhaineann leo trí thagairt do "samhail" reatha na rialachán i dtaca le scéim na hearnála poiblí. Soláthraíonn na scéimeanna pinsean do na baill foirne (1/80 in aghaidh na bliana seirbhíse), mar aon le haisce nó cnapshuim (3/80 in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí. Is é breithlá 65 bliain Gnáthaois Scoir an chomhalta, agus tá comhaltaí a bhí mar chomhaltaí roimh 2004 i dteideal éirí as gan laghdú achtúireach ó aois 60. Soláthraíonn na scéimeanna do bhaill an Bhoird pinsean (1/48 in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (1/32 in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí. Tá baill an Bhoird i dteideal dul ar scor nuair a thagann deireadh lena gconradh. De ghnáth, tagann méadú ar phinsin atá á n-íoc (agus á n-iarchur) ag teacht leis an mboilsciú tuarastail ghinearálta san earnáil phoiblí.

Tá an luacháil a úsáidtear le haghaidh nochta faoi CTA 102 bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán a rinne achtúire cáilithe neamhspleách amhail an 10 Bealtaine 2024 agus cuireadh ceanglais an CTA san áireamh d'fhonn dliteanais na scéime a mheasúnú amhail 31 Nollaig 2023.

| Seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha: | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| Arduithe tuarastail amach anseo | 3.30% | 3.60% |
| Arduithe sochair scoir amach anseo | 2.80% | 3.60% |
| Arduithe sa phinsean stáit amach anseo | 2.30% | 2.60% |
| Ráta lascaine | 3.15% | 3.60% |
| Boilsciú amach anseo | 2.30% | 2.60% |
| Athluacháil iarchuir | 2.80% | 3.10% |

#### Ionchas Saoil

Mortlaíocht Réamh-Scoir – Fireann: 62% de PNML00, Baineann 70% de PNFL00.

Mortlaíocht Iarscoir – Fireann: 58% ILT15, Baineann 62% de ILT15.

Leis an mbonn básmhaireachta a glacadh, ceadaítear go sainráite forbairtí in ionchas saoil le himeacht ama, a chiallaíonn go mbraithfidh ionchas saoil ar an mbliain ina mbaineann comhalta aois scoir amach. Léirítear sa tábla thíos an t-ionchas saoil a bheidh ag baill a bhainfidh 65 bliain d'aois amach in 2023 agus 2043.

| An bhliain ina slánóidh an duine 65 bliain d'aois | **2023** | **2043** |
|---|---|---|
| Ionchas saoil - fir | 87.1 | 89.3 |
| Ionchas saoil - mná | 89.4 | 91.4 |

## 24 Gealltanais Léasa

Ar an 31 Nollaig 2023, bhí na híocaíochtaí íosléasa seo a leanas, agus iad faoi léasanna oibriúcháin neamhchealaithe, ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil le haghaidh gach ceann de na tréimhsí thíos:

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Iníoctha laistigh de bhliain amháin | 660 | 679 |
| Iníoctha laistigh de dhá go cúig bliana | 1,791 | 1,991 |
| Iníoctha tar éis cúig bliana | 1,225 | 1,511 |

B'ionann luach na n-íocaíochtaí léasa oibriúcháin a aithníodh mar chostas agus €682K (2022: €720K).

## 25 Nochtuithe Páirtithe Gaolmhara

Tá modhanna oibre maidir le teacht ar chinneadh glactha ag an GCC de réir an Achta fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, agus de réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus na rialacháin a ritheadh faoi. Lean an GCC na nósanna imeachta sin i gcaitheamh na bliana.

Ar phríomhphearsanra bainistíochta na GCC tá an tArd-Stiúrthóir agus baill an Bhoird Stiúrthóirí. Íocadh €981K san iomlán leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, lena n-áirítear tuarastail Stiúrthóirí, speansais dhearbhaithe agus luach saothair an Ard-Stiúrthóra (2022: €1,029K).

I ngnáthchúrsaí gnó d'fhéadfadh an Ghníomhaireacht deontais a cheadú agus dul isteach i socruithe conarthacha eile le gnóthais ina bhfuil leas ag Príomhphearsanra Bainistíochta na GCC.

| **Rinneadh na hidirbhearta seo a leanas le páirtithe gaolmhara:** | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| **Ceannach Earraí agus Seirbhísí:** | **€'000** | **€'000** |
| Páirtithe Gaolmhara Eile | 4 | 64 |
| | **4** | **64** |
| | | |
| **Iníoctha le páirtithe gaolmhara:** | **€'000** | **€'000** |
| Páirtithe Gaolmhara Eile | 0 | 13 |
| | **0** | **13** |

Eascraíonn na suimeanna iníoctha ó idirbhearta ceannaigh.

I gcás coimhlintí leasa féideartha, ní bhíonn baill an Bhoird i láthair agus ní ghlacann siad páirt i bplé maidir leis na hábhair sin.

## 26 Figiúirí Comparáideacha

Rinneadh roinnt athruithe ar chur i láthair míreanna sna ráitis airgeadais agus rinneadh na figiúirí inchomparáide a athaicmiú áit ba ghá, ar bhonn atá ar aon dul le cur i láthair na bliana reatha.

## 27 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh Bord na Stiúrthóirí na Ráitis Airgeadais ar an 31 Bealtaine 2024.

Environmental Protection Agency
*An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil*

**Ceanncheathrú**

**Bosca PO 3000,**
**Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin,**
**Contae Loch Garman, Éire**
**T: +353 53 916 0600**
**F: +353 53 916 0699**
**R: info@epa.ie**
**G: www.epa.ie**
**Íosghlao: 1890 33 55 99**

**Cigireacht Réigiúnach**

Teach Mhic Cumascaigh,
Richview, Bóthar Chluain Sceach,
Baile Átha Cliath 14, Éire

T: +353 1 268 0100
F: +353 1 268 0199

**Cigireacht Réigiúnach**

Inis Cara, Co. Chorcaí,
Éire

T: +353 21 487 5540
F: +353 21 487 5545

**Cigireacht Réigiúnach**

Lóiste Sevilla, Bóthar Challainn,
Cill Chainnigh, Éire

T: +353 56 779 6700
F: +353 56 779 6798

**Cigireacht Réigiúnach**

Bóthar Sheáin de Móra, Caisleán an Bharraigh
Co. Mhaigh Eo, Éire

T: +353 94 904 8400
F: +353 94 902 1934

**Cigireacht Réigiúnach**

An Gleann, Muineachán, Éire

T: +353 47 77600
F: +353 47 84987

**Oifigí Réigiúnacha**

An t-Ionad Cathartha,
Sráid na hEaglaise, Baile Átha Luain,
Contae na hIarmhí, Éire
T: +353 906 475722

Clóite ar pháipéar neamhdhíobhálach don chomhshaol